BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra)

23 Iúil 2025 *

(Iomaíocht – Comhaontuithe, cinntí agus cleachtais chomhbheartaithe – Spot-trádáil malairte eachtraí (Forex) in airgeadraí G10 – Cinneadh lena gcinntear go raibh sárú ar Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE – Malartuithe faisnéise – Comhaontuithe nó cleachtais chomhbheartaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí malairte eachtraí G10 – Iomaíocht a shrianadh de réir cuspóra – Sárú aonair leanúnach – Prionsabal an dea-riaracháin – Cearta cosanta – Fíneálacha – Méid bhunúsach – Seachráta le haghaidh luach na ndíolachán – Airteagal 23(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 – Dlínse neamhtheoranta)

I gCás T-84/22,

UBS Group AG, an comharba i dteideal ar Credit Suisse Group AG, atá bunaithe in Zürich (an Eilvéis),

UBS AG, an comharba i dteideal ar Credit Suisse Group AG, atá bunaithe in Zürich,

Credit Suisse Securities (Europe) Ltd, bunaithe i Londain (an Ríocht Aontaithe),

arna ionadú ag R. Wesseling agus F. Brouwer, Dlíodóirí,

iarratasóirí,

v

An Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag A. Boitos, C. Zois agus T. Franchoo, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra),

Agus í comhdhéanta mar seo a leanas: K. Kowalik-Bańczyk, Uachtarán, E. Buttigieg (Rapóirtéir) agus B. Ricziová, Breithiúna,

Cláraitheoir: I. Kurme, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis éisteacht an 7 Márta 2024,

* Teanga an cháis: an Béarla.

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena gcaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann na hiarratasóirí, UBS Group AG, an comharba i dteideal ar Credit Suisse Group AG, UBS AG ('UBS'), an comharba i dteideal ar Credit Suisse AG, agus Credit Suisse Securities (Europe) Ltd, ar thaobh amháin, go gcuirfí Cinneadh C(2021) 8612 final ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2021 maidir le himeacht faoi Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT.40135 – FOREX (Sterling Lads)) ('an cinneadh atá faoi chonspóid') ar neamhní agus, ar an taobh eile, ar laghdú ar mhéid na fíneála a forchuireadh, sa chinneadh sin, go comhpháirteach agus go leithleach ar Credit Suisse Group, Credit Suisse agus Credit Suisse Securities (Europe) (le chéile, 'Credit Suisse').

I. Cúlra na díospóide

A. An nós imeachta as ar eascair an cinneadh atá faoi chonspóid

2 Tionscnaíodh na himeachtaí tar éis iarratas ar mharcóir faoin bhFógra ón gCoimisiún maidir le Díolúine ó fhíneálacha agus laghdú fíneálacha i gcásanna cairtéil (IO 2006 C 298, lch. 17; 'an Fógra Trócaire'), arna chur isteach ag UBS an 27 Meán Fómhair 2013. San iarratas sin, chuir UBS an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi shárú líomhnaithe a bheith ann in earnáil Spot-trádáil malairte eachtraí in airgeadraí G10.

3 Tar éis an iarratais sin, rinne UBS ráitis ó bhéal agus chuir sé fianaise dhoiciméadach ar fáil. An 2 Iúil 2014, dheonaigh an Coimisiún díolúine choinníollach ó fhíneálacha do UBS i gcomhréir le pointe 8(a) den Fhógra Trócaire.

4 An 11 Deireadh Fómhair 2013, an 14 Deireadh Fómhair 2013 agus an 17 Iúil 2015, chuir Barclays plc, Barclays Execution Services Limited agus Barclays Bank PLC (le chéile, 'Barclays'), HSBC Holdings plc agus HSBC Bank plc (le chéile, 'HSBC') agus NatWest Group plc agus NatWest Markets Plc (le chéile, 'RBS') iarratais isteach ar laghdú fíneálacha faoin bhFógra Trócaire. Tar éis na n-iarratas sin, rinne siad ráitis ó bhéal agus chuir siad fianaise dhoiciméadach ar fáil.

5 An 25 Iúil 2014, an 1 Márta 2016 agus an 29 Aibreán 2016, sheol an Coimisiún iarrataí ar fhaisnéis chuig Credit Suisse agus chuig na gnóthais uile dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 thuas.

6 An 27 Deireadh Fómhair 2016, de bhun Airteagal 11(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail [101 agus 102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1), thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú in aghaidh Credit Suisse agus na gnóthais uile dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 thuas, agus d'iarr sé orthu a leas a lua maidir le páirt a ghlacadh i nós imeachta socraíochta de bhun Airteagal 10a de Rialachán (CE) Uimh. 773/2004 ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le himeachtaí a bheith á seoladh ag an gCoimisiún de bhun Airteagail [101 agus 102 CFAE] (IO 2004 L 123, lch. 18), arna leasú.

7 Chinn Credit Suisse agus na gnóthais uile dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 thuas páirt a ghlacadh i nós imeachta socraíochta agus i gcruinnithe leis an gCoimisiún, an 9 Samhain 2016 agus an 7 Feabhra 2018. An 19 Feabhra 2018, chuir Credit Suisse in iúl don Choimisiún go raibh deireadh

á chur aige lena rannpháirtíocht sa nós imeachta sin. Dá bhrí sin, d'fhill an Coimisiún ar an nós imeachta caighdeánach maidir le Credit Suisse faoi phointe 19 dá Fhógra maidir le nósanna imeachta socraíochta a sheoladh i bhfianaise Cinntí a ghlacadh de bhun Airteagal 7 agus Airteagal 23 de Rialachán Uimh. 1/2003 i gcásanna cairtéil (IO 2008 C 167, lch. 1).

8 An 24 Iúil 2018, sheol an Coimisiún Ráiteas Agóidí chuig Credit Suisse mar chuid den nós imeachta caighdeánach. Tar éis rochtain a fháil ar an gcomhad, thíolaic Credit Suisse a bharúlacha i scríbhinn mar fhreagra ar an Ráiteas Agóidí agus chuir sé a thuairimí in iúl ag an éisteacht an 7 Nollaig 2018.

9 An 18 Márta 2021, sheol an Coimisiún Ráiteas Agóidí forlíontach chuig Credit Suisse.

10 Tar éis rochtain a bheith aige ar an gcomhad, chuir Credit Suisse a bharúlacha i scríbhinn isteach mar fhreagra ar an Ráiteas Agóidí forlíontach laistigh den tréimhse fhorordaithe. Tionóladh an dara héisteacht an 8 Meitheamh 2021.

11 An 25 Meitheamh 2021, thug Credit Suisse freagra ar an iarraidh ar fhaisnéis a rinneadh le linn an dara héisteacht.

12 An 2 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún an cinneadh atá faoi chonspóid, a díríodh chuig Credit Suisse amháin.

13 An lá céanna, ghlac an Coimisiún cCinneadh C(2021) 8613 final maidir le himeacht faoi Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT.40135 – FOREX (Sterling Lads)) ('an cinneadh socraíochta'), arb iad seolaithe na bpáirtithe a chomhaontaigh páirt a ghlacadh sa nós imeachta socraíochta agus a rinne togra le haghaidh socraíochta, eadhon Barclays, HSBC, RBS agus UBS.

B. An cinneadh atá faoi chonspóid

1. Táirgí atá i gceist agus an earnáil lena mbaineann

14 Baineann an t-iompar dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid le hearnáil spot-trádáil malairte eachtraí G10, eadhon an euro (EUR), dollar na hAstráile (AUD), dollar Cheanada (CAD), franc na hEilvéise (CHF), krone na Danmhairge (DKK), an punt steirling (GBP), an yen (JPY), krone na hIorua (NOK), dollar na Nua-Shéalainne (NZD), krona na Sualainne (SEK) agus dollar na Stát Aontaithe (USD).

15 Sainmhínítear an cineál trádála dá dtagraítear i mír 14 thuas sa chinneadh atá faoi chonspóid mar chomhaontú idir dhá pháirtí chun dhá airgeadra a mhalartú, eadhon méid áirithe (an 'méid barúlach') airgeadra amháin a cheannach mar mhalairt ar a choibhéis in airgeadra eile ag an luach tráth an chomhaontaithe ('ráta malairte'). Luaitear ráta malairte airgeadra amháin in aghaidh mhéid airgeadra eile ar féidir é a mhalartú ina leith. Dá bhrí sin, déantar airgeadraí a thrádáil i bpéirí i gcónaí agus dá bhrí sin tá luach coibhneasta ag gach ceann acu. Athraíonn rátaí malairte ag brath ar an bhfaisnéis faoina mbunluach. Sa ghearrthéarma, is trí shreafaí ordaithe trádálaithe den chuid is mó a chinntear iad, agus is le bunphrionsabail an mhargaidh a chinntear rátaí malairte níos fadtéarmaí.

16 Ós rud é go ndéantar gníomhaíocht trádála leictreonaí (de réir bhrí trádálacha arna gcur in áirithe nó arna bhforghníomhú go huathoibríoch ag ardáin trádála leictreonaí dílseánaigh an bhainc lena mbaineann nó ag algartaim ríomhaire) a eisiamh ó raon feidhme na hanailíse sa chás seo, ní bhaineann an cinneadh atá faoi chonspóid ach le gníomhaíocht 'trádála ó bhéal'.

17 Tugtar idirbhearta spot-trádáil malairte airgeadraí i gcrích ar an margadh thar an gcuntar, ionas go bhfanfaidh siad díláraithe le hardleibhéal leachtachta agus trádála leanúnaí. Go ginearálta, tionscnaítear na hidirbhearta sin nuair a théann cliaint deiridh i dteagmháil le hinstitiúid airgeadais, eadhon, go háirithe, institiúidí airgeadais, a mheastar a bheith ina gcliaintí eolasacha ós rud é, i bhfianaise scála a gcuid idirbhearta, go bhfuil dreasachtaí láidre acu faisnéis a fháil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar éabhlóid na rátaí malairte. Bhunaigh na hinstitiúidí airgeadais sin oifigí díolacháin shonracha a fheidhmíonn mar chomhéadan idir cliaintí deiridh agus na trádálaithe a úsáideann bróicéirí chun airgeadraí a thrádáil. Féadfaidh cliaintí deiridh teagmháil dhíreach a dhéanamh le trádálaithe freisin.

18 Gníomhaíonn na bainc, a raibh a dtrádálaithe páirteach sna malartuithe lena mbaineann sa chás seo, mar chruthaitheoirí margaidh ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí agus tá siad réidh chun dul i mbun trádála lena gcliaintí tráth ar bith chun leachtacht an mhargaidh a áirithiú.

19 Áirítear, i measc na gcineálacha idirbheart arna dtionscnamh ag cliaintí, go háirithe:

– orduithe láithreacha (lena gceadaítear dul isteach láithreach i dtrádálacha le haghaidh méid áirithe airgeadra bunaithe ar an ráta margaidh atá i réim, a ndéantar a shocrú de ghnáth laistigh de dhá lá ón idirbheart a dhéanamh);

– orduithe coinníollacha (nach socraítear ach amháin má chomhlíontar coinníollacha áirithe margaidh, mar shampla má shroicheann luach airgeadra leibhéal áirithe);

– orduithe atá le forghníomhú ag 'socrú', nár bhain sa chás seo ach le Spotrátaí Am Scoir WM/Reuters agus rátaí tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE) (a ndéantar a shocrú ag ráta tagartha sonrach).

20 Is iondúil go dtairgeann trádálaithe praghsanna dhá threo (praghas tairisceana nó praghas ceannaitheora, agus praghas iarrata nó praghas díoltóra), ag brath ar mhéid an idirbhirt agus ar na hairgeadraí atá á dtrádáil. Braitheann an t-ioncam a ghintear le hidirbhearta malairte eachtraí ar mhéid an airgeadra a mhalartaítear agus ar an difríocht idir praghas tairisceana agus praghas iarrata airgeadra aonair ('an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh'). Is éard atá sa raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh an cúiteamh a fhaigheann an trádálaí as neasacht na seirbhíse a sholáthraítear agus as an riosca a iompraíonn sé ina dhiaidh sin trí mhéid barúlach airgeadra ar leith a bheith ina phunann aige.

21 Tar éis airgeadra amháin a cheannach mar mhalairt ar airgeadra eile, bíonn an trádálaí i 'suíomh fada', sa mhéid is go bhfuil méid barúlach deimhneach d'airgeadra ina phunann aige, go dtí go 'ndúnann sé' an suíomh sin, is é sin le rá, go ndíolann sé an t-airgeadra sin. Tar éis dó airgeadra amháin a dhíol mar mhalairt ar airgeadra eile, bíonn an trádálaí i 'suíomh gearr', sa chiall go bhfuil méid barúlach diúltach airgeadra ina phunann aige, go dtí go 'ndúnann sé' an suíomh sin, is é sin le rá, go gceannaíonn sé an t-airgeadra sin. Dá réir sin, fanann 'suíomh riosca' ar oscailt go dtí go dtarlaíonn a mhalairt de thrádáil. Mar sin féin, mar gheall ar na luaineachtaí tapa i rátaí

malairte ar an margadh, baineann rioscaí do thrádálaithe leis na suíomhanna sin, rud a fhágann, ar an margadh sin, go mbíonn trádálaithe in iomaíocht lena chéile i mbainistiú saineolach na rioscaí a bhaineann leis na suíomhanna sin.

22 Cinneann trádálaithe a straitéis agus, go háirithe, socrú raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, nó fiú praghsanna, i bhfianaise a bpunnan agus na faisnéise atá ar fáil dóibh. Ar thaobh amháin, is léir ón bhfianaise sa chomhad nach mór do chruthaitheoirí margaidh praghsanna a choigeartú go gníomhach i ndáil leis an bhfardal trí phraghsanna a athrú seachas raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh amháin a athrú, agus é mar chuspóir láimhdeachas mear fardail a bhaint amach agus gan suíomhanna suntasacha a charnadh ar thaobh amháin den mhargadh. Ar an taobh eile, tá rochtain ar fhaisnéis faoin margadh tábhachtach do thrádálaithe ina gcinnteoireacht. Go deimhin, bíonn tionchar ag athróga maicreacnamaíocha ar ghluaiseachtaí rátaí malairte san fhadtéarma agus, sa ghearrthéarma, ag sreabhadh orduithe cliaintí nó, i bhfocail eile, ag athróga micreacnamaíocha. A mhéid a bhaineann leis na hathróga deireanacha sin, comhaontaíonn na páirtithe freisin go léiríonn orduithe ó chliaint eolasacha, eadhon institiúidí airgeadais eile, do thrádálaithe an treo inar dócha go bhforbróidh an margadh, rud a spreagann trádálaithe a bhfuil an fhaisnéis sin ina seilbh acu trádáil sa treo céanna leis an gcliant eolasach. I bprionsabal, tá faisnéis maidir le sreafaí orduithe cliant faoi rún.

23 Ina theannta sin, d'fhéadfadh trádálaithe a bheith toilteanach freisin a suíomhanna (riosca oscailte) a chruthú, a chothabháil nó a mhéadú ina bpunann. Tarlaíonn trádáil ar a gcuntas féin nuair a bhíonn trádálaithe ag gabháil go príomha do thrádáil ar airgead na mbanc féin seachas thar ceann a gcliant, agus nuair a fhéachann siad le buntáiste iomaíoch a shaothrú sa mhargadh trí staideanna riosca oscailte a thógáil a chuirfeadh ar a gcumas torthaí iomarcacha a fháil.

24 Ar deireadh, i gcás nach bhfaigheann trádálaithe orduithe isteach ó chliaint deiridh mar chuid dá n-acmhainneacht mar chruthaitheoirí margaidh, is iondúil go mbíonn siad ag trádáil le chéile sa mhargadh 'idirdhéileálaithe' mar a thugtar air, eadhon struchtúr an mhargaidh spot-trádáil malairte eachtraíatá forchoimeádta go heisiach d'institiúidí airgeadais ('déileálaithe'), chun a suíomhanna punainne féin a choigeartú nó chun suíomh a ghlacadh chun críocha a ngníomhaíochtaí trádála ar a gcuntas féin. Sa chás sin, is iad na trádálaithe na contrapháirtithe dá chéile. Is féidir leo cumarsáid a dhéanamh go díreach (go déthaobhach) trí chóras leictreonach de ghnáth. Luaitear praghsanna ar bhonn nach bhfágann ach gur féidir glacadh leis an tairiscint nó diúltú di. Is féidir leo cumarsáid a dhéanamh freisin trí chóras bróicéirí a fhógraíonn na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh is fearr ar scáileáin agus a chuireann faisnéis ar fáil ar a n-ardáin.

2. An t-iompar a líomhnaítear i gcoinne Credit Suisse

25 Sa chinneadh atá faoi chonspóid, thagair an Coimisiún do thrí chineál iompair a tharla i seomra comhrá príobháideach agus iltaobhach ar an idirlíon, eadhon Sterling Lads ('an seomra comhrá atá i gceist'), idir cúig ghnóthas atá gníomhach san earnáil baincéireachta agus airgeadais, eadhon Barclays, Credit Suisse, HSBC, RBS agus UBS. Bhain an t-iompar sin, de réir na dtéarmaí a úsáideadh sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar an gcéad dul síos, le buntuiscint, ar an dara dul síos, le malartuithe faisnéise agus, ar an tríú dul síos, le cásanna de chomhordú ó am go chéile. De réir an chinnidh atá faoi chonspóid, rinneadh an plé sa seomra comhrá sin maidir leis an iompar sin ón 25 Bealtaine 2011 go dtí an 12 Iúil 2012 agus ghlac Credit Suisse páirt sa phlé sa seomra comhrá sin ón 7 Feabhra go dtí an 12 Iúil 2012 ('an tréimhse ábhartha').

26 Sa chéad áit, maidir leis an mbuntuiscint, mheas an Coimisiún gur bhain rannpháirtíocht sa seomra comhrá atá i gceist mar chuid de chiorcal muiníne, ionchais fhrithpháirteacha agus tairbhí frithpháirteacha agus, dá bhrí sin, comhlíonadh sraith rialacha intuigthe, a bhféadfaí achoimre a dhéanamh orthu, go bunúsach, mar seo a leanas: (i) tiocfadh trádálaithe le chéile sa seomra comhrá atá i gceist chun faisnéis a mhalartú i rith an lae; (ii) ní nochtfaí an fhaisnéis a mhalartaítear sa seomra comhrá do thrádálaithe iomaíocha eile; (iii) d'fhéadfaí an fhaisnéis a mhalartaítear a úsáid chun tairbhe na dtrádálaithe rannpháirteacha; agus (iv) níor cheart an fhaisnéis sin a úsáid i gcoinne na ndaoine a chomhroinn í. Bhí an Coimisiún den tuairim gur comhaontú é an t-iompar sin, ar chuir sé síos air mar 'shrian de réir cuspóra' de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE ar an bhforas, go bunúsach, go raibh ionchais réasúnacha *ex ante* i gceist leis a ceapadh chun deireadh a chur leis na héiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis an margadh atá i gceist ar mhaithe le leas frithpháirteach na dtrádálaithe agus, dá bhrí sin, gur léirigh sé méid leordhóthanach díobhála don iomaíocht.

27 Sa dara háit, maidir le malartuithe faisnéise, thagair an Coimisiún do theagmhálacha iomadúla idir trádálaithe na mbanc lena mbaineann. De réir an Choimisiúin, bhain na teagmhálacha sin, ar bhonn fairsing agus athfhillteach, le malartuithe faisnéise reatha nó réamhbhreathnaitheacha atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoina ngníomhaíochtaí trádála, rud a d'fhág go rabhthas in ann na bainc lena mbaineann a chur ar an eolas, agus a gcinntí margaidh á ndéanamh acu, faoi staideanna, rúin agus srianta a n-iomaitheoirí, rud a chuidigh leo ina gcinntí ina dhiaidh sin.h – h

28 Sa chomhthéacs sin, chinn an Coimisiún gurbh é cuspóir ginearálta na malartuithe faisnéise tionchar a imirt ar dhá pharaiméadar fhíor-riachtanacha iomaíochta sa spot-trádáil ar an margadh lena mbaineann – eadhon bainistiú praghsanna agus rioscaí saineolacha – agus ar an gcaoi sin deireadh a chur le héiginnteachtaí bunúsacha an mhargaidh sin. Agus an méid sin á dhéanamh acu, rinne na trádálaithe rannpháirteacha comhar praiticiúil eatarthu a ionadú go feasach le haghaidh na rioscaí a bhaineann le hiomaíocht neamhspleách ar na paraiméadair sin, rud a chuaigh chun dochair do na rannpháirtithe eile sa mhargadh, rud a nochtann leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht. Dá bhrí sin, shainigh sé na malartuithe faisnéise sin mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe a chuireann srian ar iomaíocht 'de réir cuspóra' de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE.

29 Sa tríú háit, a mhéid a bhaineann sé leis na cásanna de chomhordú ó am go chéile, dhearbhaigh an Coimisiún gur chuir na malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de ar chumas na dtrádálaithe a bhí rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist cásanna a shainaithint ina raibh baol ann go gcuirfidís isteach ar leasanna daoine eile, rud a d'éascaigh an fhéidearthacht dóibh a ngníomhaíochtaí a chomhordú ó am go chéile i bhfoirm 'seasamh síos'. Laghdaigh an t-iompar sin an riosca nach mbainfeadh trádálaithe an toradh inmhianaithe amach agus go seachnófaí trádáil ag an am céanna i dtreonna contrártha. Mheas an Coimisiún gurbh ionann an t-iompar sin agus comhaontú agus/nó cleachtas comhbheartaithe, a aicmíodh mar 'shrian de réir cuspóra' de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE ar an bhforas, go bunúsach, gur féidir gnáth-éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis an margadh atá i gceist a laghdú, sa mhéid is go bhféadfadh na gnóthais a bhfuil baint acu leis na fíorais cásanna a shainaithint ina bhféadfadh ceann de na gnóthais sin brabús a dhéanamh nuair a athghnóthaigh na gnóthais eile chun trádála ionas nach gcuirfí isteach ar a straitéis trádála agus, dá bhrí sin, gur léirigh siad leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht.

30 Sa cheathrú háit, chinn an Coimisiún freisin go raibh na trí shrian iomaíochta thuasluaite le chéile mar chuid de shárú leanúnach aonair ar an bhforas gur shaothraigh siad cuspóir coiteann na ngnáth-éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis an margadh spot-trádála malairte eachtraí a

mhaolú chun an riosca a laghdú agus chun na gnóthais atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist ('na gnóthais rannpháirteacha') a chompordú ina gcinntí praghsála agus bainistíochta riosca, ionas nach rachfar in iomaíocht go neamhspleách. Dhearbhaigh an Coimisiún go raibh na cásanna éagsúla iompair dá dtagraítear thuas mar chuid de 'phlean foriomlán' ós rud é gur cuireadh chun feidhme iad de réir an *modus operandi* céanna tríd an seomra comhrá atá i gceist, rud a thugann leanúnachas na rannpháirtíochta le tuiscint.

31 Ar thaobh amháin, mheas an Coimisiún gur léirigh Credit Suisse go raibh sé ar intinn aige rannchuidiú leis an gcuspóir comhchoiteann srian a chur le hiomaíocht sa mhargadh le haghaidh spot-trádáil malairte eachtraí in airgeadraí G10. Ar an taobh eile, mheas sé go raibh Credit Suisse ar an eolas faoin mbuntuiscint agus faoi na malartuithe faisnéise, cé is moite de chásanna de chomhordú ó am go chéile a tharla roimh an tréimhse ábhartha. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ansin go raibh Credit Suisse freagrach as faisnéis a mhalartú atá mar chuid den sárú aonair leanúnach ach níor chinn sé go raibh Credit Suisse faoi dhliteanas, ar thaobh amháin, as an mbuntuiscint agus, ar an taobh eile, as cásanna de chomhordú ó am go chéile.

32 Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid gur sháraigh Credit Suisse Airteagal 101(1) CFAE trí pháirt a ghlacadh, le linn na tréimhse ábhartha, i malartuithe 'faisnéise reatha nó réamhbhreathnaitheacha agus íogair ó thaobh na tráchtála de arb éard atá inti comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe (mar chuid de shárú leanúnach aonair) a bhfuil sé mar chuspóir acu iomaíocht a shrianadh agus/nó a shaobhadh in earnáil spot-trádála malairte airgeadraí G10 lena gcumhdaítear LEE ina iomláine'.

3. Fíneáil

33 Luaigh an Coimisiún gur chinn sé méid na fíneála a forchuireadh ar Credit Suisse i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú arna bhforchur de bhun Airteagal 23(2)(a) de Rialachán Uimh. 1/2003 (IO 2006 C 210, lch. 2; 'na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú').

(a) Méid bunúsach na fíneála

34 Maidir le méid bunúsach na fíneála a chinneadh, i bhfianaise shaintréithe na hearnála spot-trádála malairte eachtraí agus, go háirithe, ós rud é nach ngintear díolacháin le spot-trádáil malairte eachtraí in airgeadraí G10 sa ghnáthchiall den téarma, ríomh an Coimisiún luach dhíolacháin na ngnóthas a ghlac páirt sa sárú atá i gceist trí bhíthin 'seachráta le haghaidh luach na ndíolachán' ('an seachráta').

35 Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún fachtóir tromchúise 16 % san áireamh, ós rud é go raibh an sárú, de bharr a chineáil, i measc na srianta is díobhálaí, agus fad an tsáraithe sin, trí iolraitheoir 0.42 bliana a úsáid.

36 Ar deireadh, tar éis méid breise 16 % de luach na ndíolachán a chur leis, chun rannpháirtíocht i gcleachtais den sórt sin a dhíspreagadh, gan beann ar fhad an tsáraithe, shocraigh an Coimisiún méid bunúsach na fíneála ag EUR 86 765 000.

(b) Méid críochnaitheach na fíneála

37 A mhéid a bhaineann le méid críochnaitheach na fíneála a shocrú, chinn an Coimisiún nach raibh Credit Suisse faoi dhliteanas ach amháin i leith na malartuithe faisnéise ar cuid den sárú aonair leanúnach iad, agus d'asbhain sé 4 % de mhéid bunúsach iomlán na fíneála mar gheall ar imthosca maolaitheacha mar gheall ar easpa dliteanais, ar thaobh Credit Suisse, mar gheall ar (i) an mbuntuiscint, agus, (ii) na cásanna de chomhordú ó am go chéile, ar mhéid 2 % i leith gach ceann de na himthosca sin.

38 Dá bhrí sin, d'fhorchuir an Coimisiún, in Airteagal 2(a) den chinneadh atá faoi chonspóid, fíneáil EUR 83 294 000 ar Credit Suisse.

II. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe

39 Iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta:

– an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– mar mhalairt ar sin, Airteagal 1 den Chinneadh a chur ar neamhní i bpáirt de bhun Airteagal 263 CFAE agus an fhíneáil a fhorchuirtear in Airteagal 2 den Chinneadh de bhun Airteagal 261 CFAE a laghdú;

– i gcás ar bith, méid na fíneála a fhorchuirtear in Airteagal 2 den Chinneadh a laghdú de bhun Airteagal 261 CFAE;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc nó, mar mhalairt air sin, sciar iomchuí dá gcostais a íoc.

40 Iarrann an Coimisiún ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean ina hiomláine a dhíbhe;

– a ordú do na hiarratasóirí na costais a íoc.

III. An dlí lena mbaineann

41 Mar thaca lena gcaingean, maíonn na hiarratasóirí cúig shaincheist dlí. Leis an gcéad trí shaincheist, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101 CFAE agus sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua, agus leis an gcúigiú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin agus ar chearta na cosanta, féachtar, go bunúsach, le hagóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh an Choimisiúin in Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid gur sháraigh Credit Suisse Airteagal 101 CFAE. Leis an gceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear sárú ar Airteagal 23 de Rialachán Uimh. 1/2003, ar na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, ar phrionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne agus ar an oibleagáid cúiseanna a lua, féachtar le hagóid a dhéanamh i gcoinne na fíneála a fhorchur an Coimisiún ar Credit Suisse in Airteagal 2 den chinneadh atá faoi chonspóid.

A. Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101 CFAE agus mainneachtain cúiseanna leordhóthanacha a lua maidir le haicmiú malartuithe faisnéise ar líne mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha

42 Lena gcéad saincheist dlí, maíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, nach ionann na malartuithe faisnéise a rinneadh idir na trádálaithe sa seomra comhrá atá i gceist agus comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha, gan beann ar cé acu a mheastar iad ina n-aonar nó i gcomhar leis an mbuntuiscint. Tá dhá chuid sa chéad saincheist dlí.

43 Sa chéad chuid dá gcéad saincheist dlí, maíonn na hiarratasóirí gur theip ar an gCoimisiún a chruthú gurbh ann do buntuiscint agus, dá bhrí sin, gurb ionann na malartuithe faisnéise ar líne agus comhaontú agus/nó cleachtas comhbheartaithe frithiomaíoch.

44 Sa dara cuid dá gcéad saincheist dlí, maíonn siad gur theip ar an gCoimisiún an fhianaise ba ghá a thabhairt ar aird chun a shuí gur comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe neamhspleácha iad na malartuithe faisnéise ar líne.

(a) Réamhbharúlacha

45 Ba cheart a mheabhrú nach mór critéir an chomhordaithe agus an chomhair ar cleachtas comhbheartaithe iad a thuiscint i bhfianaise an choincheapa is gné dhílis d'fhorálacha CFAE a bhaineann le hiomaíocht, ar dá réir nach mór do gach oibreoir eacnamaíoch an beartas a bheartaíonn sé a ghlacadh sa mhargadh inmheánach a chinneadh go neamhspleách (féach breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe* v *an Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 119 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Cé nach gcuirtear bac leis an gceanglas neamhspleáchais sin ar an gceart atá ag oibreoirí eacnamaíocha iad féin a chur in oiriúint go stuama d'iompar a n-iomaitheoirí, cuireann sé cosc docht, mar sin féin, ar aon teagmháil dhíreach nó indíreach idir oibreoirí den sórt sin trína bhféadfadh gnóthas tionchar a imirt ar iompar a iomaitheoirí iarbhír nó ionchasacha ar an margadh nó a chinntí nó a rúin maidir lena iompar féin ar an margadh a nochtadh dóibh i gcás inarb é cuspóir nó éifeacht na teagmhála sin dálaí iomaíochta a chruthú nach bhfreagraíonn do ghnáthchoinníollacha an mhargaidh atá i gceist, ag féachaint do chineál na dtáirgí nó na seirbhísí a thairgtear, do mhéid agus líon na ngnóthas lena mbaineann agus do mhéid an mhargaidh sin (féach breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe* v *an Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 120 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais go bhféadfadh an malartú faisnéise idir iomaitheoirí a bheith ar neamhréir leis na rialacha iomaíochta dá laghdódh nó dá gcuirfeadh sé deireadh leis an méid éiginnteachta maidir le hoibriú an mhargaidh atá i gceist, rud a d'fhágfadh go mbeadh srian ar an iomaíocht idir gnóthais (féach breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe* v *an Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 121 agus an cásdlí dá dtagraítear).

(b) An chéad chuid den chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur theip ar an gCoimisiún a chruthú go raibh buntuiscint ann agus, dá bhrí sin, gur comhaontú agus/nó cleachtas comhbheartaithe frithiomaíoch atá sna malartuithe faisnéise ar líne

48 Rinne na hiarratasóirí trí ghearán. Lena gcéad ghearán, áitíonn siad go bhfuil an cinneadh atá faoi chonspóid bunaithe ar an mbonn gur réamhriachtanas í an bhuntuiscint chun malartuithe faisnéise a aicmiú mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE. Leis an dara gearán, maíonn siad gur theip ar an gCoimisiún a chruthú gur malartaíodh faisnéis sa seomra comhrá atá i gceist de bhun na tuisceana sin. Mar thaca leis an ngearán sin, cuireann siad i gcoinne léiriú an Choimisiúin ar an bhfianaise chomhaimseartha, eadhon plé ar líne idir trádálaithe, agus áitíonn siad nach gcruthaíonn na pléití sin, ná na haighneachtaí socraíochta, ná na comharthaí comhthráthacha gurb ann don bhuntuiscint sin. Leis an tríú gearán, áitíonn siad nach féidir leis an gCoimisiún an bhuntuiscint a eisiamh ó athbhreithniú breithiúnach ar an bhforas nach raibh Credit Suisse faoi dhliteanas as an tuiscint sin, ós rud é gur gné riachtanach é sin d'argóint an Choimisiúin i gcoinne Credit Suisse.

49 Maidir leis an gcéad ghearán a ardaíodh ag na hiarratasóirí, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ó léamh foriomlán an chinnidh atá faoi chonspóid agus, go háirithe, ó aithrisí 337 go 341, 344, 345 agus 347 go 349, arna léamh i gcomhar le haithrisí 394 go 405 agus 411 go 417, go ndearna an Coimisiún aicmithe dlíthiúla ar leithligh, ar thaobh amháin, den buntuiscint mar chomhaontú lena gcuirtear srian ar iomaíocht agus, ar an taobh eile, na malartuithe faisnéise mar chomhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe lena gcuirtear srian ar an iomaíocht. In aithrisí 487, 489 agus 491 go 499 den chinneadh sin, aicmíodh an dá chás iompair sin freisin mar chomheilimintí ar leithligh den sárú aonair agus leanúnach (féach míreanna 26 go 31 thuas). Ba cheart a mheabhrú ina dhiaidh sin nach raibh Credit Suisse faoi dhliteanas ach amháin i leith an tsáraithe lena gcuimsítear an t-iompar a bhaineann le malartuithe faisnéise.

50 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, cé gur i seomra comhrá ar líne a rinneadh na malartuithe faisnéise a bhaineann le Credit Suisse, nach féidir an nasc sin leis an ngné sin den bhuntuiscint a bheith comhionann le réamhchoinníoll a bheith ann, ar a mbraitheann na hiarratasóirí, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar aicmiú dlíthiúil ar leithligh an buntuiscint agus na malartuithe faisnéise.

51 Go sonrach, mar is léir ó aithrisí 337 go 341 den chinneadh atá faoi chonspóid, níl aicmiú dlíthiúil an Choimisiúin, sa chinneadh sin, maidir le malartuithe faisnéise mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha bunaithe ar rialacha na buntuisceana ná ar ghlacadh intuigthe na rialacha sin ag na trádálaithe atá rannpháirteach sna malartuithe faisnéise sin ('na trádálaithe atá i gceist'). Murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, ní féidir, dá bhrí sin, an cinneadh atá faoi chonspóid a léiriú mar réamhchoinníoll chun an buntuiscint a aicmiú mar mhalartuithe faisnéise.

52 Ní féidir an chonclúid sin a chur ó bhail le hinneachar aithrisí 346 agus 369 go 371 den chinneadh atá faoi chonspóid, arna lua ag na hiarratasóirí mar thaca lena n-argóintí.

53 I ndáil leis sin, ar thaobh amháin, maidir le haithris 346 den chinneadh atá faoi chonspóid, a bhaineann le sainaicmiú na buntuisceana mar chomhaontú, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbunaítear leis an tuiscint sin, go bunúsach, gur chuir na malartuithe faisnéise ar chumas na

dtrádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist athbhreithniú a dhéanamh ar aon athrú ó na rialacha. Mar sin féin, ní dhéantar aon tagairt ann don aicmiú dlíthiúil a glacadh sa chinneadh sin maidir le malartuithe faisnéise.

54 Ar an taobh eile, is léir ó aithrisí 369 go 371 den chinneadh atá faoi chonspóid, arb é an t-aon chuspóir atá leo freagra a thabhairt ar argóintí Credit Suisse a cuireadh chun cinn le linn an nós imeachta riaracháin, gur bhunaigh an Coimisiún an tuiscint sin ar fhianaise indíreach, eadhon malartuithe faisnéise, a mhéid is gurb ionann an buntuiscint agus 'réamhleagan loighciúil' ar na malartuithe sin. Dá bhrí sin, ní mór an tagairt don 'réamhleagan loighciúil' a thuiscint mar thagairt a úsáidtear chun a léiriú gurb ann dó sa chás seo. Dá bhrí sin, ós rud é gur féidir a thuiscint gurb ann don bhuntuiscint ó na malartuithe faisnéise, ní mór a thuiscint freisin go bhfuiltear ag iarraidh a chruthú gur ann di, gan díobháil d'aicmithe dlíthiúla ar leithligh na malartuithe faisnéise, ar thaobh amháin, agus don bhuntuiscint, ar an taobh eile.

55 Thairis sin, murab ionann agus argóintí na n-iarratasóirí, níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún míniú a thabhairt sa chinneadh atá faoi chonspóid ar na cúiseanna ar mhalartaigh Credit Suisse faisnéis ar bhealach éagsúil leis na bainc eile a raibh baint acu leis na fíorais a ndearnadh gearán ina leith, i gcomparáid leis na breithnithe a leagtar amach sa chinneadh socraíochta.

56 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú gur nósanna imeachta ar leithligh iad an nós imeachta socraíochta agus an gnáthnós imeachta riaracháin. Dá bhrí sin, nuair a glacadh an cinneadh maidir le Credit Suisse tar éis an gnáthnós imeachta riaracháin, ar thaobh amháin, bhí an Coimisiún faoi cheangal ag an Ráiteas Agóidí amháin agus, ar an taobh eile, ceanglaíodh air, i gcomhréir le prionsabal *audi alteram partem*, na himthosca lena mbaineann go léir a chur san áireamh, lena n-áirítear an fhaisnéis agus na hargóintí go léir a chuir Credit Suisse chun cinn le linn fheidhmiú a chirt chun éisteacht a fháil, agus mar thoradh air sin, ceanglaíodh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad i bhfianaise na n-eilimintí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Bealtaine 2015, *Timab Industries agus CFPR* v *an Coimisiún*, T-456/10, EU:T:2015:296, míreanna 90, 96 agus 107).

57 Maidir le glacadh an chinnidh atá faoi chonspóid maidir le Credit Suisse tar éis an ghnáthnós imeachta riaracháin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur léir ón Ráiteas Agóidí, arna fhorlíonadh leis an Ráiteas Agóidí forlíontach, go ndearna an Coimisiún an bhuntuiscint agus na malartuithe faisnéise a aicmiú ar leithligh mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha agus nár ardaigh Credit Suisse aon agóid ina leith sin le linn an nós imeachta riaracháin. Dá bhrí sin, níor ceanglaíodh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhad i ndáil leis na haicmithe dlíthiúla sin.

58 Leanann sé ón méid sin roimhe seo, i bhfianaise aicmiú dlíthiúil ar leithligh na malartuithe faisnéise, ar thaobh amháin, agus an bhuntuiscint, ar an taobh eile, nach raibh Credit Suisse faoi dhliteanas ina leith (féach mír 32 thuas), ní gá scrúdú a dhéanamh ar an dara agus ar an tríú gearán sa chéad chuid den chéad saincheist dlí, atá bunaithe ar an mbonn mícheart go bhfuil an bhuntuiscint, sa chinneadh atá faoi chonspóid, ina réamhchoinníoll chun malartuithe faisnéise a aicmiú mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE.

59 Ní mór, mar sin, an chéad chuid den chéad saincheist dlí a dhiúltú.

60 É sin ráite, a mhéid a bhraitheann na hiarratasóirí, sa dara cuid den chéad saincheist dlí, ar an éileamh nach bhfuil na malartuithe faisnéise frithiomaíoch, agus go bhfuil siad neamhspleách ar an mbuntuiscint, a mbaineann a n-anailís le hábhar agus léiriú na malartuithe sin a scrúdú, ní féidir leis an bhfíric go gcuirtear agóidí na n-iarratasóirí maidir le raon feidhme agus léiriú na fianaise comhaimseartha i láthair i gcomhthéacs a n-argóintí bunaithe ar an mbuntuiscint, a chuirtear chun cinn mar thaca leis an gcéad chuid den chéad saincheist dlí, díobháil a dhéanamh d'anailís na Cúirte orthu, i gcomhthéacs an dara cuid den saincheist sin, d'fhonn fiúntais agóidí na n-iarratasóirí i gcoinne aicmiú na malartuithe faisnéise mar chomhaontuithe neamhspleácha nó mar chleachtais chomhbheartaithe a chinneadh.

(c) An dara cuid den chéad saincheist dlí, lena n-éilítear easpa fianaise lena suitear gur comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe neamhspleácha a bhí sna malartuithe faisnéise ar líne

61 Tá an dara cuid sin roinnte, go bunúsach, ina trí ghearán. Lena gcéad ghearán, cáineann na hiarratasóirí léiriú an Choimisiúin ar fhianaise chomhaimseartha áirithe, eadhon pléití áirithe ar líne, ar ar bhraith sé chun teacht ar an gconclúid gur comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe iad na malartuithe faisnéise ar líne, ag áitiú, *inter alia*, nach bhfuil na pléití sin íogair ó thaobh na tráchtála de. Leis an dara gearán, áitíonn na hiarratasóirí nach féidir na malartuithe faisnéise ar líne a aicmiú mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha trína áitiú, go bunúsach, nach leor cineál íogair na faisnéise sin ó thaobh na tráchtála de agus laghdú na héiginnteachta i measc iomaitheoirí a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh uirthi chun críocha aicmiú den sórt sin. Leis an tríú gearán, áitíonn siad go ndearna an Coimisiún earráid dlí agus é ag teacht ar an gconclúid nach raibh an míniú dlisteanach ar na malartuithe faisnéise atá i gceist arna soláthar ag Credit Suisse lena mbaineann.

62 Sa chinneadh atá faoi chonspóid, rinne an Coimisiún ábhar níos mó ná 100 plé a chur i láthair agus a léiriú. Dá réir sin, roinneadh na malartuithe faisnéise a ndearnadh anailís orthu sa chinneadh sin ina gceithre chatagóir ar bhonn na n-ábhar a pléadh, eadhon (i) raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh (aithrisí 245 go 251), (ii) orduithe ó chustaiméirí (aithrisí 183 go 228), (iii) suíomhanna riosca oscailte (aithrisí 234 go 238) agus (iv) gníomhaíocht trádála reatha nó phleanáilte (aithrisí 258 go 285). Chinn an Coimisiún, go bunúsach, gur bhain na malartuithe sin go léir le faisnéis reatha nó réamhbhreathnaitheach atá íogair ó thaobh na tráchtála de faoi ghníomhaíochtaí trádála na dtrádálaithe lena mbaineann, rud a chuir ar chumas na mbanc lena mbaineann a bheith curtha ar an eolas faoi suíomhanna, rúin agus srianta a n-iomaitheoirí, rud a chuidigh leis na bainc sin ina gcinntí ina dhiaidh sin. Ar bhonn na hanailíse sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithrisí 337 go 341 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur cleachtas comhbheartaithe frithiomaíoch a bhí sna malartuithe faisnéise sin de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE.

63 Ba cheart an chéad dá ghearán a scrúdú le chéile.

(1) An chéad ghearán, lena líomhnaítear míthuiscint ar fhianaise chomhaimseartha áirithe ag an gCoimisiún agus an dara gearán, lena líomhnaítear nach comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha iad na malartuithe faisnéise ar líne

(i) Inghlacthacht argóintí áirithe agus fianaise áirithe arna gcur chun cinn ag na hiarratasóirí

64 Cuireann an Coimisiún i gcoinne inghlacthacht, ar thaobh amháin, argóintí na n-iarratasóirí maidir le míthuiscint a bhaint as malartuithe áirithe faisnéise agus Iarscríbhinn A.8 a ghabhann leis an iarratas ar a bhfuil an argóint sin bunaithe agus, ar an taobh eile, an argóint maidir le cineál neamhsháraitheach na malartuithe faisnéise, Iarscríbhinn A.9 a ghabhann leis an iarratas agus Iarscríbhinní C.2 agus C.3 a ghabhann leis an bhfreagra, ar a bhfuil an argóint sin bunaithe.

65 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 21 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 76(d) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, go gceanglaítear ar gach iarratas ábhar na n-imeachtaí a lua agus achoimre ar na saincheisteanna dlí ar a bhfuil an t-iarratas bunaithe. De réir cásdlí socair, ní mór an ráiteas sin a bheith soiléir agus beacht go leor chun a chur ar chumas an chosantóra a chosaint a ullmhú agus chun go bhféadfaidh an Chúirt rialú a thabhairt ar an gcaingean (féach breithiúnas an 7 Márta 2017, *United Parcel Service* v *an Coimisiún*, T-194/13, EU:T:2017:144, mír 191).

66 Ba cheart a mheabhrú freisin gur gá, go háirithe, go mbeadh caingean os comhair na Cúirte Ginearálta inghlactha, go ndéanfaí na bunábhair dlí agus fíorais a bhfuil an t-iarratasóir ag brath orthu a léiriú, i bhfoirm achomair ar a laghad, go comhleanúnach agus go hintuigthe san iarratas féin. Cé gur féidir tacú le corp an iarratais agus é a fhorlíonadh ar phointí sonracha le tagairtí do shleachta ó dhoiciméid atá i gceangal leis, ní leor tagairt ghinearálta do dhoiciméid eile, fiú iad siúd atá i gceangal leis an iarratas, a bheith ann in éagmais na n-argóintí bunúsacha sa dlí nach mór, i gcomhréir leis na forálacha dá dtagraítear i mír 65 den bhreithiúnas seo, a bheith san iarratas (féach breithiúnas an 7 Márta 2017, *United Parcel Service* v *an Coimisiún*, T-194/13, EU:T:2017:144, mír 192 agus an cásdlí dá dtagraítear).

67 Dá bhrí sin, ní féidir na hiarscríbhinní a chur san áireamh ach amháin a mhéid a thacaíonn nó a fhorlíonann siad pléadálacha dlí nó argóintí a bhfuil an t-iarratasóir ag brath go sainráite orthu i gcorp a phléadálacha agus a mhéid is féidir a chinneadh go beacht cé na heilimintí ina bhfuil na pléadálacha nó na hargóintí sin mar thaca leo nó mar fhorlíonadh orthu (féach breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2015, *Samsung SDI agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-84/13, nár foilsíodh, EU:T:2015:611, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear). Thairis sin, ní faoin gCúirt Ghinearálta atá sé na pléadálacha agus na hargóintí ar a bhféadfaidh sí a mheas go bhfuil an chaingean bunaithe a lorg agus a shainaithint sna hiarscríbhinní, ós rud é nach bhfuil ach feidhm fhianaiseach agus ionstraimeach ag na hiarscríbhinní (féach breithiúnas an 17 Meán Fómhair 2007, *Microsoft* v *an Coimisiún*, T-201/04, EU:T:2007:289, mír 94 agus an cásdlí dá dtagraítear).

68 Sa chéad áit, maidir le hinghlacthacht argóinte na n-iarratasóirí, arna gconspóid go bunúsach ag an gCoimisiún, maidir le míthuiscint a bhaint as malartuithe áirithe faisnéise a ndearnadh anailís orthu sa chinneadh atá faoi chonspóid, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar is léir ón iarratas, mar thaca lena n-argóint ‘go leanann an Coimisiún de mhíthuiscint a bhaint as béarlagair na n-idirbheart agus feidhmiú margadh spot-trádála malairte eachtraí, go dtagraíonn na hiarratasóirí d’Iarscríbhinn A.8 a ghabhann leis an iarratas, ar tuarascáil shaineolach í ó iarchathaoirleach Rannán Idirbhainc an Choiste Dhomhanda Malairte Airgeadraí Eachtracha, agus luann siad trí shampla den tuarascáil sin chun a n-argóint a léiriú.

69 Ag céim an fhreagra, mar fhreagra ar argóintí an Choimisiúin maidir le do-ghlacthacht, athdhearbhaíonn na hiarratasóirí an argóint thuasluaite agus cuireann siad leis ina dhiaidh sin go léirítear in Iarscríbhinn A.8 freisin, ar thaobh amháin, 'nach féidir plean foriomlán frithiomaíoch nó cuspóir chun iomaíocht a shrianadh a thuiscint go héasca nó go díreach ón "bhfianaise dhoiciméadach"' agus, ar an taobh eile, gur thuig an Coimisiún, ar bhonn a léirithe amháin, 'gurb ann don bhuntuiscint'. Arís ag céim an fhreagra, áitíonn siad nach raibh an Coimisiún in ann idirdhealú a dhéanamh idir orduithe a bhí ann roimhe sin agus orduithe a bheidh ann amach anseo, 'fachtóir[...] atá le cur san áireamh toisc go gcaitheann sé amhras ar dhícheall agus stóinseacht imscrúdú an Choimisiúin'. Ar deireadh, braitheann na hiarratasóirí ar ábharthacht agus ar chineál sonrach a n-argóintí trí thagairt a dhéanamh do mhíreanna 18, 69 agus 78 den iarratas. Baineann na míreanna sin le cineál líomhnaithe na malartuithe faisnéise ar son na hiomaíochta – mar a aithníodh, áitítear, sna hiarratais ar thrócaire (mír 18) – míléiriú nó míthuiscint an Choimisiúin maidir le béarlagair trádála agus feidhmiú an margadh spot-trádála malairte eachtraí (mír 69) agus, go bunúsach, na ceithre riail den bhuntuiscint (mír 78).

70 Ag an éisteacht, mar fhreagra ar an gceist a chuir an Chúirt Ghinearálta, chloígh na hiarratasóirí lena seasamh go bhfuil a n-argóintí leagtha amach go soiléir agus go sonrach ina bpléadálacha.

71 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndearna na hiarratasóirí argóint, mar a leagtar amach i míreanna 68 agus 69 den bhreithiúnas seo, atá teoranta do ráitis ghinearálta agus gan bhunús a ndéantar tagairt dóibh go minic in abairt amháin nó in dhá abairt agus nach bhfuil ach faoi réir tagairt ghinearálta d'Iarscríbhinn A.8, gan léiriú comhleanúnach agus intuigthe a thabhairt ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an argóint sin agus ag an tuarascáil shaineolach ar a bhfuil sí bunaithe ar bhailíocht thorthaí an Choimisiúin a leagtar amach sa chinneadh atá faoi chonspóid. Sna himthosca sin, ní mór a mheas nach gcomhlíonann an argóint sin na ceanglais dá dtagraítear i míreanna 65 go 67 den bhreithiúnas seo.

72 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí a thagraíonn d'Iarscríbhinn A.8 agus a bhaineann, go bunúsach, le míthuiscint ar mhalartuithe áirithe faisnéise a ndearnadh anailís orthu sa chinneadh atá faoi chonspóid toisc iad a bheith do-ghlactha agus, i bhfianaise na tagartha ginearálta don Iarscríbhinn sin, níor cheart an Iarscríbhinn sin a chur san áireamh.

73 Sa dara háit, maidir le hinghlacthacht na hargóinte nach raibh na malartuithe faisnéise frithiomaíoch, atá bunaithe ar thagairt d'Iarscríbhinn A.9 a ghabhann leis an iarratas agus d'Iarscríbhinní C.2 agus C.3 a ghabhann leis an bhfreagra, ba cheart a mheas, murab ionann agus an méid a áitíonn an Coimisiún, nach mór a mheas go bhfuil an argóint sin soiléir agus beacht go leor. Go deimhin, is léir ó phléadálacha i scríbhinn na n-iarratasóirí os comhair na Cúirte Ginearálta, cé nach bhfuil iontu ach go hachomair, trí na malartuithe faisnéise a chatagóiriú, a roinn siad ina (i) pléití ginearálta nach féidir a mheas mar phléití 'íogaire ó thaobh na tráchtála de' ar an margadh trádála malairte eachtraí, (ii) (níos mó) pléití sonracha nó réamhbhreathnaitheacha a dhéileálann le méideanna trádála réasúnta íseal agus nach bhféadfadh faisnéis ábhartha a sholáthar maidir leis na hathruithe líomhnaithe ar rátaí malairte a bhfuiltear ag súil leo agus (iii) pléití a bhaineann le méideanna trádála níos mó ach a bhféadfadh cuspóir frithiomaíoch hipitéiseach aonair a bheith acu, is é sin trádálaí is faighteoir a úsáideann an plé chun iarracht a dhéanamh brabús a dhéanamh os comhair an trádálaí a roinn an fhaisnéis sin, féachann na hiarratasóirí le cinneadh an Choimisiúin a dhíospóid go raibh na malartuithe faisnéise ar líne frithiomaíoch i bhfianaise a n-ábhair, a n-aidhme nó a gcumais iomaíocht a 'dhíobháil'. Dá bhrí sin, ní mór a mheas, dá bhrí sin, go bhfuil an argóint sin arna cur chun cinn ag na hiarratasóirí i gcomhréir le ceanglais an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 65 agus 66 den bhreithiúnas seo, agus, dá bhrí sin, tá sé inghlactha.

74 Ina theannta sin, i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i mír 67 den bhreithiúnas seo, ní chuirtear san áireamh iad ach amháin a mhéid a thacaíonn nó a fhorlíonann Iarscríbhinní A.9, C.2 agus C.3 na hargóintí a leag na hiarratasóirí amach go sainráite ina bpléadálacha.

(ii) Cineál frithiomaíoch an phlé ar chuir na hiarratasóirí ina choinne go sonrach

75 Cuireann na hiarratasóirí go sonrach in aghaidh léiriú an Choimisiúin ar an bplé a d'aicmigh siad sa chéad chatagóir (féach mír 73 thuas), eadhon pléití an 14 Meitheamh, an 5 Lúnasa agus an 4 Deireadh Fómhair 2011; an 7 Feabhra agus an 1 Meitheamh 2012; an 14 Bealtaine 2012; an 11 Aibreán 2012; an 13 Aibreán 2012; an 9 Bealtaine 2012; an 5 Meitheamh 2012; an 25 Aibreán 2012; an 10 Feabhra 2012; agus an 25 Aibreán, an 19 Meitheamh agus an 3 agus an 4 Iúil 2012, ar an bhforas gur 'faisnéis mhargaidh' seachas faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de í an fhaisnéis a mhalartaítear le linn na bpléití sin, agus nach faisnéis fhrithiomaíoch í.

160 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, go deimhin, nach mbaineann an fhaisnéis a chomhroinntear leis na méideanna ná leis na rátaí malairte is infheidhme maidir leis na hidirbhearta sin. Mar sin féin, is amhlaidh fós nach féidir faisnéis den chineál rúnda sin a mheas,

murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, mar fhaisnéis ghinearálta agus anaithnidithe. Cuireann siad na trádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí trádála airgeadraí sonracha na dtrádálaithe sin de réir na gcineálacha cliant atá sonrach freisin maidir le cé acu atá siad eolasach nó nach bhfuil, agus nach bhfuil ar eolas, i bprionsabal, ach ag na trádálaithe a bhfuil baint acu le hidirbhearta den sórt sin.

161 Ina theannta sin, léiríonn an cheist a chuir trádálaí Barclays a úsáidí atá sé an fhaisnéis sin a chomhroinnt idir na trádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist chun buntáiste a thabhairt dóibh thar rannpháirtithe eile sa mhargadh nach raibh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin. Sna himthosca sin, mar a mheas an Coimisiún, dá gcuirfí an fhaisnéis sin ar fáil do na trádálaithe, d'fhéadfaí a chur ar a gcumas dóibh, gairmithe sa réimse, a leibhéal muiníne a mhéadú i dtreo féideartha phraghas margaidh na bpéirí airgeadraí a pléadh, rud a chuirfeadh ar a gcumas cinntí níos eolasaí a dhéanamh maidir lena straitéisí trádála.

162 Dá réir sin, bhí sé de cheart ag an gCoimisiún a chinneadh gur bhain pléití an 25 Aibreán, an 19 Meitheamh agus an 3 agus an 4 Iúil 2012 le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de sa chaoi gur cuireadh le cineál frithiomaíoch na malartuithe faisnéise a rinneadh sa seomra comhrá atá i gceist.

– *Conclúidí maidir leis na pléití ar chuir na hiarratasóirí ina gcoinne go sonrach*

163 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí nach raibh na malartuithe faisnéise frithiomaíoch agus nach leor an fhianaise chomhaimseartha chun a chruthú go raibh siad frithiomaíoch, a mhéid atá na hargóintí sin dírithe ar phléití sonracha a thagann faoin gcéad chatagóir dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas seo, cé is moite de na hargóintí a bhaineann le malartú faisnéise an 9 Bealtaine 2012, a mhéid nach féidir leis an malartú sin, contrártha le cinneadh an Choimisiúin sa chinneadh atá faoi chonspóid, bunús a thabhairt le cineál frithiomaíoch na malartuithe faisnéise a líomhnaítear i gcoinne Credit Suisse. Maidir leis an malartú deireanach sin, beidh sé riachtanach a chinneadh thíos an bhfuil an earráid sin ag an gCoimisiún de chineál a dhéanfadh difear d'fhiúntais na gcinntí maidir le sárú Credit Suisse agus na fíneála a gearradh dá réir sin.

(iii) Cineál frithiomaíoch na bpléití nár cuireadh ina gcoinne go sonrach

164 Cuireann na hiarratasóirí i gcoinne chineál frithiomaíoch na bpléití a d'aicmigh siad sa dara agus sa tríú catagóir dá dtagraítear i mír 73 thuas. Ar thaobh amháin, maíonn siad nár soláthraíodh sna pléití a ndearnadh anailís orthu in aithrisí 126 go 129, 142, 147, 183, 185 go 195, 208, 210, 225 go 228, 234 go 238, 245 go 250, 258 go 275, 277 go 280, 282 go 285, 291 go 295 agus 473 den chinneadh atá faoi chonspóid faisnéis maidir le héabhlóid ionchasach na rátaí malairte i bhfianaise na méideanna measartha beag lena mbaineann. Ar an taobh eile, ní fhéadfadh ach cuspóir frithiomaíoch amháin a bheith ag an bplé a ndearnadh anailís air in aithrisí 113 go 121, 184, 195, 204 go 207, 211 go 213 agus 228 den chinneadh atá faoi chonspóid, eadhon 'tús-áite' an trádálaí a nocht an fhaisnéis.

165 Ar dtús, maidir leis an bplé a leagtar amach in aithrisí 126 go 129, 142, 147 agus 291 go 295 den chinneadh atá faoi chonspóid, a thagann faoin dara catagóir dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas atá faoi chonspóid, agus na pléití a leagtar amach in aithrisí 113 go 121 den chinneadh atá faoi chonspóid, a thagann faoin tríú catagóir dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas sin, ní thagann siad faoi raon feidhme an iompair fhrithiomaíoch a shainaithin an Coimisiún in aithrisí 337 go 341 den Chinneadh sin.

166 Ar an gcéad dul síos, mheas an Coimisiún, go bunúsach, gur léirigh an plé in aithrisí 126 go 129 den chinneadh atá faoi chonspóid gur thuig na trádálaithe a bhí rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist, agus bhí siad ag súil leis, go n-úsáidfí an fhaisnéis a mhalartaigh siad ar mhaithe lena leas coiteann seachas in aghaidh a leasanna faoi seach. Ar an dara dul síos, maidir leis an bplé in aithris 142 den chinneadh atá faoi chonspóid, luaigh an Coimisiún in aithris 144 gur léirigh sé gur ghabh na trádálaithe leithscéal nuair nár ghníomhaigh siad ar an mbealach a rabhthas ag súil leis. Ar an tríú dul síos, de réir an Choimisiúin, léirigh an plé in aithris 147 den chinneadh atá faoi chonspóid gur malartaíodh an fhaisnéis sa seomra comhrá atá i gceist chun a iomaitheoirí a threorú. Ar an gceathrú dul síos, léiríonn an plé in aithrisí 291 go 295 den chinneadh atá faoi chonspóid cásanna de chomhordú ó am go chéile seachas an t-iompar frithiomaíoch a d'aimsigh an Coimisiún i gcoinne Credit Suisse. Ar an gcúigiú dul síos, de réir an Choimisiúin, léiríodh sa phlé a rinneadh in aithrisí 113 go 121 den chinneadh atá faoi chonspóid, go bunúsach, go raibh comhaltaí an tseomra comhrá atá i gceist mar chuid de chiorcal iata muiníne.

167 Ina dhiaidh sin, maidir leis na pléití a thagann faoin dara catagóir dá dtagraítear i mír 73 thuas agus a ndearnadh anailís orthu in aithrisí 183, 185 go 195, 208, 210, 225 go 228, 234 go 238, 245 go 250, 258 go 275, 277 go 280, 283 go 285 agus 473 den chinneadh atá faoi chonspóid, nach bhfuil a n-ábhar faoi dhíospóid ag na hiarratasóirí, fágann sé sin gur mhalartaigh na trádálaithe a bhí rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist, go forleathan agus arís agus arís eile, faisnéis a bhaineann le trádálacha reatha, lena n-áirítear trádálacha a rinneadh le déanaí, nó le trádálacha ionchasacha, amhail péirí airgeadraí sonracha, méideanna, stiúrthóireachtaí, coinníollacha trádála agus cineálacha cliaintí lena mbaineann na hidirbhearta sin. Ar ócáidí áirithe, d'iarr siad tuairimí ó thrádálaithe eile maidir le conas trádáil a dhéanamh agus maidir le hairgeadraí nó péire airgeadraí ar leith, thug siad le fios gur athraigh idirbheart áirithe de chuid ceann de na trádálaithe rannpháirteacha eile luach airgeadra ar leith a spreag a stadorduithe, roinn siad a dtuairimí maidir le conas trádáil a dhéanamh agus chuir siad in iúl an leibhéal ar ar forghníomhaíodh an t-idirbheart.

168 Thairis sin, mhalartaigh na trádálaithe faisnéis a bhaineann le suíomhanna riosca oscailte 'gearr' nó 'fada', leis na hairgeadraí sonracha lena mbaineann na suíomhanna sin agus, uaireanta, lena rúin nó lena straitéisí fiú, eadhon gur roghnaigh siad gan airgeadra sonrach arna shealbhú i suíomh 'fada' a dhíol agus é a choinneáil ina bpunann, nach raibh siad chun a suíomhanna 'gearr' a dhúnadh toisc go raibh siad ag súil go ndéanfadh luach airgeadra ar leith dímheas breise agus nach gceannóidís airgeadra sonrach in aghaidh airgeadra eile go dtí go dtitfeadh ráta malairte ar leibhéal sonrach.

169 Maidir leis na pléití a thagann faoin tríú catagóir dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas seo agus a leagtar amach in aithrisí 184, 195, 204 go 207, 211 go 213 agus 228 den chinneadh atá faoi chonspóid, nach bhfuil a n-ábhar faoi dhíospóid ag na hiarratasóirí, fágann sé sin gur mhalartaigh na trádálaithe, ar bhonn fairsing agus athfhillteach, faisnéis reatha nó réamhbhreathnaitheach atá íogair ó thaobh na tráchtála de, a bhaineann leis na cineálacha éagsúla orduithe a fuarthas óna gcliaint le haghaidh péirí airgeadraí sonracha agus rátaí malairte, méideanna agus cineálacha cliaintí lena mbaineann.

170 Léiríonn ábhar an phlé a rinneadh idir na trádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist, lena n-áirítear, go háirithe, iad siúd a luaitear i míreanna 167 agus 169 den bhreithiúnas seo, gur nocht na trádálaithe sin, go spontáineach nó arna iarraidh sin, faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a d'fhéadfadh na trádálaithe eile a úsáid chun a ngníomhaíochtaí trádála a

dhéanamh nó chun a straitéis trádála a shainiú, agus éabhlóid na rátaí malairte á réamh-mheas acu. Dá bhrí sin, mhéadaigh malartuithe faisnéise den sórt sin trédhearcacht idir na rannpháirtithe sa sárú atá i gceist amháin.

171 Dá bhrí sin, murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, níl cuspóir frithiomaíoch hipitéiseach aonair ag na malartuithe faisnéise, go háirithe iad siúd a thagann faoin tríú catagóir dá dtagraítear i mír 73 den bhreithiúnas seo, arb é atá ann réamh-mheas a dhéanamh ar an trádálaí a roinn an fhaisnéis tríd an margadh a bhogadh in aghaidh leas an trádálaí sin, ach laghdaítear leo an éiginnteacht a bhí ann ar an margadh chun tairbhe na dtrádálaithe rannpháirteacha, chun aimhleasa a gcliant agus iomaitheoirí eile.

172 Thairis sin, is gá argóint na n-iarratasóirí a dhiúltiú a mhéid a mhaíonn siad nach bhféadfadh líon íseal na n-idirbheart a líomhnaítear a pléadh i gcomhthéacs malartuithe áirithe faisnéis a sholáthar maidir le héabhlóid ionchasach na rátaí malairte. Cuireann argóint sin na n-iarratasóirí cosc ar an gcinneadh a rinneadh sa chinneadh atá faoi chonspóid, nach gcuireann na hiarratasóirí ina choinne, go mbaineann na malartuithe faisnéise a bhfuiltear ag brath orthu i gcoinne Credit Suisse le hidirbhearta méideanna suntasacha.

173 In aon chás, dá nglacfaí le hábharthacht an aon chritéir amháin a bhaineann le líon na n-idirbheart a phléitear sna malartuithe faisnéise a scrúdaíodh sa chinneadh atá faoi chonspóid chun measúnú a dhéanamh ar chineál frithiomaíoch na malartuithe sin, is é an toradh a bheadh air sin gan scrúdú a dhéanamh ar na malartuithe ina n-iomláine agus gan údar cuí a bheith le líon mór de na malartuithe sin a eisiamh ó raon feidhme an tsáraithe ar Airteagal 101(1) CFAE, ar malartuithe iad nár cheart tarlú, i bhfianaise a gcineáil rúnda agus straitéiseach, go bunúsach,.

174 Dá réir sin, cuirfear san áireamh cineál frithiomaíoch na bpléití, a bhfuil a léiriú cinntitheach agus bunaithe, chun scrúdú a dhéanamh ar an dara agus ar an tríú saincheist dlí, arna gcur chun cinn ag na hiarratasóirí, maidir le ‘srian de réir cuspóra’ agus sárú aonair leanúnach a bheith ann, a scrúdófar thíos.

175 Ní mór teacht ar an gconclúid, murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, trína dteagmhálacha díreacha, fairsinge agus athfhillteacha trí mhalartuithe rialta sa seomra comhrá atá i gceist a bhain le faisnéis reatha nó réamhbhreathnaitheach atá íogair ó thaobh na tráchtála de, amhail an fhaisnéis a scrúdaíodh i míreanna 81 go 106, 118 go 162 agus 167 go 169 thuas, gur chuir na trádálaithe rannpháirteacha in iúl go raibh sé ar intinn acu comhoibriú ar mhargadh spot-trádála malairte airgeadraí, agus ar an gcaoi sin comhar praiticiúil eatarthu a ionadú go feasach ar rioscaí na hiomaíochta, amhail tionchar a imirt ar a n-iompar ar an margadh agus an t-iompar a bhí beartaithe ag a n-iomaitheoirí a ghlacadh sa seomra comhrá atá i gceist a nochtadh. I bhfianaise an chásdlí a luaitear i míreanna 45 go 47 thuas, bhí sé de cheart ag an gCoimisiún a chinneadh, dá bhrí sin, go bhféadfaí na malartuithe sin a aicmiú mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha de réir bhrí Airteagal 101 CFAE.

176 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin nár cuireadh san áireamh conclúid an Choimisiúin go bhféadfaí na malartuithe faisnéise a aicmiú mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha de réir bhrí Airteagal 101 CFAE fiú murar cuireadh san áireamh plé an 9 Bealtaine 2012, a ndearnadh anailís air in aithris 276 den chinneadh atá faoi chonspóid agus a scrúdaíodh i míreanna 107 go 117 thuas. Dá bhrí sin, níl aon tionchar ag earráid mheasúnaithe an Choimisiúin maidir le cineál na faisnéise a malartaíodh le linn an phlé sin ar an gcinneadh atá faoi chonspóid.

177 Ní féidir le haon cheann d'argóintí na n-iarratasóirí an chonclúid a leagtar amach i mír 175 thuas a chur ó bhail.

178 I ndáil leis sin, is gá diúltú d'argóint na n-iarratasóirí go gcoisctear aicmiú na malartuithe sin mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe i bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 45 go 47 den bhreithiúnas seo toisc nach ann do chásanna de chomhordú le linn thréimhse rannpháirtíochta Credit Suisse sna malartuithe faisnéise sa seomra comhrá atá i gceist.

179 Maidir leis an argóint nár ghníomhaigh na trádálaithe i 'gciorcal iata', braitheann na hiarratasóirí ar an 'bhfianaise i gcomhad an Choimisiúin'. Mar thaca leis an argóint sin, tagraíonn na hiarratasóirí do chuid dá n-iarratas nach ann di agus, ní dhéanann siad ach tagairt ghinearálta don fhianaise i gcomhad an Choimisiúin. Fiú dá mbeadh an fhianaise sin mar chuid den chomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte Ginearálta, ní féidir le tagairt ghinearálta den sórt sin a bheith ina cúis leis an easpa fianaise chun tacú le hargóintí na n-iarratasóirí, ós rud é nach faoin gCúirt Ghinearálta atá sé dul isteach san fhianaise go léir sa chomhad atá in ann comhthacú leis an argóint chéanna sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Meán Fómhair 2006, *Roquette Frères* v *an Coimisiún*, T-322/01, EU:T:2006:267, mír 209).

180 Ina theannta sin, a mhéid a dhéanann na hiarratasóirí iad féin a theorannú, ag céim an fhreagra, lena léiriú go bhfuil na samplaí d'fhaisnéis a roinneadh lasmuigh den seomra comhrá atá i gceist leagtha amach in Iarscríbhinn A.8, ba cheart a mheabhrú nach féidir, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 67 den bhreithiúnas seo, na heilimintí den Iarscríbhinn sin lena dtacaítear nó lena bhforlíontar a n-argóintí a léiriú go beacht leis an tagairt ghinearálta a dhéanann siad don Iarscríbhinn sin. Dá bhrí sin, ní féidir é a chur san áireamh chun tacú leis an argóint a chuir na hiarratasóirí chun cinn.

181 Leanann sé as an méid sin roimhe seo go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún a chinneadh gurbh fhéidir leis na malartuithe faisnéise a ndearna sé anailís orthu sa chinneadh atá faoi chonspóid teacht ar an gconclúid go raibh comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe de chineál frithiomaíoch ann de réir bhrí Airteagal 101 CFAE.

182 Ní mór, mar sin, an chéad agus an dara gearán den dara cuid den chéad saincheist dlí a dhiúltú.

(2) An tríú gearán, lena líomhnaítear go ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a chinn sé nach raibh míniú dlisteanach Credit Suisse ar na malartuithe faisnéise atá i gceist ábhartha

183 Ina dtríú gearán, maíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, gur thug siad mínithe dlisteanacha ar gach ceann de na pléití a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid. Tagraíonn siad i ndáil leis sin do mhíreanna an iarratais a bhaineann le haicmiú na bpléití atá i gceist a leagtar amach i mír 73 den bhreithiúnas seo agus áitíonn siad gur 'faisnéis mhargaidh' a bhí san fhaisnéis a malartaíodh sa seomra comhrá atá i gceist. Tugann siad faoi deara freisin nár roinneadh formhór mór na faisnéise a bhaineann le horduithe thrádálaí Credit Suisse sa seomra comhrá atá i gceist, rud a chaitheann amhras ar luach cruthúnais na fianaise ar a bhfuil an Coimisiún ag brath. Ní dhearna an Coimisiún scrúdú ceart ar na mínithe dlisteanacha a thug na hiarratasóirí. Mar thoradh ar an earráid sin, mheas an Coimisiún go mícheart, i mír 141 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur cheart don trádálaí sin é féin a scaradh ón seomra comhrá sin.

184 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

185 Ar an gcéad dul síos, ní féidir go n-éireoidh le hargóint na n-iarratasóirí gur theip ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar a mínithe dlisteanacha ar gach ceann de na malartuithe agus, dá bhrí sin, gur mheas sé go mícheart gur cheart do thrádálaí Credit Suisse é féin a scaradh. Ba cheart a thabhairt faoi deara, sa chinneadh atá faoi chonspóid, gur scrúdaigh an Coimisiún, go háirithe in aithrisí 455 go 480, an 'faisnéis mhargaidh' a bhí san fhaisnéis a malartaíodh le linn na bpléití atá i gceist, is é sin le rá, faisnéis a d'fhéadfaí a nochtadh go dlisteanach, mar a mhaígh na hiarratasóirí, agus mheas sé nárbh amhlaidh an cás.

186 Ina theannta sin, ba cheart a mheabhrú gur scrúdaíodh argóintí na n-iarratasóirí bunaithe ar aicmiú na bpléití atá i gceist agus nach bhfuil san fhaisnéis a mhalartaítear le linn pléití áirithe atá i gceist ach 'faisnéis mhargaidh' i gcomhthéacs na chéad ghearáin agus an dara gearán i míreanna 75 go 182 thuas agus gur diúltaíodh dóibh.

187 Ar an dara dul síos, maidir le hargóint na n-iarratasóirí nár roinneadh formhór mór na faisnéise a bhaineann le horduithe thrádálaí Credit Suisse sa seomra comhrá atá i gceist, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a rinne an Coimisiún, ós rud é gur roinneadh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de go rialta sa seomra comhrá sin, nach bhfuil sé ábhartha nach raibh an chuid is mó den fhaisnéis a bhaineann le horduithe an trádálaí sin á roinnt ann.

188 Leanann sé ón méid sin roimhe seo nach mór diúltú don tríú gearán sa dara cuid den chéad saincheist dlí.

189 Ina theannta sin, a mhéid a thagraíonn na hiarratasóirí i gceannteideal na saincheiste dlí seo do ráiteas neamhleor ar chúiseanna maidir le malartú faisnéise ar líne a aicmiú mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha agus fiú ag glacadh leis go bhféadfadh tabhairt chun cuimhne den sórt sin gan bhunús a bheith ina argóint inghlactha de réir bhrí Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta, ní mór a mheas nach ndearna an Coimisiún aon sárú ar an oibleagáid cúiseanna a lua faoin dara mír d'Airteagal 296 CFAE. Is léir ón scrúdú ar an bpléadáil seo gur chuir na mínithe a tugadh sa chinneadh atá faoi chonspóid ar chumas na n-iarratasóirí réasúnaíocht an Choimisiúin maidir leis an aicmiú sin a thuiscint agus gur chuir siad ar chumas na Cúirte Ginearálta a cumhacht athbhreithnithe a fheidhmiú ina leith sin, agus ceanglais na forála sin á gcomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 23 Samhain 2023, *Ryanair* v *an Coimisiún*, C-210/21 P, EU:C:2023:908, mír 105 agus an cásdlí dá dtagraítear).

190 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don chéad saincheist dlí ina hiomláine.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101 CFAE agus mainneachtain cúiseanna neamhleora a lua maidir le haicmiú na malartuithe faisnéise ar líne mar 'shrian de réir cuspóra'

191 Leis an dara saincheist dlí, cuireann na hiarratasóirí in aghaidh aicmiú na malartuithe faisnéise mar 'shrian de réir cuspóra'. Roinntear an foras achomhairc seo ina cheithre chuid. Líomhnaítear sa chéad chuid nár chomhlíon an Coimisiún a ualach faoi Airteagal 101 CFAE chun a chruthú gur chuir na malartuithe faisnéise ar líne srian le hiomaíocht de réir cuspóra. Líomhnaítear sa dara cuid go ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a chinn sé go raibh an míniú dlisteanach ar iompar agus na héifeachtaí i bhfabhar na hiomaíochta neamhábhartha faoi Airteagal 101(1) CFAE.

(a) Réamhbharúlacha

192 Ní mór malartú faisnéise atá in ann éiginnteacht idir rannpháirtithe a bhaint maidir le tráthúlacht, fairsinge agus sonraí na modhnuithe atá le glacadh ag na gnóthais lena mbaineann ina n-iompar ar an margadh a mheas mar rud atá ag saothrú cuspóir frithiomaíoch (féach breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe* v *an Coimisiún*, C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 122 agus an cásdlí dá dtagraítear).

193 Dá bhrí sin, is léir ón gcásdlí go bhfágann soláthar faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, amhail faisnéis maidir le praghsanna, soláthar agus éileamh, lena n-áirítear praghsanna amach anseo nó soláthar agus éileamh amach anseo, gur féidir éiginnteacht a laghdú maidir le hiompar iomaitheoirí ar an margadh agus dálaí iomaíochta a chruthú nach gcomhfhreagraíonn do ghnáthdhálaí an mhargaidh agus, dá bhrí sin, gur cúis é le cleachtas comhbheartaithe a bhfuil sé mar chuspóir aige iomaíocht a shrianadh de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE (breithiúnas an 29 Meán Fómhair 2021, *Nippon Chemi-Con Corporation* v *an Coimisiún*, T-363/18, EU:T:2021:638, mír 195 (nár foilsíodh)).

194 Ba cheart a mheabhrú, chun teacht faoin toirmeasc i bprionsabal a leagtar síos in Airteagal 101(1) CFAE, ní mór ‘cuspóir nó éifeacht’ a bheith ag cleachtas comhbheartaithe chun iomaíocht laistigh den mhargadh inmheánach a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 62).

195 Leanann sé go ndéantar idirdhealú soiléir leis an bhforáil sin, arna léiriú ag an gCúirt Bhreithiúnas, idir an coincheap ‘srian de réir cuspóra’ agus an coincheap ‘srian de réir éifeachta’, a bhfuil gach ceann acu faoi réir rialacha éagsúla (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 63).

196 Dá bhrí sin, maidir le cleachtais a aicmítear mar ‘shrianta de réir cuspóra’, ní gá imscrúdú a dhéanamh ná, *a fortiori*, a n-éifeachtaí ar iomaíocht a léiriú chun iad a aicmiú mar ‘shrianta ar iomaíocht’ de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE, ós rud é gur léir ón taithí a fuarthas go n-eascraíonn laghduithe ar aschur agus méaduithe ar phraghsanna as iompar den sórt sin, as a n-eascraíonn leithdháileadh easnamhach acmhainní chun dochair do thomhaltóirí, go háirithe. Maidir le cleachtais den sórt sin, ní gá ach a léiriú go bhfuil siad aicmithe mar ‘shrianta de réir cuspóra’, ach ní leor éilimh gan bhunús amháin chun na críche sin (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 64 agus 65).

197 Ar an taobh eile, i gcás nár bunaíodh cuspóir frithiomaíoch comhaontaithe, cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó cleachtas comhbheartaithe, is gá scrúdú a dhéanamh ar a éifeachtaí chun a chruthú go ndearnadh iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh ar bhealach suntasach (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, mír 66).

198 Is léir freisin ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach mór an coincheap ‘srian de réir cuspóra’ a léiriú go docht agus nach féidir é a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le cleachtais chomhbheartaithe áirithe idir gnóthais a léiríonn, iontu féin agus ag féachaint do na cuspóirí a shaothraíonn siad agus don chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de iad, méid leordhóthanach dochair don iomaíocht chun a mheas nach bhfuil gá le scrúdú a dhéanamh ar a n-éifeachtaí, ós rud é go bhféadfaí a mheas, de bharr a gcineáil féin, go ndéanann cineálacha áirithe de chomheagar idir gnóthais díobháil d’fheidhmiú cuí na ngnáthiomaíochta. Agus an comhthéacs sin á mheas, ní

mór cineál na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann agus fíordhálaí fheidhmiú agus struchtúr an mhargaidh nó na margaí atá i gceist a chur san áireamh (breithiúnas an 30 Eanáir 2020, *Generics (UK) agus páirtithe eile*, C-307/18, EU:C:2020:52, míreanna 67 agus 68).

(b) An chéad chuid den dara saincheist dlí, lena n-éilítear nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil srian de réir cuspóra ann

199 In aithrisí 394 go 454 den chinneadh atá faoi chonspóid, scrúdaigh an Coimisiún ar léirigh iompar Credit Suisse méid leordhóthanach díobhála don iomaíocht atá le meas mar shrian ar iomaíocht 'de réir cuspóra'. Mheabhraigh sé, in aithris 394 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur ghá, chun na críche sin, de réir an chásdlí, *inter alia*, a ábhar, a chuspóirí agus an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil a raibh sé mar chuid de a chur san áireamh.

200 Ar dtús, maidir le hábhar an iompair sin, thug an Coimisiún faoi deara, sa chinneadh atá faoi chonspóid, go raibh na trádálaithe rannpháirteacha i mbun malartuithe faisnéise athfhillteacha agus fairsinge lenar nocht siad faisnéis íogair reatha nó réamhbhreathnaitheach maidir le gnéithe rúnda dá n-iompraíocht mhargaidh, amhail faisnéis maidir le horduithe cliaintí gan íoc, suíomhanna riosca oscailte, raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh agus gníomhaíochtaí trádála leanúnacha nó beartaithe. Mheas sé freisin gur chuir an sreabhadh faisnéise a malartaíodh ar chumas na ngnóthas rannpháirteach léargas iomlán a fháil ar an méid a rinne nó nach ndearna a n-iomaitheoirí agus iad ag trádáil ar an margadh agus gur chuidigh sé le héiginnteacht a laghdú idir na gnóthais rannpháirteacha a mhéid a bhaineann le huainiú, raon feidhme agus mionsonraí an iompair bheartaithe sa mhargadh agus treoshuíomh féideartha na rátaí malairte lena mbaineann. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndeachaigh na malartuithe sin níos faide ná malartuithe faisnéise san fhearann poiblí agus nach raibh údar leo mar gheall ar chuspóir na dtrádálaithe trádáil le chéile mar chontrapháirtithe (aithrisí 396 agus 397 den chinneadh atá faoi chonspóid).

201 Ina dhiaidh sin, bhí an Coimisiún den tuairim, i bhfianaise chineál, mhinicíocht agus leibhéal imdhealaithe na faisnéise a malartaíodh sa seomra comhrá atá i gceist, gurbh é cuspóir na malartuithe gnáth-éiginnteachtaí margaidh a laghdú do na gnóthais rannpháirteacha ar spot-trádáil malairte eachtraí, chun rioscaí a laghdú agus chun tacú leo ina gcinntí praghsála. Dá bhrí sin, de réir an Choimisiúin, thug na malartuithe leanúnacha faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de deis do na gnóthais rannpháirteacha iomaíocht ar na tuillteanais a sheachaint a mhéid a bhaineann le príomhpharaiméadair na hiomaíochta (praghsáil agus bainistiú riosca). Ina theannta sin, mar thoradh ar shreabhadh leanúnach na malartuithe faisnéise sin laistigh den seomra comhrá atá i gceist, bhí neamhshiméadracht faisnéise idir na gnóthais rannpháirteacha agus a n-iomaitheoirí neamh-rannpháirteacha, chun tairbhe na ngnóthas rannpháirteach (aithrisí 398 go 401 den chinneadh atá faoi chonspóid).

202 Ar deireadh, maidir leis an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil, thug an Coimisiún faoi deara, sa chinneadh atá faoi chonspóid, cineál dinimiciúil agus leachtach an spot-trádáil malairte eachtraí. Mheas sé, mar gheall ar an gcomhthéacs sin, gur rannchuidigh na malartuithe an-mhinic agus mionsonraithe d'fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a tharla nuair a bhí na gnóthais rannpháirteacha gníomhach ar an margadh go díreach le trédhearcacht a mhéadú agus leis an éiginnteacht a bhaineann go dlúth le cás iomaíoch a laghdú (aithrisí 402 agus 403 den chinneadh atá faoi chonspóid).

203 Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur léiríodh sa mheasúnú foriomlán ar na malartuithe faisnéise atá i gceist, i bhfianaise na gcuspóirí oibiachtúla atá á saothrú agus an chomhthéacs eacnamaíoch agus dhlíthiúil inar tharla an t-iompar sin, go ndearnadh díobháil leordhóthanach don iomaíocht chun teacht ar an gconclúid go bhféadfaí a mheas go bhfuil malartuithe faisnéise reatha nó réamhbhreathnaitheacha atá íogair ó thaobh na tráchtála de, ina srian ar iomaíocht de réir bhrí Airteagal 101 CFAE maidir le spot-trádáil malairte eachtraí in airgeadraí G10 (aithrisí 404 agus 405 den chinneadh atá faoi chonspóid).

204 I gcomhthéacs na chéad choda den dara saincheist dlí, cáineann na hiarratasóirí, go bunúsach, an Coimisiún as a chinneadh go mícheart go ndearna na malartuithe faisnéise atá i gceist díobháil leordhóthanach don iomaíocht chun teacht faoin aicmiú sin. Mar thaca leis an gcuid sin den tsaincheist dlí, maíonn siad, go bunúsach, ceithre ghearán. Lena gcéad ghearán, áitíonn siad go bhfuil maímh an Choimisiúin go raibh sé mar chuspóir ag na malartuithe faisnéise atá i gceist iomaíocht a shrianadh bunaithe ar thoimhdí fíorasacha míchearta nár fhíoraigh sé. Leis an dara gearán, maíonn siad go bhfuil na héilimh sin dochreidte i bhfianaise chomhthéacs an mhargaidh lena mbaineann. Leis an tríú gearán, áitíonn siad go ndearna an Coimisiún earráid mheasúnaithe agus é ag brath go neamhchriticiúil ar thréithriú dlíthiúil an iompair a chuirtear i láthair san fhianaise arna soláthar chun trócaire agus socraíochta a fháil. Leis an gceathrú gearán, maíonn siad nach féidir leis an gCoimisiún brath ar a thaithí maidir le faisnéis a mhalartú i gcomhthéacsanna margaidh eile nó i gcúrsaí airgeadais eile chun a dhualgas cruthúnais a laghdú, eadhon a shuí gur chuir malartuithe faisnéise sa seomra comhrá atá i gceist srian le hiomaíocht de réir cuspóra.

205 Is iomchuí anailís a dhéanamh ar an dara gearán ar dtús.

(1) An dara gearán, lena líomhnaítear earráidí a rinne an Coimisiún ina mheasúnú ar chomhthéacs an mhargaidh lena mbaineann

206 Maíonn na hiarratasóirí, go bunúsach, go ndearna an Coimisiún measúnú mícheart ar chomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil spot-trádáil malairte eachtraí, nó gur theip air fiú é a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chuspóir iompar Credit Suisse. Áitíonn siad gur theip ar an gCoimisiún measúnú cuí a dhéanamh ar na gnéithe den mhargadh sin a bhaineann le (i) a thrédhearcacht, (ii) a struchtúr agus (iii) ról na dtrádálaithe atá ag oibriú air nó nár chuir sé san áireamh iad.

207 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

(i) Trédhearcacht an spot-trádáil malairte eachtraí

208 Baineann an chéad agóid a chuir na hiarratasóirí chun cinn le trédhearcacht an mhargaidh lena mbaineann. Dar leo, le linn thréimhse an tsáraithe líomhnaithe, bhí leibhéal teoranta trédhearcachta ag baint leis an spot-trádáil malairte eachtraí. Ní chuireann na hiarratasóirí ina choinne gur chuir ardáin leictreonacha go mór le trédhearcacht an mhargaidh. Mar sin féin, tugann siad tuairisc ar an margadh malairte eachtraí atá réasúnta doiléir. De réir na n-iarratasóirí, déantar idirbhearta ar go leor ardán agus níl aon chóras láraithe ann chun idirbhearta a thuairisciú i bhfíor-am ar spot-trádáil malairte eachtraí.

209 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí. Áitíonn sé, ag tagairt go háirithe d'aithrisí 12 go 16 den chinneadh atá faoi chonspóid, ag féachaint d'fhorbairt córas leictreonach trádála ar scáileán, a rinne praghsanna i bhfíor-am (lena n-áirítear na praghsanna tairgthe agus tairisceana is fearr atá ar fáil) agus na méideanna comhfhreagracha trádáilte a bhí inrochtana ar ardáin leictreonacha a chur ar fáil do bheagnach gach rannpháirtí sa mhargadh agus a thugtar cothrom le dáta go leanúnach, nach mór a mheas go bhfuil spot-trádáil malairte eachtraí trédhearcach tráth na bhfíoras líomhnaithe.

210 Mar a thug an Coimisiún faoi deara ina chosaint, is léir ó aithrisí 7, 14, 53 agus 402 den chinneadh atá faoi chonspóid, agus scrúdú á dhéanamh aige ar an gcomhthéacs eacnamaíoch ina ndearnadh na malartuithe faisnéise ar an seomra comhrá atá i gceist, gur mheas an Coimisiún gur mhargadh mór de chineál trédhearcach, dinimiciúil agus an-leachtach é an spot-trádáil malairte eachtraí. Ba i bhfianaise na dtosca sin, a bhaineann go sonrach leis an margadh spot-trádáil malairte eachtraí, a tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, in aithrisí 404 agus 405 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur shrianta ar an iomaíocht de réir cuspóra a bhí sna malartuithe faisnéise.

211 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, de réir na ndoiciméad atá sa chomhad, go sainmhínítear trédhearcacht an mhargaidh lena mbaineann mar chumas na rannpháirtithe sa mhargadh sin faisnéis a fháil maidir leis an bpróiseas trádála, mar shampla praghas, méid an ordaithe, líon na n-idirbheart, riosca agus sainaitheantas an trádálaí. Baineann sé leis an bhfaisnéis atá ar fáil ag an gcéim réamhthrádála chomh maith leis an bhfaisnéis atá ar fáil ag an gcéim iarthrádála, agus braitheann sé go bunúsach ar thoilteanas na rannpháirtithe agus ar chumas an mhalartaithe orduithe ceannaigh agus díola a thaispeáint go poiblí.

212 Dá bhrí sin, de réir na ndoiciméad atá os comhair na Cúirte, ní mór idirdhealú a dhéanamh, ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí ar leibhéal an 'idirdhéileálaí' (féach mír 24 thuas), arb é is saintréith dó struchtúr hibrideach, idir dhá bhealach tráchtála, eadhon cainéal díreach (déthaobhach) agus an cainéal bróicéirí, agus é á chur san áireamh go bhfuil difríocht sa trédhearcacht de réir an chainéil tráchtála a úsáidtear. Go háirithe, i gcomhthéacs cainéal tráchtála díreach (déthaobhach), mar atá sa chás seo, ní anaithnidítear trádáil agus coimeádann na páirtithe san idirbheart praghas agus méid na n-idirbheart faoi rún.

213 Is fíor gur chuir forbairt córas leictreonach trádála ar scáileán go mór leis an trédhearcacht ar an margadh lena mbaineann ag an am ábhartha. Mar sin féin, ní féidir an chonclúid go bhfuil sé trédhearcach in aithris 14 den chinneadh atá faoi chonspóid, contrártha le dearbhú an Choimisiúin, a bhunú, ar an gcaighdeán dlíthiúil is gá, díreach ar an bhfíoras go bhfuil praghsanna agus méideanna ar fáil ar ardáin leictreonacha.

214 Ina phléadálacha i scríbhinn os comhair na Cúirte Ginearálta agus ag an éisteacht, ghlac an Coimisiún féin leis nach raibh coinníollacha seachas na coinníollacha a bhaineann le praghas fíor-ama agus méideanna comhfhreagracha trádála ar fáil do gach rannpháirtí sa mhargadh. Go sonrach, luaigh sé, i bhfianaise na heaspa rochtana ar fhaisnéis atá ag trádálaithe eile, go raibh méid áirithe éiginnteachta fós ar an margadh maidir le gníomhaíochtaí, suíomhanna, leasanna agus rúin cliant deiridh agus trádálaithe iomaíocha a thrádáil.

215 Is í an fhaisnéis, dá dtagraíonn an Coimisiún ina phléadálacha i scríbhinn agus ag an éisteacht chun teacht ar an gconclúid go bhfuil méid áirithe éiginnteachta ar an margadh, go díreach an fhaisnéis inar féidir a shainiú, nuair nach bhfuil sí ar eolas ag na trádálaithe, an bhfuil spot-trádáil malairte eachtraí trédhearcach de réir bhrí na gcritéar dá dtagraítear i míreanna 211 agus 212 den bhreithiúnas seo.

216 Ar bhonn níos ginearálta, a mhéid a aontaíonn na páirtithe go bhfuil margadh spot-trádála malairte eachtraí neamhshiméadrach go bunúsach agus ar thábhacht ról na faisnéise ar an margadh sin, ní féidir leis an gCoimisiún a mhaíomh go bailí gur ghá an margadh spot-trádála malairte eachtraí, ag an am ábhartha, a mheas mar mhargadh trédhearcach. Go deimhin, i margadh trédhearcach, tá fáil láithreach (agus saor in aisce) ar fhaisnéis ag gach rannpháirtí sa mhargadh, rud nach amhlaidh, mar a admhaíonn an Coimisiún, i margadh spot-trádála malairte eachtraí ós rud é go bhfuil roinnt cineálacha faisnéise ann.

217 Dá réir sin, ní mór a mheas go ndearna an Coimisiún earráid mheasúnaithe agus é ag cinneadh, in aithris 14 den chinneadh atá faoi chonspóid, go raibh an margadh spot-trádála malairte eachtraí trédhearcach ag an am ábhartha. Dá bhrí sin, beidh sé riachtanach anailís a dhéanamh an bhféadfadh tionchar a bheith ag an measúnú sin, mar a mhaíonn na hiarratasóirí, ar aicmiú na malartuithe faisnéise atá i gceist mar 'shrian de réir cuspóra' ós rud é go bhfuil trédhearcacht an mhargaidh sin ar cheann de na tosca a chuir an Coimisiún san áireamh chun teacht ar aicmiú den sórt sin in aithrisí 404 agus 405 den chinneadh atá faoi chonspóid (féach mír 210 thuas).

(ii) Struchtúr an mhargaidh lena mbaineann

218 Líomhnaíonn dara hagóid na n-iarratasóirí nach ndearna an Coimisiún measúnú ceart ar struchtúr an mhargaidh lena mbaineann, i dtéarmaí a chomhchruinnithe. Áitíonn siad, go bunúsach, i margadh ilroinnte den sórt sin ar a raibh íosmhéid sciartha den mhargadh ag na trádálaithe atá i gceist, go mbeadh amhras ann an bhféadfadh na trádálaithe sin neamhshiméadracht shuntasach faisnéise a chruthú chun aimhleasa rannpháirtithe eile sa mhargadh. Dá bhrí sin, caitear amhras leis an íosmhéid sciartha sin den mhargadh ar ábhar frithiomaíoch líomhnaithe na malartuithe faisnéise atá i gceist. Déanann siad gearán, *in fine*, nár mhínigh an Coimisiún cén fáth nach raibh sciartha den mhargadh lena mbaineann sa chás seo.

219 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hagóide sin a dhéanann na hiarratasóirí.

220 I ndáil leis sin, cé gur fíor go bhfuil struchtúr an mhargaidh, mar a shainítear le leibhéal comhchruinnithe an mhargaidh, ina thoisc ábhartha chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann an malartú faisnéise srian ar iomaíocht 'de réir cuspóra' (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Meitheamh 2009, *T-Mobile Netherlands agus páirtithe eile*, C-8/08, EU:C:2009:343, mír 34), is é an t-aon phrionsabal ginearálta a chuirtear i bhfeidhm maidir le struchtúr an mhargaidh ná nár cheart an soláthar a dhealú go mion (féach breithiúnas an 2 Deireadh Fómhair 2003, *Thyssen Stahl* v *an Coimisiún*, C-194/99 P, EU:C:2003:527, mír 86).

221 Mar sin féin, cé go raibh an Chúirt Bhreithiúnais in ann cineál olagaplach nó scaoilte an mhargaidh ar a ndearnadh malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de a chur san áireamh ar dtús, is léir, go háirithe, ó bhreithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe* v *an Coimisiún* (C-286/13 P, EU:C:2015:184), go raibh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh in ann cuspóir frithiomaíoch na malartuithe sin a aithint, fiú in éagmais comhchruinniú olagaplach sa mhargadh (féach breithiúnas an 14 Márta 2013, *Dole Food agus Dole Germany* v *an Coimisiún*, T-588/08, EU:T:2013:130, mír 341 agus an cásdlí dá dtagraítear).

222 Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara, i bhfianaise na toisce go mbaineann dlí na hiomaíochta le gníomhaíochtaí gnóthas (breithiúnas an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, EU:C:2004:6, mír 59), nach féidir glacadh le hargóint na n-iarratasóirí, mar a dhearbhaigh siad ag an éisteacht, go bhfuil an margadh spot-trádála malairte eachtraí ilroinnte mar gheall ar sciartha

margaidh na dtrádálaithe a bhí fostaithe ag na bainc a raibh baint acu leis an sárú atá i gceist. In aon chás, mar is léir ó na doiciméid sa chomhad, níor léirigh siad sciartha margaidh na mbanc sin don ghníomhaíocht 'trádála ó bhéal', a bhfuil an anailís ar na malartuithe faisnéise atá i gceist teoranta dóibh (féach mír 16 thuas).

223 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, in aithrisí 28 et seq. agus 402 den chinneadh atá faoi chonspóid, gur chuir an Coimisiún, gan rialú a thabhairt, áfach, ar mhéid a chomhchruinnithe i bhfianaise sciartha margaidh na rannpháirtithe sa sárú atá i gceist, struchtúr agus gnéithe sonracha an mhargaidh lena mbaineann san áireamh mar shaintréith de ról na gcruthaitheoirí margaidh a ghlac páirt sna malartuithe faisnéise ar líne. Tugtar le tuiscint le ról na gcruthaitheoirí margaidh ar an margadh sin, nach gcuireann na hiarratasóirí ina choinne, gealltanais shuntasacha airgeadais nach bhféadfadh líon mór rannpháirtithe a sheasamh, agus ar an gcaoi sin ní chuirtear san áireamh an toimhde a chuir na hiarratasóirí ar aghaidh go raibh an margadh spot-trádála malairte eachtraí scaoilte.

224 Thairis sin, chinn an Chúirt Ghinearálta cheana féin go bhfuil malartuithe faisnéise níos íogaire ó thaobh na hiomaíochta de idir trádálaithe atá ag gníomhú mar chruthaitheoirí margaidh, i bhfianaise a thábhachtaí atá siad ar an margadh, agus go háirithe ós rud é go nglacann siad páirt sa mhargadh ar bhealach ginearálta agus leanúnach agus, dá bhrí sin, go dtugann siad i gcrích líon níos mó idirbheart ná na rannpháirtithe eile sa mhargadh, pointe arna dheimhniú ag an gCúirt Bhreithiúnais (breithiúnas an 24 Meán Fómhair 2019, *HSBC Holdings agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-105/17, EU:T:2019:675, mír 145, a deimhníodh ar an bpointe sin le breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, mír 195). Dá bhrí sin, ó thaobh na hurraime don iomaíocht ar an margadh de, tá sé níos tábhachtaí fós go gcinneann siad a straitéisí agus, go háirithe, a bpraghsanna, go neamhspleách.

225 Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'agóid na n-iarratasóirí nár chuir an Coimisiún struchtúr an mhargaidh san áireamh, ar saintréith dó a ilroinnt.

(iii) Ról dúbailte na dtrádálaithe

226 Baineann tríú hagóid na n-iarratasóirí le mainneachtain an Choimisiúin, agus measúnú á dhéanamh aige ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil atá i gceist, saintréith an margadh spot-trádála malairte eachtraí inar idirghníomhaigh trádálaithe i gcónaí mar iomaitheoirí agus contrapháirtithe a chur san áireamh. De réir na n-iarratasóirí, cé gur fíor go bhféadfadh an laghdú ar an éiginnteacht a eascraíonn as an malartú faisnéise a bheith ina dhearbhchritéar le haghaidh sárú 'de réir cuspóra' ar mhargaí ina gcruthaíonn aon nochtadh faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de idir iomaitheoirí dálaí nach gcomhfhreagraíonn do ghnáthdhálaí an mhargaidh, ní féidir leis feidhmiú mar dhearbhchritéar i gcás ina n-éilítear le gnáthdhálaí an mhargaidh faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de a mhalartú go tráthrialta idir rannpháirtithe atá ag gníomhú go hingearach agus go cothrománach araon.

227 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hagóide sin a dhéanann na hiarratasóirí.

228 I ndáil leis sin, is fíor, i margadh spot-trádála malairte eachtraí, go ngníomhaíonn trádálaithe go ginearálta mar chontrapháirtithe trí idirbhearta a dhéanamh le chéile agus mar iomaitheoirí i ndáil le cliaint féideartha. Mar fhreagra ar bheart eagrúcháin nós imeachta arna chinneadh ag an gCúirt Ghinearálta, chuir na hiarratasóirí in iúl, go bunúsach, cé go bhfuil sé deacair idirdhealú foirmiúil a dhéanamh idir an dá ról, pointe ama soiléir ina bhfuil dhá thrádálaí in iomaíocht le chéile ná nuair atá siad ag iarraidh trádáil a chur i gcrích leis an gcliaint céanna ag an am céanna.

229 Mar sin féin, cé nach dtagann ról dúbailte na dtrádálaithe a mhaíonn na hiarratasóirí chun cinn i ndáil leis an idirbheart céanna ach i ndáil le dhá idirbheart ar leithligh, tá teorannú raon feidhme an mheasúnaithe ar dhlíthiúlacht na malartuithe faisnéise mar a leagtar amach in aithrisí 158 agus 467 den chinneadh atá faoi chonspóid, lena n-eisiatar malartuithe idir na trádálaithe sa ghnáthchúrsa gnó agus measúnú á dhéanamh acu ar na féidearthachtaí trádála lena chéile, i bprionsabal contrártha le hagóidí na n-iarratasóirí dá dtagraítear i mír 226 den bhreithiúnas seo.

230 Dá réir sin, ní mór diúltú d'agóid na n-iarratasóirí ar mhainneachtain an Choimisiúin gné an margadh spot-trádála malairte eachtraí a bhaineann le ról dúbailte trádálaithe a chur san áireamh toisc é a bheith gan bhunús.

231 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go bhfuil bunús maith leis an dara gearán a mhéid a líomhnaíonn sé go ndearna an Coimisiún earráid nuair a chinn sé, in aithris 14 den chinneadh atá faoi chonspóid, go raibh an margadh spot-trádála malairte eachtraí trédhearcach ag an am ábhartha agus nach mór diúltú dó maidir leis an gcuid eile. Beidh sé riachtanach a scrúdú, i gcomhthéacs an chéad ghearáin, an bhféadfadh tionchar a bheith ag an measúnú sin, mar a mhaíonn na hiarratasóirí, ar aicmiú na malartuithe faisnéise atá i gceist mar 'shrian de réir cuspóra'.

(2) An chéad ghearán, lena líomhnaítear go bhfuil cinneadh an Choimisiúin go raibh sé mar chuspóir ag na malartuithe faisnéise atá i gceist iomaíocht a shrianadh bunaithe ar thoimhdí fíorasacha míchruinne agus neamhfhíoraithe

232 Áitíonn na hiarratasóirí nár chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid a léiriú gurbh fhéidir a thuiscint ón gcineál faisnéise a malartaíodh agus ó shaintréithe an mhargaidh lena mbaineann go raibh cuspóir na malartuithe sa seomra comhrá atá i gceist frithiomaíoch. Áitíonn siad nár léirigh an Coimisiún gur thacaigh na malartuithe faisnéise le trádálaithe ina gcinntí laethúla praghsála agus bainistithe riosca. Áitíonn siad gur theip ar an gCoimisiún a thoimhde a léiriú freisin gurbh é cuspóir iompar na dtrádálaithe rannpháirteacha neamhshiméadracht shuntasach faisnéise a chruthú vis-à-vis an chuid eile den mhargadh. Ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí, moltar do thrádálaithe faisnéis a roinnt chun bonn eolais a chur faoina ngníomhaíocht trádála agus í a chur ar aghaidh chuig a gcliaint. In aon chás, níor roinneadh formhór mór na faisnéise a bhaineann le horduithe thrádálaí Credit Suisse sa seomra comhrá a bhí i gceist.

233 Maíonn na hiarratasóirí freisin nach bhfuil na pléití dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid, ar dá réir a chuir an fhaisnéis a malartaíodh ar chumas na dtrádálaithe a bhí rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist fanacht sula ionsúnn siad suíomh gearr, ar neamhréir leis an bhfíoras go raibh cruthaitheoirí margaidh, i bhfocail an chinnidh atá faoi chonspóid, 'réidh chun trádáil a dhéanamh le haon duine a raibh malartú eachtrach ag teastáil uaidh tráth ar bith'. Áitíonn siad nach mbaineann formhór na bpléití a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid, le haon léiriú ar thabhairt i gcrích na gcomhaontuithe raoin difríochta, nó fiú tar éis luachan raonta difríochta a bheith curtha ar fáil cheana féin, nó fiú tar éis na raonta difríochta a lua.

234 Chun freagra a thabhairt ar argóintí na n-iarratasóirí, is gá anailís a dhéanamh ar cé acu a léirigh nó nár léirigh na cineálacha éagsúla malartuithe faisnéise a chumhdaítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid méid leordhóthanach díobhála chun údar a thabhairt lena n-aicmiú mar 'shrian de réir cuspóra'.

(i) Malartú faisnéise maidir le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh

235 Maidir leis na malartuithe faisnéise a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, a ndearnadh a léiriú in aithrisí 245 go 251 den chinneadh atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún údar, in aithrisí 394 go 404 den chinneadh sin, leis an aicmiú mar 'shrian de réir cuspóra' ar an bhforas gur rannchuidigh siad le deireadh a chur leis an éiginnteacht a bhaineann go dlúth leis an margadh lena mbaineann maidir le praghsanna, rud a mhéadaigh trédhearcacht maidir leis na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh níos airde a d'fhéadfadh na trádálaithe sin a thairiscint. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh malartuithe den sórt sin tionchar a imirt ar na praghsanna a thairgeann na trádálaithe céanna sin do chustaiméirí, tríd an riosca a bhaineann le malartuithe airgeadra a laghdú chun a leasa féin.

236 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé nach gcuireann na hiarratasóirí ina choinne, gur cuid den phraghas deiridh a íocann cliaintí iad raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, a mhéid a chuirtear i bhfeidhm iad ar an luach airmheánach idir an praghas tairisceana agus an praghas iarrtha chun péire airgeadraí sonrach a mhalartú agus ar a mbraitheann an cúiteamh a fhaigheann an trádálaí as riocht na seirbhíse arna soláthar chomh maith leis an riosca a iompraíonn sé ina dhiaidh sin trí airgeadra ar leith a bheith ina phunann aige (féach mír 20 thuas agus aithrisí 48 agus 239 den chinneadh atá faoi chonspóid). Ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí, tá cumas na mbanc measúnú a dhéanamh ar a rioscaí praghsála ar cheann de pharaiméadair fhíor-riachtanacha na hiomaíochta, rud nach ndéanann na hiarratasóirí a dhíospóid ach an oiread.

237 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go laghdaíonn na malartuithe faisnéise, sa chás seo maidir le comhpháirt praghais neamhphoiblí agus bheacht, na gnáth-éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis an margadh lena mbaineann maidir le socrú praghsanna ar an margadh sin, lena gcruthaítear neamhshiméadracht faisnéise ar mhaithe le trádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist amháin agus, dá bhrí sin, lena ndéantar díobháil leordhóthanach don iomaíocht. Is leor cinneadh den sórt sin chun glacadh leis go raibh srian ar iomaíocht de réir cuspóra i gceist leis na malartuithe sin de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE (breithiúnas an 12 Eanáir 2023, *HSBC Holdings agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-883/19 P, EU:C:2023:11, mír 204).

238 Ní chuireann aon cheann d'argóintí na n-iarratasóirí an chonclúid roimhe seo ó bhail.

239 Ar dtús, ní mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí nach ionann, go bunúsach, na malartuithe faisnéise maidir le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh agus 'srian de réir cuspóra' i bhfianaise nach bhfuil aon léiriú ann maidir leis an bhféidearthacht comhaontuithe a dhéanamh maidir leis na raonta difríochta sin. Is fíor nach léir ó na malartuithe faisnéise a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh a tharla sa seomra comhrá atá i gceist gur aontaigh trádálaithe leibhéal áirithe raonta difríochta a chur i bhfeidhm, ar bhealach comhbheartaithe, ar phéire airgeadraí ar leith. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, agus faisnéis rúnda agus straitéiseach a bhaineann le leibhéal iomchuí na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh le haghaidh péire airgeadraí sonrach nó na raonta difríochta a bhí curtha i bhfeidhm acu díreach á nochtadh dá n-iomaitheoirí, nár nocht na trádálaithe a bhí rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist an t-iompar ba dhócha dóibh a ghlacadh ar an margadh, rud a laghdaigh éiginnteacht in aigne na ndaoine a ghlac páirt i malartuithe faisnéise, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 47 den bhreithiúnas seo.

240 Ina dhiaidh sin, maidir le hargóint na n-iarratasóirí, go bunúsach, ós rud é go gcinntear an praghas deiridh a luaitear do chustaiméirí le fostaithe oifig díolacháin bainc, nach mbeadh sé loighciúil, ó thaobh na dtrádálaithe, ar gníomhaithe réasúnacha iad, dul i mbun iompair arb é atá ann an raon difríochta is leithne is féidir a lua, ba cheart a chur in iúl go bhfuil tábhacht theoranta de ghnáth ag gnéithe a bhaineann le toilteanas na dtrádálaithe iomaíocht a shrianadh nó a bhaineann lena leas eacnamaíoch chun críche iompar a shaintréithriú mar 'shrian de réir cuspóra' (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 7 Eanáir 2004, *Aalborg Portland agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-204/00 P, C-205/00 P, C-211/00 P, C-213/00 P, C-217/00 P agus C-219/00 P, EU:C:2004:6, mír 335).

241 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún a mheas gur rannchuidigh na malartuithe faisnéise a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh a rinneadh sa seomra comhrá atá i gceist le saintréithriú an iompair atá i gceist, ina iomláine, mar 'shrian de réir cuspóra'.

(ii) Malartuithe faisnéise maidir le horduithe custaiméara

242 Maidir le malartuithe faisnéise ar orduithe ó chustaiméirí, eadhon orduithe 'coinníollacha' (aithrisí 183 go 195 den chinneadh atá faoi chonspóid), orduithe atá le forghníomhú ag an 'socrú' (aithrisí 206 go 213 den chinneadh atá faoi chonspóid) agus orduithe 'láithreacha' (aithrisí 223 go 228 den chinneadh atá faoi chonspóid), thug an Coimisiún údar, in aithrisí 394 go 404, arna léamh i gcomhar le haithrisí 171 go 173 den chinneadh atá faoi chonspóid, iad a shaintréithriú mar 'shrian de réir cuspóra' ar an bhforas, i bhfianaise a gcineáil, a minicíochta agus a leibhéil dí-chomhiomlánaithe, gur chuir siad deireadh le héiginnteachtaí a bhaineann leis an margadh spot-trádála malairte eachtraí agus gur mhéadaigh siad trédhearcacht maidir le straitéisí trádála na dtrádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist, a mhéid a d'fhéadfadh comhroinnt faisnéise maidir le treo an mhargaidh nó na leibhéil ag a léireofaí frithsheasmhacht sa mhargadh a chur ar chumas trádálaí é féin a chur in áit níos fearr chun tairbhe a bhaint as nó caillteanas a sheachaint. Dá réir sin, chuir na malartuithe sin na trádálaithe ar an eolas, go háirithe, faoi threochtaí praghsanna trí éiginnteachtaí a laghdú maidir leis na rioscaí a bhaineann go dlúth le praghsáil (mar shampla, trí laghdú ar chaillteanais ionchasacha a bheith mar thoradh orthu), ach tá an praghas ar cheann de pharaiméadair na hiomaíochta ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí ar cheart do na bainc rannpháirteacha a chinneadh go neamhspleách.

243 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó na doiciméid atá sa chomhad, gurb ionann faisnéis a bhaineann le horduithe cliant agus faisnéis neamhphoiblí, nach bhfuil ar eolas ach ag na páirtithe san idirbheart, eadhon an trádálaí agus an cliant, agus gur faisnéis thábhachtach í chun a chur ar chumas an trádálaí socraíochta a thuairim féin a bhunú maidir le gluaiseachtaí sa ráta malairte nó a straitéis ghnó a chinneadh. Tá sé de chumas ag malartú faisnéise den sórt sin na héiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis an margadh lena mbaineann a laghdú, trí ligean do chruthaitheoirí margaidh gan an straitéis a bhaineann leis na péirí airgeadraí sonracha ar a bhfuil faisnéis rúnda agus mhionsonraithe acu, ar thaobh amháin, agus, ar an taobh eile, a n-iompar ar an margadh, a chinneadh go neamhspleách, rud a chuirfidh ar a gcumas brabús a dhéanamh as caillteanais a d'fhéadfadh teacht as forbairtí sa mhargadh nó iad a sheachaint.

244 Dá réir sin, ní mór a mheas, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 237 den bhreithiúnas seo, go ndéanann na malartuithe faisnéise thuasluaite díobháil leordhóthanach don iomaíocht chun go n-aicmeofaí iad mar 'shrian de réir cuspóra'.

245 Ní féidir conclúid den sórt sin a chur ó bhail mar gheall ar mhaíomh na n-iarratasóirí go bhfuil contrárthacht ann maidir leis an gconclúid a baineadh as an malartú in aithris 193 den chinneadh atá faoi chonspóid, eadhon go gcuirfeadh an fhaisnéis a malartaíodh ar chumas trádálaithe rannpháirteacha fanacht sula maolaíonn siad suíomh gearr ina bpunann (chun an seans is fearr is féidir a bheith acu brabús a dhéanamh), leis an méid a leagtar amach in aithris 21 den chinneadh sin, eadhon go mbeadh ar chruthaitheoirí margaidh 'a bheith réidh le trádáil a dhéanamh le haon duine a raibh airgeadra ag teastáil uaidh tráth ar bith'. A mhéid is é cuspóir na dtrádálaithe brabús a dhéanamh agus teorainn a chur lena gcaillteanais, níl sé loighciúil do thrádálaithe gníomhú i gcoinne a leasanna tráchtála féin toisc, i bprionsabal, nach mór dóibh a bheith réidh chun trádáil a dhéanamh tráth ar bith. Dá bhrí sin, ní féidir a thuiscint gur ghlac trádálaithe suíomhanna ar bhonn orduithe ó chustaiméirí atá ag teacht isteach amháin, chun saintréithriú na malartuithe faisnéise a bhaineann le horduithe custaiméara a eisiamh mar 'shrian de réir cuspóra'.

246 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún a mheas gur rannchuidigh na malartuithe faisnéise ar orduithe custaiméara dá dtagraítear i mír 242 den bhreithiúnas seo le saintréithriú an iompair atá i gceist, ina iomláine, mar 'shrian de réir cuspóra'.

(iii) Na malartuithe faisnéise maidir le suíomhanna riosca oscailte

247 Maidir leis na malartuithe faisnéise a bhaineann le suíomhanna riosca oscailte, a bhfuil a léiriú leagtha amach ag an gCoimisiún in aithrisí 234 go 238 den chinneadh atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún údar, in aithrisí 394 go 404 den chinneadh sin, lena saintréithriú mar 'shrian de réir cuspóra' ar an bhforas gur chuir a gcomhroinnt ar chumas na dtrádálaithe cinnteacht níos fearr a bheith acu maidir leis na rúin tráchtála faoi seach a mhéid a bhaineann lena n-iompar fálaithe féideartha agus, dá bhrí sin, chuir sé deireadh leis an éiginnteacht maidir le forbairt fhéideartha rátaí malairte sonracha, rud a thug buntáiste do na trádálaithe rannpháirteacha thar rannpháirtithe eile sa mhargadh agus a chuidigh leo i mbainistiú saineolaithe ar a rioscaí ina bhfuil siad in iomaíocht.

248 I ndáil leis sin, in éagmais argóintí sonracha arna gcur chun cinn ag na hiarratasóirí i gcoinne na malartuithe faisnéise a bhaineann le suíomhanna riosca oscailte a aicmiú mar 'shrian de réir cuspóra', is leor a thabhairt faoi deara, mar atá sa chinneadh atá faoi chonspóid, nach mór a mheas gur féidir le malartú na faisnéise sin, trí airgeadra sonrach a shonrú agus an straitéis chun staonadh ón suíomh a dhúnadh nó fanacht roimh dheireadh a chur leis, deireadh a chur le héiginnteachtaí a bhaineann go dlúth le hoibriú an mhargaidh spot-trádála malairte eachtraí.

249 Dá bhrí sin, le malartuithe faisnéise den sórt sin, lena gcuirtear cosc, ar bhonn prionsabail, ar an gceanglas maidir le neamhspleáchas a bhaineann go dlúth le hAirteagal 101(1) CFAE, léirítear leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht chun go n-aicmeofaí iad mar 'shrian de réir cuspóra' de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 237 den bhreithiúnas seo.

250 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún a mheas gur rannchuidigh na malartuithe faisnéise a bhaineann le suíomhanna riosca oscailte le saintréithriú an iompair atá i gceist, ina iomláine, mar 'shrian de réir cuspóra'.

(iv) Malartuithe faisnéise a bhaineann le gníomhaíochtaí trádála reatha nó ionchasacha

251 Maidir leis na malartuithe faisnéise a bhaineann le gníomhaíochtaí trádála reatha nó ionchasacha, a bhfuil a léiriú ag an gCoimisiún leagtha amach in aithrisí 258 go 285 den chinneadh atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún údar, in aithrisí 394 go 404 den chinneadh sin, leis an aicmiú mar 'shrian de réir cuspóra' ar an bhforas gur chuir siad deireadh le héiginnteachtaí áirithe a bhaineann go dlúth le margadh spot-trádála malairte eachtraí agus gur mhéadaigh siad leibhéal trédhearcachta an mhargaidh sin trí fhorléargas a thabhairt do na rannpháirtithe sa seomra comhrá atá i gceist ar iompar reatha a n-iomaitheoirí, rud a d'fhág go raibh neamhshiméadracht faisnéise ann idir na trádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist agus na rannpháirtithe eile sa mhargadh. Dá bhrí sin, tacaíodh leis na trádálaithe a mhéid a bhaineann leis an measúnú ar a rioscaí a bhaineann le forbairt a straitéisí trádála féin agus go háirithe iad siúd a bhaineann le praghsanna.

252 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuireann comhroinnt faisnéise a bhaineann le mionsonraí na n-idirbheart arna ndéanamh ag na trádálaithe agus comhroinnt comhairle nó tuairimí maidir le conas trádáil amhail iad siúd atá i gceist ar chumas na dtrádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist, ar thaobh amháin, eolas sonrach a fháil chun gluaiseacht an mhargaidh a réamh-mheas ar bhealach níos fearr agus, ar an taobh eile, a straitéisí trádála a oiriúnú dá réir.

253 Tá malartuithe faisnéise den sórt sin contrártha go follasach leis an gceanglas maidir le neamhspleáchas, rud nach mór a bheith ina shaintréith d'iompar cruthaitheoirí margaidh ar an margadh atá i gceist, agus iad ag feidhmiú laistigh de chóras iomaíochta éifeachtaí. Cuireann na malartuithe sin deireadh le héiginnteachtaí ina n-intinn maidir le paraiméadair fhíor-riachtanacha na hiomaíochta ar an margadh sin, eadhon bainistiú praghsanna agus sainriosca. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé gur mhéadaigh na malartuithe sin trédhearcacht ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí chun tairbhe na dtrádálaithe atá rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist, chun aimhleasa rannpháirtithe eile sa mhargadh. Dá bhrí sin, léiríonn siad leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht chun go n-aicmeofaí iad mar 'shrian de réir cuspóra' de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 237 den bhreithiúnas seo.

254 Leanann sé ón méid thuas go léiríonn na malartuithe faisnéise a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, orduithe cliaint, suíomhanna riosca oscailte agus gníomhaíochtaí trádála reatha nó ionchasacha, arna n-anailísiú sa chinneadh atá faoi chonspóid, leibhéal leordhóthanach díobhála don iomaíocht. Dá bhrí sin, shainigh an Coimisiún mar is ceart iad mar 'shrian de réir cuspóra'.

255 Murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, ní bhaineann an fíoras nár roinn trádálaí Credit Suisse formhór mór na faisnéise a bhaineann lena chuid tairiscintí le díobhálacht iompar an bhainc sin. I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara nach bhfuil an measúnú ar an méid leordhóthanach díobhála don iomaíocht iompair bunaithe ar aon tairseach chainníochtúil dhlíthiúil d'fhaisnéis a chomhroinntear le hiomaitheoirí.

256 Sna himthosca sin, d'ainneoin earráid mheasúnaithe an Choimisiúin maidir le trédhearcacht an margadh spot-trádála malairte eachtraí, ní mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí atá ag iarraidh aicmiú na malartuithe faisnéise atá i gceist mar 'shrian de réir cuspóra' a bhréagnú.

257 Is léir ón méid sin roimhe seo nach mór diúltú don chéad ghearán.

(3) An tríú gearán, lena líomhnaítear go ndearna an Coimisiún earráid agus é ag brath ar aicmiú dlíthiúil na malartuithe faisnéise atá i gceist a cuireadh i láthair san fhianaise a cuireadh ar fáil chun na haighneachtaí trócaire agus socraíochta a fháil

258 In aithrisí 394 go 404 den chinneadh atá faoi chonspóid, arna léamh i gcomhar le haithrisí 170 go 285, mar thaca leis an gcinneadh go raibh srian ar iomaíocht 'de réir cuspóra', bhraith an Coimisiún ar fhianaise chomhaimseartha a chuir bainc eile a raibh baint acu leis an sárú atá i gceist ar fáil dó, eadhon roinnt tras-scríbhinní de mhalartuithe faisnéise a rinneadh sa seomra comhrá atá i gceist, ag brath, ar ócáidí áirithe, maidir lena mbrí, ar ráitis a rinne na bainc sin, go háirithe i gcomhthéacs na n-iarratas ar thrócaire.

259 Déanann na hiarratasóirí gearán gur bhraith an Coimisiún 'go neamhchriticiúil' ar na ráitis trócaire agus na haighneachtaí socraíochta. Maíonn na hiarratasóirí gur beag luach cruthúnais atá ag na ráitis sin agus go bhfuil siad de chineál sealadach agus gan bhunús, agus chuir siad in iúl gur chuir na páirtithe réitigh uile a n-amhras in iúl maidir le tuiscint an Choimisiúin ar an margadh lena mbaineann agus maidir le cuspóir an iompair atá i gceist. Tháinig na hiarratasóirí ar an gconclúid gur bhraith an Coimisiún ar na ráitis trócaire nuair a chomhthacaigh siad lena léiriú ar na fíorais.

260 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

261 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, cé, i gcomhthéacs na hargóinte seo, go luann na hiarratasóirí sleachta ó na hiarratais ar thrócaire agus ó na haighneachtaí socraíochta, mar a dhearbhaigh siad ag an éisteacht, nach gcuireann siad aon agóid shonrach ar aghaidh i gcoinne an fhíorais go raibh an Choimisiúin ag brath ar na haighneachtaí socraíochta.

262 É sin ráite, a mhéid a easaontaíonn na páirtithe maidir le luach cruthúnais na ráiteas trócaire agus a gcur san áireamh ag an gCoimisiún mar fhianaise atá in ann comhthacú le sárú líomhnaithe Credit Suisse, ba cheart a mheabhrú, de réir cásdlí socair, nach gcuireann aon fhoráil ná prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais toirmeasc ar an gCoimisiún brath, i gcoinne gnóthais, ar ráitis gnóthas eile ionchoirithe. Murab amhlaidh an cás, bheadh an t-ualach iompar a chruthú atá contrártha le hAirteagail 101 agus 102 CFAE, a iompraíonn an Coimisiún, neamh-inbhuanaithe agus neamh-chomhoiriúnach leis an gcúram chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cuí na bhforálacha sin a shanntar dó le Conradh FAE (féach breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2016, *Goldfish agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-54/14, EU:T:2016:455, mír 96 agus an cásdlí dá dtagraítear).

263 Go háirithe, i gcás ina n-admhaíonn duine go ndearna sé sárú agus, dá bhrí sin, go n-admhaíonn sé gurb ann d'fhíorais a théann níos faide ná na fíorais a bhféadfaí a thuiscint go díreach ón bhfianaise dhoiciméadach gurb ann dóibh, tugtar le tuiscint *a priori*, in éagmais imthosca speisialta a thugann a mhalairt le fios, go bhfuil rún ag an duine sin an fhírinne a insint. Dá bhrí sin, ní mór ráitis atá bunoscionn le leasanna an dearbhóra a mheas, i bprionsabal, mar fhianaise an-iontaofa, ach amháin mura bhfuil siad comhthacaithe le fianaise eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2016, *Goldfish agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-54/14, EU:T:2016:455, míreanna 98 go 100 agus an cásdlí dá dtagraítear).

264 Thairis sin, i gcás ina mbraitheann an Coimisiún, i gcomhthéacs sárú ar dhlí na hiomaíochta a shuí, ar fhianaise dhoiciméadach, is faoi na gnóthais lena mbaineann, ní hamháin rogha shochreidte eile ar argóint an Choimisiúin a chur ar aghaidh, ach neamhdhóthanacht na fianaise

ar a bhfuiltear ag brath sa chinneadh atá faoi chonspóid a ardú chun a shuíomh gurb ann don sárú (féach breithiúnas an 16 Meitheamh 2015, *FSL agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-655/11, EU:T:2015:383, mír 181 agus an cásdlí dá dtagraítear).

265 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ina n-argóintí, ar thaobh amháin, nach gcuireann na hiarratasóirí i gcoinne bharántúlacht na ráiteas a rinneadh i gcomhthéacs na n-iarratas ar thrócaire agus, ar an taobh eile, nach léiríonn siad go raibh imthosca speisialta ann a thugann le fios nár chinn na hiarratasóirí an fhírinne a chur in iúl de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 263 den bhreithiúnas seo.

266 Go sonrach, maidir leis na sleachta sna ráitis trócaire a mhaítear nár chuir an Coimisiún san áireamh i gcás ina raibh siad ag teacht salach ar a léiriú ar na fíorais, tagraíonn na hiarratasóirí do na doiciméid a chuir dhá bhanc eile a raibh baint acu leis an sárú atá i gceist ar fáil. Is léir ó na ráitis a rinne na bainc sin go raibh siad ag iarraidh, go bunúsach, rabhadh a thabhairt don Choimisiún faoi na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann ar fheidhmiú an margadh spot-trádála malairte eachtraí a bhaineann leis na malartuithe faisnéise a rinneadh sa seomra comhrá atá i gceist a shaintréithriú mar 'shrian de réir cuspóra', nó a mhaíomh go raibh na malartuithe sin 'dlisteanach', nó fiú 'ar son na hiomaíochta'.

267 Mar sin féin, is léir go bhfuil sé i gceist leis na héilimh thuasluaite, ar a bhfuil na hiarratasóirí ag brath, go bunúsach, 'údar a thabhairt' leis na malartuithe faisnéise atá i gceist ar bhonn a gcineáil a líomhnaítear a bheith 'dlisteanach' nó fiú 'ar son na hiomaíochta', rud a líomhnaítear nár chuir an Coimisiún san áireamh, ach níor tugadh aon fhianaise ar aird chun amhras a chaitheamh ar chumas intreach na malartuithe sin difear a dhéanamh don iomaíocht ar an margadh atá i gceist.

268 Os a choinne sin, is léir ó shleachta na ráiteas trócaire dá dtagraítear i mír 261 den bhreithiúnas seo agus ó chinn eile a luaitear sa chinneadh atá faoi chonspóid, nach bhfuil a gcruinneas fíorasach faoi dhíospóid ag na hiarratasóirí, gur admhaigh na hiarratasóirí ar thrócaire go bhféadfadh na malartuithe faisnéise a rinneadh sa seomra comhrá atá i gceist trédhearcacht an mhargaidh atá i gceist a mhéadú agus, mar thoradh air sin, buntáiste a thabhairt do na rannpháirtithe sa seomra comhrá sin chun dochair do rannpháirtithe eile sa mhargadh.

269 Sna himthosca sin, ní mór a mheas gur fianaise an-iontaofa iad na ráitis trócaire, mar is léir ón gcinneadh atá faoi chonspóid, a chomhthacaíonn leis an bhfianaise chomhaimseartha a chuir bainc eile ar fáil don Choimisiún, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 263 den bhreithiúnas seo, a raibh an Coimisiún i dteideal a chur san áireamh mar chomhthéacs fíorasach lena gcuirtear ar a chumas ábhar na malartuithe atá i gceist a scrúdú.

270 Ina theannta sin, mar is léir ón gcinneadh atá faoi chonspóid, d'úsáid an Coimisiún na ráitis trócaire atá i gceist chun a mheasúnuithe féin a dheimhniú bunaithe ar an bhfianaise dhoiciméadach atá ar fáil dó. Dá bhrí sin, ní féidir glacadh le hargóint na n-iarratasóirí nach ndearna an Coimisiún a mheasúnú féin ar na fíorais.

271 Ní féidir amhras a chaitheamh ar an gcinneadh sin le haon cheann de na hargóintí a chuir na hiarratasóirí chun cinn.

272 Ar an gcéad dul síos, is iad na dearbhuithe contrártha a rinneadh i bpléadálacha na n-iarratasóirí a léiríonn nádúr gan bhunús a n-argóintí. Maíonn na hiarratasóirí, ar dtús, go bhfuil luach ard cruthúnais ag na ráitis a rinneadh i gcomhthéacs na ráiteas trócaire agus, ina dhiaidh sin, go bhfuil luach cruthúnais íseal ag baint leis an bhfianaise a chuirtear ar fáil chun trócaire a fháil.

Nuair a ceistíodh na ráitis fhrithráiteacha sin ag an éisteacht, luaigh siad go raibh an cur chuige éagsúil sin ann toisc go mbaineann an chéad cheann leis an bprionsabal go bhfuil ardluach cruthúnais ag na ráitis a rinneadh i gcomhthéacs iarratais ar thrócaire, cé go mbaineann an dara ceann le luach íseal cruthúnais na ráiteas lena mbaineann sa chás seo. Mar sin féin, tagann an tuiscint sin ar argóint na n-iarratasóirí salach ar léamh ar a bpléadálacha i scríbhinn os comhair na Cúirte, ina dtagraítear, sa dá chás, do chásdlí ina leagtar béim ar luach ard cruthúnais na ndoiciméad sin.

273 Maidir le luach íseal cruthúnais líomhnaithe na ráiteas trócaire a eascraíonn as breithiúnas an 13 Iúil 2011, *Kone agus páirtithe eile* v *an Coimisiún* (T-151/07, EU:T:2011:365), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil argóint sin na n-iarratasóirí bunaithe ar mhíléamh ar an mbreithiúnas sin. Go deimhin, murab ionann agus an méid a mhaíonn siad, rialaigh an Chúirt sa bhreithiúnas sin maidir le 'breisluach suntasach' na ráiteas trócaire i ndáil leis an bhfianaise atá i seilbh an Choimisiúin cheana féin chun an fhíneáil a laghdú de bhun an Fhógra Trócaire, agus ní maidir le luach íseal cruthúnais na ráiteas trócaire i gcoitinne.

274 Ar an dara dul síos agus ar deireadh, cé go maíonn na hiarratasóirí gur cúis imní é an spleáchas atá ag an gCoimisiún ar ráitis na mbanc atá ag lorg trócaire mar gheall ar chastacht an mheasúnaithe is gá chun a mhéid is féidir faisnéis a mhalartú ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí a chinneadh, ní mór a chur in iúl nach gcuireann siad aon agóid dhlíthiúil shonrach chun cinn i ndáil leis sin.

275 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don tríú gearán.

(4) An ceathrú gearán, lena líomhnaítear nach bhféadfadh an Coimisiún brath ar a thaithí maidir le malartuithe faisnéise i gcomhthéacsanna margaidh eile nó i gcásanna airgeadais eile chun a dhualgas cruthúnais a laghdú

276 Ar an gcéad dul síos, cáineann na hiarratasóirí an Coimisiún as an dualgas cruthúnais a laghdú chun a shuí gur chuir na malartuithe faisnéise atá i gceist srian ar iomaíocht 'de réir cuspóra' trí bhrath ar a thaithí líomhnaithe maidir le faisnéis a mhalartú i gcomhthéacsanna margaidh eile nó i gcúrsaí airgeadais eile.

277 Ar an dara dul síos, áitíonn na hiarratasóirí gur aistrigh an Coimisiún an dualgas cruthúnais chucu chun a léiriú go raibh gá leis na malartuithe neamhdhleathacha líomhnaithe faisnéise in ionad scrúdú a dhéanamh, ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí, an raibh na malartuithe sin neamhdhleathach i ndáiríre agus an raibh siad i measc na srianta iomaíochta is díobhálaí.

278 Ar an tríú dul síos, áitíonn na hiarratasóirí nach féidir saintréithriú a dhéanamh mar 'shrian de réir cuspóra' ach amháin má léiríonn taithí agus teoiric eacnamaíoch go soiléir go bhfuil cineál iompair, de bharr a chineáil, ar cheann de na cineálacha iompair frithiomaíocha is díobhálaí. Mar sin féin, níl feidhm ag an bprionsabal eacnamaíoch ginearálta gur féidir a bheith ag súil leis go ndéanfaidh malartú faisnéise neamhphoiblí agus mionsonraithe díobháil ann féin agus suntasach don iomaíocht i bhformhór na margaí maidir leis an margadh spot-trádála malairte airgeadraí.

279 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

280 Ar an gcéad dul síos, maidir le maíomh na n-iarratasóirí gur laghdaíodh an dualgas cruthúnais a mhéid a bhí an Coimisiún ag brath ar a thaithí líomhnaithe maidir le malartuithe faisnéise i gcomhthéacsanna eile chun na malartuithe faisnéise atá i gceist a aicmiú mar 'shrian de réir

cuspóra', is leor a thabhairt faoi deara, mar is léir ó na breithnithe a leagtar amach i míreanna 235 go 254 den bhreithiúnas seo, gur chinn an Coimisiún, mar is ceart, gur dhócha go gcruthódh na malartuithe faisnéise sin neamhshiméadracht faisnéise idir na trádálaithe rannpháirteacha chun aimhleasa na dtrádálaithe eile ar an margadh agus, dá bhrí sin, gur léirigh siad méid leordhóthanach díobhála don iomaíocht, gan an chonclúid sin a bheith bunaithe ar a thaithí i margaí eile.

281 Ar an dara dul síos, sna himthosca sin, ní féidir leis na hiarratasóirí an Coimisiún a cháineadh as aistriú líomhnaithe an dualgais cruthúnais chun a léiriú go raibh gá leis na malartuithe faisnéise, ná ní féidir leo a mhaíomh gur bhunaigh an Coimisiún a chonclúid ar ábhar na malartuithe sin i ndáil lena gcineál 'níos mionsonraithe nó níos eolasaí'. Is léir ón gcinneadh atá faoi chonspóid go ndearna an Coimisiún na malartuithe faisnéise a aicmiú mar 'shrian de réir cuspóra' mar gheall ar a nádúr íogair ó thaobh na tráchtála de, rud a laghdaigh, nó a chuir deireadh fiú, leis an éiginnteacht ar an margadh agus, dá bhrí sin, a rinne difear do neamhspleáchas cinnteoireachta na dtrádálaithe ar an margadh lena mbaineann agus, dá bhrí sin, gur léirigh siad méid leordhóthanach dochair don iomaíocht.

282 Ar an tríú dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, ar thaobh amháin, nach luaitear ar bhealach ar bith sa litríocht eacnamaíoch dá dtagraíonn na hiarratasóirí mar thaca lena n-argóintí, a bhfuil achoimre uirthi i mír 278 den bhreithiúnas seo, d'fhéidearthacht de mhargadh spot-trádála malairte eachtraí chun comhthacú lena n-argóintí.

283 Ar an taobh eile, chinn an Chúirt le déanaí nach bhfuil an fíoras nár mheas an Coimisiún, roimhe seo, go raibh comhaontú cosúil leis an gcomhaontú atá i gceist, mar gheall ar a chuspóir féin, sriantach ar an iomaíocht de chineál a chuirfeadh cosc air é sin a dhéanamh amach anseo (breithiúnas an 25 Márta 2021, *Lundbeck* v *an Coimisiún*, C-591/16 P, EU:C:2021:243, mír 130).

284 Dá réir sin, ní féidir leis na hiarratasóirí brath go bailí ar an easpa comhdhearcaidh eacnamaíoch chun aicmiú na malartuithe faisnéise atá i gceist mar 'shrian de réir cuspóra' a dhíospóid. Dá bhrí sin, ní mór diúltú dá n-argóintí chuige sin.

285 Dá bhrí sin, ní mór diúltú don cheathrú gearán.

(5) Conclúidí maidir leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí

286 Leanann sé ón scrúdú ar na gearáin a cuireadh chun cinn sa chéad chuid den dara saincheist dlí, d'ainneoin earráid an Choimisiúin maidir le trédhearcacht an mhargaidh spot-trádála malairte eachtraí (féach mír 217 thuas), ní mór diúltú d'argóintí na n-iarratasóirí lena bhféachtar le haicmiú na malartuithe faisnéise atá i gceist a neamhbhailíochtú mar 'shrian de réir cuspóra' agus, dá bhrí sin, faoi réir an scrúdaithe thíos ar na hargóintí a mhaíonn go raibh éifeachtaí na malartuithe sin ar son na hiomaíochta, ní mór, mar sin, an chéad chuid den dara saincheist dlí a dhiúltú.

(c) An dara cuid den dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráidí a rinne an Coimisiún i gcomhthéacs na hanailíse ar chineál dlisteanach nó ar son na hiomaíochta na malartuithe faisnéise atá i gceist

287 In aithrisí 464 go 479 den chinneadh atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún faoi deara, ar dtús, go bhféadfaí aon éifeacht iompair atá ar son na hiomaíochta a chur san áireamh i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar Airteagal 101(3) CFAE, ach nár bhraith Credit Suisse ar infheidhmeacht an Airteagail sin sa chás seo. In aon chás, maidir le saintréithriú na malartuithe faisnéise atá i gceist mar shrianta coimhdeacha, níor shuigh Credit Suisse nach bhféadfadh an margadh spot-trádála malairte eachtraí feidhmiú gan iad, ná níor léirigh sé aon éifeacht ar son na hiomaíochta a bheadh ag na malartuithe sin. Ina dhiaidh sin, ar mhaithe le hiomláine, scrúdaigh an Coimisiún maímh Credit Suisse maidir le héifeachtaí ar son na hiomaíochta a bhaineann leis na malartuithe faisnéise atá i gceist.

288 I ndáil leis sin, mheabhraigh an Coimisiún nach bhfágann an fíoras go saothraítear cuspóir dlisteanach leis an iompar sin nach féidir a mheas go bhfuil cuspóir ag an iompar sin srian a chur leis an iomaíocht. Dá mba dhócha go ndéanfadh malartú faisnéise na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidhníos cúinge agus go bhfeabhsódh sé praghsanna, bheadh difríocht bhunúsach idir malartú den sórt sin i gciorcal teoranta trádálaithe i seomra comhrá, amhail sa chás seo, agus an fhaisnéis atá ar fáil do gach rannpháirtí sa mhargadh. Níl feidhm ag na héifeachtaí ar son na hiomaíochta a bhaineann leis na malartuithe faisnéise a líomhnaíonn na hiarratasóirí maidir le malartú faisnéise laistigh de chiorcal iata, ós rud é gur cruthaíodh neamhshiméadracht faisnéise le comhroinnt na faisnéise atá i gceist trí bhuntáiste iomaíoch a dheonú do na rannpháirtithe sa seomra comhrá atá i gceist amháin. Sna himthosca sin, d'fhéadfadh sé go gcinnfeadh trádálaithe gan praghsanna a ísliú, ach a mbrabús a mhéadú, ós rud é go bhfuil na bónais a fhaigheann siad nasctha leis an mbrabús a ghineann siad.

289 Ar an gcéad dul síos, cuireann na hiarratasóirí i gcoinne an mheasúnaithe sin trína áitiú gur chuir an Coimisiún creat dlíthiúil mícheart i bhfeidhm, toisc nár scrúdaigh sé a n-argóintí maidir le dlisteanacht agus éifeachtaí ar son na hiomaíochta a bhaineann leis na malartuithe faisnéise ar mhaithe le hiomláine amháin. Agus an méid sin á dhéanamh aige, mheas an Coimisiún nach raibh cineál na malartuithe sin ar son na hiomaíochta fíor-riachtanach chun anailís dhlíthiúil a dhéanamh ar na malartuithe faisnéise atá i gceist. Dar leis na hiarratasóirí, má shaothraíonn cleachtas comhbheartaithe cuspóir dlisteanach nó cuspóir atá ar son na hiomaíochta, ní féidir é a aicmiú mar shárú de réir cuspóra.

290 Ar an dara dul síos, maíonn siad go ndearna an Coimisiún earráid ina mheasúnú ar a n-argóintí agus ar a bhfianaise i bhfianaise chineál dlisteanach agus ar son na hiomaíochta na malartuithe faisnéise sa seomra comhrá atá i gceist.

291 Ar thaobh amháin, malartaíodh an fhaisnéis chun críoch faisnéise chun í a chur ar aghaidh chuig cliaint agus chun é a chur ar a gcumas do thrádálaithe measúnú tapa a dhéanamh ar an riosca a bhaineann leis an bhfardal agus, ar an gcaoi sin, na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh a thairgtear do chliaint a laghdú.

292 Ar an taobh eile, sháraigh an Coimisiún na rialacha lena rialaítear an dualgas cruthúnais, a mhéid, i gcás ina bhfuil gnéithe neamhthipiciúla i gceist leis an iompar, go bhfuil sé níos éasca d'iarratasóir éilimh an Choimisiúin a bhréagnú trí fhianaise ar mhíniú féideartha eile a sholáthar.

Ar bhonn níos ginearálta, áitíonn na hiarratasóirí nach ndéantar an t-iompar atá i gceist a athshlánú mar gheall ar a éifeachtaí ar son na hiomaíochta nó mar gheall ar a chineál ‘dlisteanach’, ach go bhfuil an t-aon chuspóir atá leis dlisteanach agus ar son na hiomaíochta.

293 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

294 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ag an éisteacht os comhair na Cúirte Ginearálta, gur ceistíodh na páirtithe faoi na hiarmhairtí atá le baint as breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company* (C-333/21, EU:C:2023:1011), maidir leis na héifeachtaí ar son na hiomaíochta arna líomhain ag na hiarratasóirí a chur san áireamh sa chás seo. I ndáil leis sin, d’áitigh na páirtithe, go bunúsach, nach mór éifeachtaí ar son na hiomaíochta a chur san áireamh agus malartuithe faisnéise á n-aicmiú de réir bhrí Airteagal 101(1) CFAE. Go sonrach, mheas na hiarratasóirí go ndeimhnítear leis an mbreithiúnas sin a seasamh nach mór éifeachtaí ar son na hiomaíochta a bhaineann leis na malartuithe faisnéise atá i gceist a chur san áireamh mar ghnéithe den chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina ndéantar na malartuithe sin. Mheas an Coimisiún go ndeimhnítear leis an mbreithiúnas céanna an anailís a rinneadh sa chinneadh atá faoi chonspóid.

295 Arís mar réamhphointe, nuair a ceistíodh iad ag an éisteacht maidir le hargóintí áirithe a bhaineann leis na héifeachtaí ‘dlisteanacha’ líomhnaithe a cuireadh chun cinn ina bpléadálacha os comhair na Cúirte Ginearálta, dheimhnigh na hiarratasóirí nach mór na héifeachtaí sin a thuiscint mar chuid den chomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil céanna agus go bhfuil siad, dá réir sin, ábhartha chun amhras a chaitheamh ar aicmiú na malartuithe faisnéise mar ‘shrian de réir cuspóra’.

296 Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú, d’fhonn a chinneadh, i gcás ar leith, an nochtar le comhaontú, le cinneadh ó chomhlachas gnóthas nó le cleachtas comhbheartaithe, mar gheall ar a chineál féin, méid leordhóthanach díobhála don iomaíocht go bhféadfaí a mheas go bhfuil sé mar chuspóir aige é a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh, gur gá scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar ábhar an chomhaontaithe, an chinnidh nó an chleachtais atá i gceist; ar an dara dul síos, an comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ar cuid de é; agus, ar an tríú dul síos, a chuspóirí (féach breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 165 agus an cásdlí dá dtagraítear).

297 I ndáil leis sin, is fiú a thabhairt faoi deara, ar dtús, maidir le comhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil an iompair atá i gceist, ní mór cineál na dtáirgí nó na seirbhísí lena mbaineann agus na fíorchoinníollacha atá ina saintréithe de struchtúr agus d’fheidhmiú na hearnála nó na margaí atá i gceist a chur san áireamh. Ar an taobh eile, ní gá ar chor ar bith scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí an iompair sin ar iomaíocht, bíodh siad iarbhír nó féideartha, agus diúltach nó dearfach (féach breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 166 agus an cásdlí dá dtagraítear).

298 Ina dhiaidh sin, maidir leis na cuspóirí a shaothraítear leis an iompar atá i gceist, ní mór cinneadh a dhéanamh maidir leis na cuspóirí oibiachtúla atá an t-iompar sin ag iarraidh a bhaint amach ó thaobh na hiomaíochta de. Os a choinne sin, níl an fíoras gur ghníomhaigh na gnóthais lena mbaineann gan rún suibiachtúil a bheith acu iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh agus an fíoras gur shaothraigh siad cuspóirí dlisteanacha áirithe cinntitheach chun críocha chur i bhfeidhm Airteagal 101(1) CFAE (féach breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 167 agus an cásdlí dá dtagraítear).

299 Ar deireadh, agus na gnéithe uile dá dtagraítear i míreanna 296 go 298 den bhreithiúnas seo á gcur san áireamh, ní mór, ar aon nós, na cúiseanna beachta a léiríonn an t-iompar lena mbaineann go ndearnadh díobháil leordhóthanach don iomaíocht a léiriú chun údar a thabhairt le cinneadh go bhfuil sé mar chuspóir aige iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh (féach breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *European Superleague Company*, C-333/21, EU:C:2023:1011, mír 168 agus an cásdlí dá dtagraítear).

300 Ba cheart a thabhairt faoi deara go leanann sé as an scrúdú ar an gcéad saincheist dlí agus as an gcéad chuid den dara saincheist dlí go ndearna an Coimisiún anailís ar ábhar na malartuithe faisnéise atá i gceist, ar an gcomhthéacs eacnamaíoch agus dlíthiúil ina ndearnadh iad agus ar na cuspóirí a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach agus gur mhínigh sé an fáth ar chinn sé, mar thoradh ar na tosca sin go léir a chur san áireamh, go raibh cuspóir frithiomaíoch ag na malartuithe sin, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 296 go 299 den bhreithiúnas seo.

301 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, mar is léir ón gcásdlí dá dtagraítear i míreanna 297 agus 298 den bhreithiúnas seo, contrártha leis an méid a mhaíonn na páirtithe, nach gá, ar thaobh amháin, na héifeachtaí ar son na hiomaíochta iontu féin a chur san áireamh, chun measúnú a dhéanamh ar cheart na malartuithe faisnéise atá i gceist a aicmiú mar shrian ar iomaíocht ‘de réir cuspóra’ faoi Airteagal 101(1) CFAE, lena n-áirítear i gcomhthéacs scrúdú féideartha ar mhéid díobhála a bheith ag teastáil le haghaidh aicmiú den sórt sin. Ar an taobh eile, níl cur san áireamh na gcuspóirí dlisteanacha líomhnaithe cinntitheach sa mheasúnú sin.

302 Dá bhrí sin, ní féidir leis na hiarratasóirí an Coimisiún a cháineadh go bailí as earráid dlí bunaithe ar ‘chreat dlíthiúil mícheart a chur i bhfeidhm’.

303 In aon chás, ba cheart a thabhairt faoi deara gur scrúdaigh an Coimisiún, in aithrisí 465 go 479 den chinneadh atá faoi chonspóid, argóintí Credit Suisse ina líomhnaítear go raibh na malartuithe faisnéise dlisteanach nó ar son na hiomaíochta. Is gá scrúdú a dhéanamh an féidir le hargóintí na n-iarratasóirí amhras a chaitheamh ar fhiúntas an mheasúnaithe sin.

304 Sa chéad áit, maidir leis an teoiric eacnamaíoch dá dtagraíonn na hiarratasóirí ina bpléadálacha i scríbhinn, nach luaitear inti ach go ‘bhféadfadh’ éifeachtaí iarmharta fabhracha a bheith ag an méadú ar éifeachtúlacht gnóthais, go bunúsach, ní mór a mheas nach féidir a mheas go bhfuil an nasc idir an chonclúid a eascraíonn as an teoiric eacnamaíoch sin agus na malartuithe faisnéise atá i gceist bunaithe, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá. Ina theannta sin, tá maíomh na n-iarratasóirí frithiomasach ó thaobh loighic tráchtála agus réasúntacht eacnamaíoch na gcruthaitheoirí margaidh, a mhéid, i gcás ina bhfuil faisnéis bhreise ag aicme theoranta iomaitheoirí atá ag gníomhú mar chruthaitheoirí margaidh i gcomparáid le rannpháirtithe eile sa mhargadh, gurb é an toradh a bhíonn ar an loighic a bhaineann lena mbrabús a uasmhéadú i bhfianaise na faisnéise sin go ndéantar tairiscintí praghsanna a ailíniú lena gcliaintí agus ní raonta difríochta níos ísle a thairiscint.

305 Murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, ní léiríonn aon chuid den fhianaise sa chomhad go raibh sé beartaithe ag na trádálaithe atá i gceist raonta difríochta níos ísle a thairiscint dá gcliaint i bhfianaise na faisnéise a malartaíodh. I ndáil leis sin, ar thaobh amháin, tagraíonn na hiarratasóirí do mhalartú faisnéise an 24 Meitheamh 2011 arna atáirgeadh in Iarscríbhinn A.12. Ós rud é gur tharla an malartú faisnéise sin roimh rannpháirtíocht Credit Suisse sa sárú atá i gceist, ní mór diúltú dó toisc nach mbaineann sé le hábhar.

306 Ar an taobh eile, maidir le sampla eile in Iarscríbhinn A.12, ba cheart a thabhairt faoi deara go dtagann an sampla sin ón 19 Meitheamh 2012, dáta a áirítear sa tréimhse lena mbaineann. Ar an gcéad dul síos, léiríonn sé go ndearnadh malartú idir 10:40:33 agus 10:41:38 ar lena linn a d'iarr trádálaí Credit Suisse ar thrádálaí RBS a bhí rannpháirteach sa seomra comhrá atá i gceist faoi leibhéal an raoin difríochta idir tairiscint agus iarraidh is infheidhme maidir le méid 50 milliún le haghaidh péire airgeadra EUR/GBP ('whats spread 50 x these days'). Mar fhreagra ar an gceist sin, léirigh trádálaí RBS an raon difríochta is infheidhme ('3'). Ghabh trádálaí Credit Suisse buíochas leis as an bhfaisnéis sin ('yeh thats what I thought'; 'ta mate').

307 Ar an dara dul síos, is léir ó mhalartú eile a atáirgtear in Iarscríbhinn A.12, a tharla idir 07:30:20 agus 07:30:47 an 19 Meitheamh 2012 i seomra comhrá eile, gur mhalartaigh beirt faisnéis a bhaineann le raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh is infheidhme maidir le péire airgeadra EUR/GBP ('50 EURGBP'; 'sure', '42 46', 'off', 'ref'). I ndáil leis sin, áitíonn na hiarratasóirí gur dócha gur spreag an malartú a tharla idir trádálaí Credit Suisse agus trádálaí RBS, dá dtagraítear i mír 306 den bhreithiúnas seo, raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh níos cúinge a thairiscint do chustaiméir Credit Suisse. Mar is léir ón bhfianaise sa chomhad, áfach, rinneadh an malartú idir trádálaí Credit Suisse agus trádálaí RBS tar éis an mhalartaithe sa seomra comhrá eile. Thairis sin, níl aon rud sa chomhad chun tacú le héilimh na n-iarratasóirí go bhfuil an malartú sin nasctha leis an malartú idir trádálaí Credit Suisse agus trádálaí RBS.

308 Mar sin féin, fiú má bhaineann an dá shampla sin de mhalartuithe faisnéise a leagtar amach in Iarscríbhinn A.12 le laghdú féideartha ar na raonta difríochta atá beartaithe ag na trádálaithe atá i gceist, ní féidir a thuiscint go réasúnta ó na samplaí sin go ndeachaigh na malartuithe faisnéise a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh idir na trádálaithe atá i gceist chun tairbhe go comhsheasmhach do chustaiméirí, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí éifeachtaí dlisteanacha a shuí atá ábhartha agus a bhaineann go sonrach leis an gcleachtas lena mbaineann agus atá suntasach go leor.

309 Os a choinne sin, admhaíonn na hiarratasóirí féin san iarratas go gcuireann an malartú faisnéise i seomraí comhrá (lasmuigh de chomhthéacs na n-idirbheart féideartha) ar chumas trádálaithe riosca trádála a bhainistiú agus praghsanna níos cruinne a shocrú laistigh de thréimhse ghearr ama agus, dá bhrí sin, an riosca a bhaineann lena ról mar chruthaitheoirí margaidh a laghdú.

310 Cé gur féidir le malartú faisnéise gnóthachain éifeachtúlachta a ghiniúint agus bainc a dhéanamh níos éifeachtúla, go háirithe trína chur ar a gcumas a gcleachtais faoi seach a chur i gcomparáid le chéile agus a suíomhanna ar an margadh a fheabhsú, ní gá a rá nach dtugann tionscnaimh den sórt sin údar le dul ar iontaoibh cleachtas frithiomaíoch, amhail malartú faisnéise atá rúnda agus straitéiseach ó thaobh dhlí na hiomaíochta de, amhail, sa chás seo, faisnéis a bhaineann le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, orduithe custaiméara, suíomhanna riosca agus gníomhaíochtaí trádála reatha nó beartaithe agus suíomhanna trádálaithe iomaíocha, ar faisnéis lena mbaineann í chun críocha praghsála agus sainbhainistíochta riosca, eadhon na paraiméadair ar ina bhfianaise a bhunaítear iomaíocht ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí.

311 Ar bhonn níos ginearálta, fiú dá rachadh na malartuithe faisnéise atá i gceist chun tairbhe do chustaiméirí maidir leis na praghsanna a tairgeadh dóibh, ní bheadh buntáiste den sórt sin ann féin de chineál a chuirfeadh in amhras an ndéanann na malartuithe sin díobháil leordhóthanach don iomaíocht. Ba cheart a mheabhrú go bhfuil Airteagal 101 CFAE, cosúil le rialacha iomaíochta eile an Chonartha, ceaptha ní hamháin chun leasanna láithreacha iomaitheoirí nó tomhaltóirí aonair a chosaint ach freisin chun struchtúr an mhargaidh agus an iomaíocht ann féin a chosaint (breithiúnas an 19 Márta 2015, *Dole Food agus Dole Fresh Fruit Europe* v *an Coimisiún*,

C-286/13 P, EU:C:2015:184, mír 125). Mar sin féin, níor thug na hiarratasóirí bunús ar bhealach ar bith lena maíomh go ndeachaigh na malartuithe faisnéise chun tairbhe an mhargaidh ar bhealach níos ginearálta.

312 Murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, ní féidir an t-ualach atá orthu a chruthú gur ceadmhach amhras réasúnach a bheith acu i dtaobh an ndearnadh díobháil leordhóthanach leis na malartuithe faisnéise atá i gceist a mhaolú i bhfianaise na ngnéithe 'neamhthipiciúla' a líomhnaítear a bheith ann de na malartuithe sin nó i bhfianaise luach cruthúnais na fianaise ar ar bhraith an Coimisiún sa chinneadh atá faoi chonspóid, ós rud é, thairis sin, nár tharraing na hiarratasóirí aird ar luach cruthúnais agus leordhóthanacht na fianaise sin.

313 Sa dara háit, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar thaca lena n-argóintí a leagtar amach i míreanna 290 go 292 thuas, go dtagraíonn na hiarratasóirí do na tuarascálacha ó shaineolaithe a chuirtear ar fáil in Iarscríbhinní A.5 agus A.11 a ghabhann leis an iarratas ('tuarascáil shaineolach 1' agus 'tuarascáil shaineolach 2' faoi seach).

314 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir an chásdlí, go ndéantar measúnú ar roinnt bealaí ar luach cruthúnais, go háirithe, na dtuarascálacha arna gcur isteach - ar iarraidh ó pháirtí chun tacú lena éilimh - ag tríú páirtí atá ag brath ar stádas an tsaineolaí. Ní mór don údar a áirithiú go leagann sé amach a cháilíochtaí agus a thaithí agus míneoidh sé an chaoi a bhfuil siad ábhartha chun tuairim a thabhairt ar an gceist atá á breithniú. Thairis sin, maidir lena hábhar, ní mór a shonrú sa tuairim na cúiseanna ar cheart í a chur san áireamh, maidir le hiontaofacht na modheolaíochta a úsáideadh nó ábharthacht an fhreagra a tugadh ar an gceist sin chun críocha an cháis seo (breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2022, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Android)*, T-604/18, faoi achomharc, EU:T:2022:541, mír 96).

315 Mar sin féin, ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, ní féidir le hábhar na dtuarascálacha ó shaineolaithe an dara ceanglas a leagtar amach i mír 314 thuas a chomhlíonadh agus, dá réir sin, tacú le hargóintí na n-iarratasóirí.

316 Ar an gcéad dul síos, leagtar amach sna torthaí, go háirithe, i dtuarascáil shaineolach 1, ar dá réir a théann an malartú faisnéise idir trádálaithe chun tairbhe go díreach do chustaiméirí, bunaithe ar pháipéir eolaíocha nach bhfuil de chineál a chomhthacaíonn le fírinneacht na gconclúidí sin. Ní bhaineann na sleachta ó na páipéir, a chuir na hiarratasóirí ar fáil le linn an nós imeachta riaracháin os comhair an Choimisiúin mar fhreagra ar a iarraidh ar shoiléiriú, agus os comhair na Cúirte Ginearálta freisin, le cás ina n-airbheartaítear go bhfuil éifeachtaí fabhracha ag malartuithe faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de, amhail iad siúd sa chás seo, ar raonta difríochta níos cúinge, agus níos lú fós ar laghdú na bpraghsanna a thairgtear do chustaiméirí. Tá feidhm ag an gconclúid chéanna maidir le foilseachán a luaigh na hiarratasóirí, chun tacú le tuarascáil shaineolach 1, ar foilseachán í, cé go mbunaítear an nasc idir raonta difríochta níos cúinge agus an fhéidearthacht do thrádálaí a shuíomh a dhúnadh ar chostas íseal, nach dtugtar le fios léi ar bhealach ar bith go bhfuil nasc idir malartú faisnéise atá íogair ó thaobh na tráchtála de agus praghsanna níos ísle a thairgtear do chustaiméirí, arb iad, go loighciúil, na praghsanna amháin ar dócha go rachaidh siad chun tairbhe do chustaiméirí.

317 Ar an dara dul síos, ní bhaineann an anailís a chuirtear i láthair i dtuarascálacha saineolacha 1 agus 2 leis an staid sa chás seo, is é sin le rá malartuithe faisnéise laistigh de chiorcal iata trádálaithe, ach ina ionad sin dírítear níos mó ar ráitis ghinearálta a bhaineann le malartuithe faisnéise idir trádálaithe ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí nó, thairis sin, ní bhaineann sí leis an bhfaisnéis rúnda agus straitéiseach a malartaíodh sa chás seo, ach tagraíonn sí d'fhaisnéis

466 Dá réir sin, ní mór seasamh leis an gcéad chuid den cheathrú saincheist dlí sa mhéid amháin nár bhain an Coimisiún úsáid as na figiúirí is fearr atá ar fáil, i ndáil le Credit Suisse, chun an fachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh a chinneadh.

467 Mar sin féin, measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí leanúint den scrúdú ar an gceathrú saincheist dlí san iarratas tríd an tríú cuid a phlé, ansin an dara, an ceathrú agus an cúigiú cuid.

(b) An tríú cuid den cheathrú saincheist dlí, lena n-éilítear rómheastachán ar an bhfíneáil a eascraíonn as tromchúis an tsáraithe

468 De réir na dTreoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, tá méid bunúsach na fíneála nasctha le cion de luach na ndíolachán a chinntear faoi threoir thromchúis an tsáraithe arna iolrú faoi líon na mblianta sáraithe (pointe 19). Ba cheart an measúnú ar thromchúis an tsáraithe a dhéanamh de réir an cháis maidir le gach cineál sárú, lena gcuirtear cúinsí uile an cháis san áireamh (pointe 20). Mar riail ghinearálta, socrófar an cion de luach na ndíolachán a chuirtear san áireamh ag leibhéal suas le 30 % (pointe 21). Chun cinneadh a dhéanamh maidir le leibhéal chion luach na ndíolachán atá le cur san áireamh i gcás ar leith, cuireann an Coimisiún roinnt tosca san áireamh, amhail cineál an tsáraithe, an sciar comhcheangailte den mhargadh atá ag na páirtithe uile lena mbaineann, raon feidhme geografach an tsáraithe agus cibé ar cuireadh an sárú chun feidhme nó nár cuireadh (pointe 22). Thairis sin, ós rud é nach mór pionós mór a ghearradh ar na srianta iomaíochta is díobhálaí, amhail comhaontuithe cothrománacha maidir le socrú praghsanna, is iondúil go socrófar cion na ndíolachán a chuirtear san áireamh i gcás sáruithe den sórt sin ag an gceann is airde den scála.

469 In aithrisí 634 go 637 den chinneadh atá faoi chonspóid, mheas an Coimisiún, ag féachaint do na rialacha dá dtagraítear i mír 468 den bhreithiúnas seo, go bunúsach, i bhfianaise chineál agus raon feidhme geografach an tsáraithe, gur ghá an fachtóir tromchúise a shocrú ag 16 %.

470 Maíonn na hiarratasóirí go ndearna an Coimisiún earráid maidir le fachtóir tromchúise an tsáraithe a shocrú ag 16 %. Ar an gcéad dul síos, níor chuir sé san áireamh sciartha diomaibhseacha margaidh na dtrádálaithe, nó níor mhínigh sé fiú an mhainneachtain na sciartha sin den mhargadh a chur san áireamh, cé go bhfuil siad ábhartha chun neart eacnamaíoch na mbanc rannpháirteach agus tromchúis an tsáraithe a chinneadh. Ar an dara dul síos, agus measúnú á dhéanamh ar fhachtóir tromchúise an tsáraithe, níor chuir sé san áireamh cuspóir dlisteanach agus ar son na hiomaíochta a bhí leis na malartuithe faisnéise. Ar an tríú dul síos, maíonn siad gur cheart go bhfágfadh na tosca a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thromchúis sáraithe, eadhon líon na gcásanna agus déine na hiompraíochta, gur cheart don Choimisiún fachtóir tromchúise níos ísle a chur i bhfeidhm.

471 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

472 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, maidir leis na tosca neamh-uileghabhálacha dá dtagraítear i bpointe 22 de na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, arna gcur san áireamh ag an gCoimisiún chun cion luach na ndíolachán nach mór a chur san áireamh i gcás ar leith a chinneadh, gur shuigh an Coimisiún i gceart gur cumhdaíodh LEE ina iomláine leis an sárú atá i gceist agus gur i bhfoirm comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe a bhí sé, go

bunúsach, na gnáth-éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth leis an margadh spot-trádála malairte eachtraí a laghdú nó a bhaint. Chuir an laghdú nó an baint sin ar chumas na mbanc a raibh baint acu leis an sárú tacú leo maidir lena gcinntí praghsála agus bainistithe riosca, cé gurb iad na cinntí sin na paraiméadair ar ina bhfianaise a bhí na bainc sin le dul san iomaíocht ar an margadh spot-trádála malairte eachtraí. Dá bhrí sin, tá an sárú atá i gceist i measc na srianta iomaíochta is díobhálaí. I gcomhréir le pointe 23 de na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, de ghnáth socrófar cion na ndíolachán a chuirtear san áireamh le haghaidh sáruithe den sórt sin ag an gceann is airde den scála.

473 Dá bhrí sin, ní féidir an Coimisiún a cháineadh as an bhfachtóir tromchúise a shocrú ag 16 %, is é sin le rá, ar leibhéal atá i measc na rátaí is ísle ar scála na bpionós a leagtar síos le haghaidh sáruithe den sórt sin faoi na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú.

474 Ní féidir an chonclúid sin a chur ó bhail mar gheall ar aon cheann de na hargóintí a chuir na hiarratasóirí chun cinn.

475 Sa chéad áit, ní raibh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún sciartha margaidh na dtrádálaithe a raibh baint acu leis an sárú aonair leanúnach a chur san áireamh agus fachtóir tromchúise á socrú aige. Go deimhin, níl gné den sórt sin ar cheann de na tosca a liostaítear i bpointe 23 de na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú. Ina theannta sin, cé gur fíor, chun tromchúis an tsáraithe a chinneadh, nach mór na tosca uile a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá mheasúnú, go háirithe méid na ngnóthas rannpháirteach, a chur san áireamh, mheabhraigh an Chúirt freisin nach bhfuil aon liosta ceangailteach nó uileghabhálach de na critéir nach mór a chur san áireamh chun tromchúis an tsáraithe a mheas (chuige sin, féach breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Infineon Technologies* v *an Coimisiún*, C-99/17 P, EU:C:2018:773, míreanna 196 go 198 agus an cásdlí dá dtagraítear).

476 Sa dara háit, níl líon agus déine an iompair fhrithiomaíoch i measc na dtosca a liostaítear i bpointe 23 de na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú. Cé gur fíor freisin, de réir an chásdlí, go mbíonn tosca den sórt sin ábhartha go ginearálta maidir le méid na bhfíneálacha a chinneadh (féach breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Infineon Technologies* v *an Coimisiún*, C-99/17 P, EU:C:2018:773, mír 197 agus an cásdlí dá dtagraítear), is faoin gCoimisiún fós atá sé tromchúis choibhneasta rannpháirtíocht gnóthais i sárú agus imthosca sonracha an cháis a chur san áireamh, nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar thromchúis an tsáraithe nó nuair a bheidh an méid bunúsach á choigeartú i bhfianaise imthosca maolaitheacha agus géaraitheacha (breithiúnas an 11 Iúil 2013, *Team Relocations agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-444/11 P, nár foilsíodh, EU:C:2013:464, mír 104).

477 Sna himthosca sin, ní mór a mheas go raibh údar maith leis an gCoimisiún chun iolraitheoir tromchúise a shocrú tríd an sárú ina iomláine a chur san áireamh agus go bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar thromchúis choibhneasta rannpháirtíocht Credit Suisse sa sárú sin, *inter alia*, i gcomhthéacs an mheasúnaithe ar imthosca maolaitheacha agus ní ag céim na gné tromchúise.

478 Sa tríú háit agus ar deireadh, maidir le mainneachtain líomhnaithe an Choimisiúin cuspóir dlisteanach agus ar son na hiomaíochta na malartuithe faisnéise a chur san áireamh, ní mór a mheabhrú, mar a rinneadh i gcomhthéacs an scrúdaithe ar an dara cuid den dara saincheist dlí, go raibh sé de cheart ag an gCoimisiún diúltú do na hargóintí sin. Dá réir sin, ní raibh aon chúis aige iad a mheas ag an gcéim a bhain leis an fachtóir tromchúise a shocrú.

479 Tugtar le tuiscint uaidh sin nach mór an tríú cuid den cheathrú saincheist dlí a dhiúltú toisc í a bheith gan bhunús.

(c) An dara cuid den cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráid a bhaineann le laghdú na fíneála a deonaíodh mar gheall ar imthosca maolaitheacha atá go díréireach íseal

480 In aithrisí 650 go 656 den chinneadh atá faoi chonspóid, mheas an Coimisiún, go bunúsach, i gcomhréir le pointe 29 de na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, ag féachaint d'imthosca sonracha an cháis, eadhon, ar thaobh amháin, easpa dliteanais Credit Suisse faoin mbuntuiscint, agus ar an taobh eile, cásanna de chomhordú ó am go chéile, gurbh iomchuí Credit Suisse laghdú 2 % a dheonú le haghaidh gach ceann den iompar sin agus, dá bhrí sin, laghdú 4 % ar an iomlán ar an bhfíneáil mar gheall ar imthosca maolaitheacha.

481 Maíonn na hiarratasóirí nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach sa laghdú a dheonaigh an Coimisiún as imthosca maolaitheacha nach raibh Credit Suisse faoi dhliteanas ach i leith ceann amháin de na trí chás iompair arb ionann é agus an sárú aonair leanúnach, go háirithe ós rud é go raibh an t-iompar sin ar an gceann is lú tromchúis de na trí chás. Dar leo, chun an fíoras sin a léiriú, bhí ar an gCoimisiún laghdú thart ar 75 % den fhíneáil nó, ar a laghad, dhá thrian, eadhon 66 %, a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, cáineann siad an Coimisiún toisc nár chuir sé san áireamh na himthosca maolaitheacha a bhaineann, le rannpháirtíocht líomhnaithe an-teoranta Credit Suisse agus, leis an bhfíoras gur staon sé ó bheith páirteach san iompar frithiomaíoch atá i gceist, trí fhaisnéis a fuarthas sa seomra comhrá atá i gceist a chur in iúl do chustaiméirí, d'oifigí díolacháin agus do thrádálaithe eile.

482 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

483 I ndáil leis sin, sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó mhír 335 den bhreithiúnas seo, go raibh cuspóir coiteann ag an iompar uile arb ionann é agus an sárú aonair agus leanúnach arb é atá ann, go bunúsach, na gnáth-éiginnteachtaí a bhaineann go dlúth sa mhargadh spot-trádála malairte eachtraí a mhaolú, gan aon difríocht líomhnaithe a shuí maidir lena thromchúisí atá siad. Dá bhrí sin, ní mór diúltú d'argóint ghinearálta agus neamh-mhionsonraithe na n-iarratasóirí, gurb ionann na malartuithe faisnéise agus an t-iompar 'is lú tromchúiseach' i measc na dtrí chineál iompair arb ionann iad agus an sárú sin, ar cheart é a chur san áireamh mar imthosca maolaitheacha.

484 Sa dara háit, ní féidir seasamh leis na hargóintí a chuireann na hiarratasóirí chun cinn chun a shuíomh gurb ann d'imthosca maolaitheacha seachas iad siúd a nglacann an Coimisiún leo sa chinneadh atá faoi chonspóid ach oiread.

485 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, a mhéid a bhí Credit Suisse faoi dhliteanas i leith an tsáraithe aonair leanúnaigh a mhéid a bhain leis na malartuithe faisnéise, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó níos mó ná 100 plé a ndearnadh anailís orthu sa chinneadh atá faoi chonspóid, go raibh iompar Credit Suisse an-chosúil do iompar na mbanc rannpháirteach eile le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, níor laghdaíodh a rannpháirtíocht sa sárú go substaintiúil, rud a d'fhéadfadh a bheith ina imthoisc mhaolaitheach de réir bhrí phointe 29 de na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú.

486 Ar an dara dul síos, maidir le hiompar iomaíoch líomhnaithe Credit Suisse, is leor a thabhairt faoi deara, a mhéid atá an argóint sin bunaithe, go bunúsach, ar na hargóintí ar diúltaíodh dóibh san anailís ar an dara agus ar an tríú saincheist dlí, nach raibh aon oibleagáid ar an gCoimisiún an méid sin a chur san áireamh mar imthoisc mhaolaitheach.

487 Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, is gá anailís a dhéanamh ar thionchar na hearráide a rinne an Coimisiún sa scrúdú ar an gcéad saincheist dlí san iarratas maidir le haicmiú chomhrá an 9 Bealtaine 2012 (féach aithris 276 den chinneadh atá faoi chonspóid) a mhéid a thagann an t-aicmiú sin faoi raon feidhme an mheasúnaithe ar thromchúis choibhneasta rannpháirtíocht Credit Suisse sa sárú atá i gceist, chun an sárú sin a mhaolú mar gheall ar imthosca maolaitheacha (féach míreanna 107 go 117 thuas).

488 I ndáil leis sin, ní mór a mheas, áfach, nach bhfuil aon tionchar ag an earráid aicmithe sin arna déanamh ag an gCoimisiún ar chomhréireacht mhéid na fíneála i bhfianaise imthosca sonracha an cháis seo. Ag féachaint do níos mó ná 100 plé a scrúdaíodh sa chinneadh atá faoi chonspóid, a bhfuil cuid díobh roimh phlé an 9 Bealtaine 2012 agus cuid díobh ina ndiaidh, nár bhris isteach ná nár chuir isteach ar iompar líomhainte Credit Suisse, ós rud é gur aimsíodh comhrá aonair go mícheart i gcoinne Credit Suisse, ní féidir tromchúis an tsáraithe a cuireadh ina leith a laghdú ach oiread i bhfianaise an lín mhóir léirithe agus thromchúis an iompair a chuirtear i leith an bhainc sin.

489 I bhfianaise na dtosca sin, ní mór an dara cuid den cheathrú saincheist dlí a dhiúltú.

(d) An ceathrú cuid den cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne

490 Maíonn na hiarratasóirí gur sháraigh an Coimisiún prionsabal na córa comhionainne toisc nár chuir sé san áireamh, ar thaobh amháin, go bhfuil Credit Suisse faoi dhliteanas as comhghné aonair den sárú aonair leanúnach, nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach leis an laghdú 4 % a chuir an Coimisiún i bhfeidhm, agus ar an taobh eile, rannpháirtíocht theoranta Credit Suisse sa sárú líomhnaithe, cé gur bhain na bainc eile a raibh baint acu leis na fíorais líomhnaithe tairbhe as laghdú le haghaidh forluí ama. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún dliteanas aonair Credit Suisse san áireamh. Ar deireadh, déanann na hiarratasóirí gearán nár fheidhmigh an Coimisiún a lánrogha i gceart agus na fíneálacha á socrú aige sa chás seo.

491 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

492 Mar réamhphointe, meabhraítear, de réir an chásdlí dá dtagraítear i mír 445 den bhreithiúnas seo, nach sáraítear prionsabal na córa comhionainne ach amháin i gcás ina gcaitear le cásanna inchomparáide ar bhealach difriúil nó ina gcaitear le cásanna éagsúla ar an mbealach céanna, ach amháin má tá údar oibiachtúil leis an gcóir sin.

493 Ba cheart a mheabhrú freisin chun na fíneálacha a fhorchuirtear ar ghnóthais a ghlac páirt i gcairtéal a ríomh, gur ghné dhílis d'fheidhmiú chumhachtaí an Choimisiúin é caitheamh go difreálach leis na gnóthais lena mbaineann. Agus a lánrogha á feidhmiú aige, ceanglaítear ar an gCoimisiún idirdhealú a dhéanamh idir an pionós ar bhonn aonair de réir iompar agus shaintréithe sonracha na ngnóthas sin, chun a áirithiú, i ngach cás aonair, go bhfuil rialacha dhlí iomaíochta an Aontais go hiomlán éifeachtach (féach breithiúnais an 5 Nollaig 2013, *Caffaro* v *an Coimisiún*, C-447/11 P, nár foilsíodh, EU:C:2013:797, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

494 I ndáil leis sin, maidir leis an éileamh ar chóir neamh-chomhionann mar gheall ar mhainneachtain líomhnaithe rannpháirtíocht theoranta Credit Suisse sa sárú a chur san áireamh, ba cheart a mheabhrú, murab ionann agus an méid a mhaíonn na hiarratasóirí, gur chuir an Coimisiún fad a rannpháirtíochta, sa chás seo an tréimhse is giorra de na rannpháirtithe uile sa sárú, san áireamh agus an fhíneáil á ríomh aige (aithrisí 643 go 645 den chinneadh atá faoi chonspóid). Ina theannta sin, chuir an Coimisiún san áireamh nach raibh Credit Suisse rannpháirteach ach in aon sárú aonair leanúnach amháin, a mhéid a bhain leis na malartuithe faisnéise dá dtagraítear sa chinneadh atá faoi chonspóid sa chás seo, murab ionann agus bainc eile a ghlac páirt i roinnt sáruithe i seomraí comhrá éagsúla. Dá bhrí sin, ní mór a mheas go bhfuil údar oibiachtúil leis an gcaoi a gcaitear le cásanna Credit Suisse agus bainc eile, de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 492 agus 493 thuas, mar gheall ar na difríochtaí maidir le fad agus líon na sáruithe a rinneadh i seomraí comhrá éagsúla.

495 Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, trína n-argóint ghinearálta agus neamh-mhionsonraithe maidir le sárú líomhnaithe ag an gCoimisiún ar phrionsabal na córa comhionainne a eascraíonn as diúltú laghdú 66 go 75 % de mhéid bunúsach na fíneála a dheonú do Credit Suisse, mar a deonaíodh do pháirtithe eile a ghlac páirt i sáruithe iomadúla ar an margadh sin chun forluí ama a chur san áireamh, go bhféachann na hiarratasóirí, go bunúsach, le brath ar imthoisc mhaolaitheach a eascraíonn as iompar na rannpháirtithe eile sa sárú.

496 De réir cásdlí socair, mar phrionsabal, ní féidir le rannpháirtí i sárú brath ar imthoisc mhaolaitheach bunaithe ar iompar na rannpháirtithe eile sa sárú sin (féach breithiúnas an 11 Iúil 2019, *Huhtamäki agus Huhtamaki Flexible Packaging Germany* v *an Coimisiún*, T-530/15, nár foilsíodh, EU:T:2019:498, mír 193 agus an cásdlí dá dtagraítear). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an fíoras go raibh na comhaltaí eile páirteach sa chairtéal níos luaithe, nó go raibh siad ag gabháil do thréimhsí éagsúla ama nó do roinnt sáruithe i seomraí comhrá éagsúla, a bheith ina imthoisc ghéaraitheach i ndáil leo, de réir mar a bheidh, ach ní imthoisc mhaolaitheach é i bhfabhar Credit Suisse (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Iúil 2019, *Huhtamäki agus Huhtamaki Flexible Packaging Germany* v *an Coimisiún*, T-530/15, nár foilsíodh, EU:T:2019:498, mír 194 agus an cásdlí dá dtagraítear).

497 In aon chás, ní mór a lua nár cuireadh an laghdú a deonaíodh do na rannpháirtithe eile sa chinneadh socraíochta i bhfeidhm maidir leis an méid bunúsach ar a bhfuil na hiarratasóirí ag brath ar laghdú ina leith, ach i gcomhthéacs ríomh an seachráta. Dá bhrí sin, níl an laghdú atá á lorg inchomparáide leis an laghdú arna fháil ag na rannpháirtithe eile sa sárú.

498 Ní mór, mar sin, an ceathrú cuid den cheathrú saincheist dlí a dhiúltú.

(e) An cúigiú cuid den cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear nach leor an ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid maidir le comhréireacht ríomh na fíneála a gearradh ar na hiarratasóirí i ndáil leis an méid a forchuireadh ar na rannpháirtithe eile sa sárú

499 Maíonn na hiarratasóirí gur theip ar an gCoimisiún cúiseanna leordhóthanacha a lua leis na tosca atá ábhartha do ríomh na bhfíneálacha arna bhforchur ar na páirtithe socraíochta. Áitíonn siad, dá bhrí sin, nach féidir leo measúnú a dhéanamh ar mhéid an tsáraithe ar cheart Credit Suisse chun córa comhionainne, mar atá measúnú na Cúirte Ginearálta ar chomhréireacht an laghdaithe a dheonaítear do Credit Suisse as a rannpháirtíocht theoranta.

500 Cuireann an Coimisiún i gcoinne argóintí na n-iarratasóirí.

501 I ndáil leis sin, tugtar faoi deara go bhfuil argóint na n-iarratasóirí maidir le neamhdhóthanacht líomhnaithe an ráitis ar chúiseanna maidir le comhréireacht mhéid na fíneála, mar a leagtar amach san iarratas, bunaithe, go bunúsach, ar an gcomparáid dhodhéanta idir laghdú Credit Suisse ar a fhíneáil agus an laghdú a deonaíodh do na páirtithe socraíochta eile, ar an bhforas nach raibh an cinneadh socraíochta ag na hiarratasóirí tráth a taisceadh an t-iarratas. Mar sin féin, a luaithe a cuireadh an cinneadh sin ar fáil le linn na n-imeachtaí ar feitheamh os comhair na Cúirte Ginearálta, níor chuir na hiarratasóirí aon argóint bhreise ar aghaidh maidir leis na cúiseanna neamhleora sin ag céim an fhreagra.

502 Nuair a ceistíodh iad ag an éisteacht, dheimhnigh na hiarratasóirí, go bunúsach, nár chloígh siad lena n-argóintí a cuireadh chun cinn a thuilleadh i gcomhthéacs an chúigiú cuid den cheathrú saincheist dlí maidir le neamhdhóthanacht an ráitis ar chúiseanna sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir leis na 'tosca atá ábhartha do ríomh na bhfíneálacha arna bhforchur ar na páirtithe socraíochta'. Mheas siad, áfach, go raibh an dara cuid dá n-argóint, a bhaineann le comhréireacht na fíneála, fós bailí chun críocha na caingne seo.

503 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach dtacaíonn na hargóintí sa chúigiú cuid den cheathrú saincheist dlí, mar a achoimrítear i míreanna 499 agus 501 den bhreithiúnas seo, le míniú na n-iarratasóirí, a cuireadh chun cinn ag an éisteacht, maidir le comhréireacht na fíneála. Ní dhéantar an t-éileamh a bhaineann le comhréireacht an laghdaithe ar an bhfíneáil, atá ginearálta agus neamh-mhionsonraithe, a ndírítear air in dhá abairt san iarratas, arb ionann an dara ceann agus iarmhairt a dhíorthaíonn na hiarratasóirí as neamh-infhaighteacht an chinnidh socraíochta, ar bhealach ar bith go neamhspleách ar mhainneachtain cúiseanna a lua. Dá bhrí sin, ós rud é go mbaineann an t-éileamh sin le hargóint a tréigeadh le linn na n-imeachtaí, ní gá é a scrúdú a thuilleadh.

504 In aon chás, ní féidir an laghdú ar an bhfíneáil a fhorchuirtear ar Credit Suisse, mar gheall ar imthosca maolaitheacha, mar thoradh ar na laghduithe a deonaíodh do rannpháirtithe eile sa sárú, a bheith ina fhachtóir iomchuí chun easpa comhréireachta féideartha na fíneála a chinneadh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Iúil 2006, *Hoek Loos* v *an Coimisiún*, T-304/02, EU:T:2006:184, mír 85). Is toradh iad na laghduithe sin, go háirithe, ar imthosca éagsúla a bhaineann le hiompar aonair Credit Suisse agus na rannpháirtithe eile sa sárú, a bhfuil údar lena gcur san áireamh i ríomh na fíneála leis an bprionsabal nach mór an pionós a bheith sonrach don chion. Mar is léir ó mhíreanna 492 go 498 den bhreithiúnas seo, ós rud é go raibh na bainc eile a raibh baint acu leis an sárú atá i gceist rannpháirteach freisin i sáruithe eile a tharla i seomraí comhrá eile agus, dá bhrí sin, i gcásanna atá éagsúil go hoibiachtúil le Credit Suisse, bhí sé de cheart ag an gCoimisiún laghdú difriúil a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

505 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go bhfuil bunús maith leis an gceathrú saincheist dlí maidir lena chéad chuid a bhaineann leis an bhfachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh. Mar sin féin, ní mór an saincheist dlí sin maidir leis an gcuid eile a dhiúltú.

2. Conclúid maidir le hAirteagal 2(a) den chinneadh atá faoi chonspóid

506 Leanann sé ón méid sin roimhe seo go gcuirtear Airteagal 2(a) den chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní mar thoradh ar earráid an Choimisiúin i ndáil leis na sonraí a úsáidtear chun an fachtóir coigeartaithe a chinneadh atá le cur i bhfeidhm chun an seachráta a ríomh.

C. An t-éileamh gur cheart an fhíneáil a laghdú

507 Lena dtríú cuntar éilimh, iarrann na hiarratasóirí ar an gCúirt Ghinearálta méid na fíneála a gearradh ar Credit Suisse a laghdú, beag beann ar éilimh na Cúirte Ginearálta maidir lena gcéad chuntar éilimh lena n-iarrtar an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní.

508 Agus an méid sin á dhéanamh, is gá rialú a thabhairt ar éileamh na n-iarratasóirí ar laghdú mhéid na fíneála, de bhun na dlínse neamhtheoranta a thugtar don Chúirt Ghinearálta le hAirteagal 261 CFAE agus le hAirteagal 31 de Rialachán Uimh. 1/2003.

509 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, cé, de réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, go dtugtar de chumhacht do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh leis an dlínse neamhtheoranta a thugtar do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh le hAirteagal 31 de Rialachán Uimh. 1/2003 i gcomhréir le hAirteagal 261 CFAE, a mbreith féin a chur in ionad bhreith an Choimisiúin, chomh maith le hathbhreithniú simplí a dhéanamh ar dhlíthiúlacht an phionóis, agus, dá bhrí sin, an fhíneáil nó an íocaíocht phionósach a forchuireadh a chealú, a laghdú nó a mhéadú, ní hionann feidhmiú na dlínse neamhtheoranta sin agus athbhreithniú ar dhlíthíocht na Cúirte féin, agus tá na himeachtaí *idir partes*. Is faoin iarratasóir atá sé, i bprionsabal, saincheisteanna dlí a ardú i gcoinne an chinnidh atá faoi chonspóid agus fianaise a thabhairt ar aird mar thaca leis na saincheisteanna sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 26 Meán Fómhair 2018, *Infineon Technologies* v *an Coimisiún*, C-99/17 P, EU:C:2018:773, míreanna 193 agus 194 agus an cásdlí dá dtagraítear).

510 Chun go bhfeidhmeoidh an Chúirt Ghinearálta a dlínse neamhtheoranta, is gá, de bhun Airteagal 23(3) de Rialachán Uimh. 1/2003, aird a thabhairt ar thromchúis agus ar fhad an tsáraithe atá i gceist, i gcomhréir le prionsabail, *inter alia*, na réasúnaíochta leordhóthanaí, na comhréireachta, nach mór an pionós a bheith sonrach agus na córa comhionainne, agus gan é a bheith faoi cheangal ag na rialacha táscacha arna sainiú ag an gCoimisiún ina Threoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, cé go bhféadfaidh na Treoirlínte sin treoir a thabhairt do Chúirteanna an Aontais Eorpaigh nuair a fheidhmíonn siad a ndlínse neamhtheoranta (féach breithiúnas an 21 Eanáir 2016, *Galp Energía España agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-603/13 P, EU:C:2016:38, mír 90 agus an cásdlí dá dtagraítear).

511 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, de bharr a cineáil, nach cleachtadh beacht uimhríochta é fíneáil a shocrú ag an gCúirt Ghinearálta. Thairis sin, agus í ag breithniú i bhfeidhmiú a dlínse neamhtheoranta, ní mór don Chúirt Ghinearálta a measúnú féin a dhéanamh, agus imthosca uile an cháis á gcur san áireamh (féach breithiúnas an 15 Iúil 2015, *Trafilerie Meridionali* v *an Coimisiún*, T-422/10, EU:T:2015:512, mír 398 agus an cásdlí dá dtagraítear).

512 I gcomhthéacs a hoibleagáide cúiseanna a lua, ní mór don Chúirt Ghinearálta na tosca a chuireann sí san áireamh agus méid na fíneála á shocrú aici a leagan amach go mion (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2016, *Trafilerie Meridionali* v *an Coimisiún*, C-519/15 P, EU:C:2016:682, mír 52).

513 Sa chás seo, chun méid na fíneála atá beartaithe a ghearradh mar phionós ar iompar neamhdhleathach Credit Suisse a chinneadh, mar is léir ón scrúdú ar na cúig shaincheist dlí a ardaíodh sa chaingean seo, is gá na himthosca seo a leanas a chur san áireamh.

514 Sa chéad áit, a mhéid a bhaineann le tromchúis agus fad an tsáraithe, ní mór na breithnithe seo a leanas a dhéanamh.

515 Is iomchuí úsáid a bhaint as modheolaíocht – amhail an mhodheolaíocht a lean an Coimisiún sa chás seo - lena sainaithnítear, ar dtús, méid bunúsach na fíneála, a d'fhéadfaí a choigeartú ina dhiaidh sin de réir imthosca sonracha an cháis.

516 Ar dtús, a mhéid a bhaineann le luach na ndíolachán mar shonraí tosaigh, ní mór méideanna barúlacha bliantúlaithe Credit Suisse a bhaineann le péirí airgeadraí a cheannach agus a dhíol le linn na tréimhse ábhartha a chur san áireamh, mar seachráta. Ina dhiaidh sin, is gá na méideanna barúlacha bliantúlaithe sin a choigeartú trí fhachtóir a chur i bhfeidhm arb é atá ann, ar thaobh amháin, suim leath an raoin difríochta idir tairiscint agus iarraidh ar ioncam ó ghníomhaíochtaí cruthaithe margaidh agus, ar an taobh eile, suim 10 % de raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh ar ioncam ó ghníomhaíochtaí ar a gcuntas féin.

517 Mar is léir ó mhíreanna 428 go 436 thuas, bhí an Coimisiún mícheart a mheas gurbh ionann na sonraí ó shampla de na malartuithe faisnéise a rinneadh sa seomra comhrá atá i gceist agus na 'figiúirí is fearr atá ar fáil' chun críocha an fachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh a ríomh, agus ar an gcaoi sin ríomh seachráta Credit Suisse a chur ó bhail, cé gur cuid é de ríomh bhunmhéid na fíneála agus, dá bhrí sin, de mhéid deiridh na fíneála a forchuireadh air. Dá bhrí sin, is gá an cinneadh atá faoi chonspóid a leasú chun sonraí BFIX Bloomberg a chur san áireamh, agus an seachráta á chinneadh (féach míreanna 437 go 448 thuas).

518 Ar thaobh amháin, maidir leis an bhfachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh, áitíonn na hiarratasóirí, ar bhonn na sonraí sin, gurbh ionann an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh agus, dá bhrí sin, gurbh ionann an fachtóir coigeartaithe sin, arb ionann é agus 50 % den raon difríochta sin, agus 0,73 bonnphointe. Ríomh na hiarratasóirí an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh bonnphointe 1,47 ar bhonn mheán ualaithe na raonta difríochta ó shonraí BFIX Bloomberg a bhaineann leis na péirí airgeadra G10 atá comhdhéanta d'airgeadra LEE amháin ar a laghad le haghaidh na tréimhse ábhartha, trí thagairt a dhéanamh do mhéideanna barúlacha Credit Suisse le haghaidh gach ceann de na péirí airgeadraí sin. Measann siad go bhfuil na péirí airgeadraí a mhalartaítear go minic níos leachtaí agus, dá bhrí sin, go bhfuil raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh níos ísle acu. Dá bhrí sin, trí mheán simplí a chur i bhfeidhm, déantar luach díolachán Credit Suisse a bhoilsciú go suntasach.

519 Ó thaobh an Choimisiúin de, bhí sé den tuairim, ina fhreagra ar bheart eagrúcháin nós imeachta arna chinneadh ag an gCúirt Ghinearálta, gur, ar bhonn shonraí BFIX Bloomberg, gurbh ionann an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh agus 2,3 bonnphointe agus, dá bhrí sin, gurbh ionann an fachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh agus 1,15 bhonnphointe. Ríomh an Coimisiún an raon difríochta idir tairiscint agus iarraidh ar bhonn mheán simplí na raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh ó shonraí BFIX Bloomberg a bhaineann leis na péirí airgeadra G10 atá comhdhéanta d'airgeadra LEE amháin ar a laghad le haghaidh na tréimhse ábhartha. Measann an Coimisiún gurb é an modh chun meán simplí a chur i bhfeidhm ar raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh an modh is cosúla leis an modheolaíocht a leantar sa chinneadh atá faoi chonspóid.

520 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur chuir an Coimisiún méideanna barúlacha Credit Suisse san áireamh cheana féin agus na méideanna barúlacha bliantúlaithe á ríomh. Mar a thug an Coimisiún faoi deara, go bunúsach, ina athfhreagra, cé go bhfuil na méideanna sin beartaithe chun gníomhaíocht Credit Suisse a léiriú, tá raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh, chun críocha an fachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh a ríomh, beartaithe, go háirithe, chun tábhacht eacnamaíoch an tsáraithe agus struchtúr iarbhír oibríochtaí na ngnóthas rannpháirteach a bhaineann leis na táirgí airgeadais lena mbaineann an sárú a léiriú. Ní bheadh

sé sin amhlaidh dá ndéanfaí na raonta difríochta sin a ualú de réir mhéideanna barúlacha Credit Suisse le haghaidh gach péire airgeadraí. Ina theannta sin, ós rud é nach mbaineann na raonta difríochta ó shonraí BFIX Bloomberg le hidirbhearta arna ndéanamh ag Credit Suisse amháin, is dócha go ndéanfaidh ualú na raonta difríochta sin i bhfianaise mhéideanna barúlacha Credit Suisse le haghaidh gach péire airgeadraí, os a choinne sin, luach dhíolacháin Credit Suisse a íoslaghdú go mór. Dá réir sin, ní mór a mheas nach bhfuil an modh ar a gcuntas a ríomh chomh hiomchuí leis an modh atá molta ag an gCoimisiún chun an fachtóir coigeartaithe cruthaithe margaidh a ríomh agus gur gá, dá bhrí sin, an fachtóir sin arna mholadh ag an gCoimisiún a úsáid, eadhon 115 bonnphointe.

521 Ar an taobh eile, maidir leis an bhfachtóir coigeartaithe maidir le trádáil ar a gcuntas féin, níor éirigh leis na hiarratasóirí amhras a chaitheamh ar mheasúnú an Choimisiúin gurb ionann é agus 0,1 bonnphointe (féach míreanna 449 go 458 thuas). Dá dheasca sin, is ionann an fachtóir coigeartaithe iomlán atá nasctha leis an seachráta, arna ríomh ar bhonn shonraí BFIX Bloomberg, agus 1,25 bhonnphointe (nó 0.0125 %).

522 Dá bhrí sin, ós rud é nár éirigh leis na hiarratasóirí amhras a chaitheamh ar luach EUR 1 060 802 752 528 de mhéideanna barúlacha bliantúla Credit Suisse a úsáidtear sa chinneadh atá faoi chonspóid (féach míreanna 407 go 416 thuas), tar éis luach na méideanna sin a iolrú faoi fhachtóir coigeartaithe 1,25 bonnphointe, is é EUR 132 600 344 an seachráta do luach na ndíolachán le haghaidh Credit Suisse, mar a ríomh an Coimisiún ina fhreagra ar bheart eagrúcháin nós imeachta arna chinneadh ag an gCúirt Ghinearálta.

523 Ina dhiaidh sin, measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí cineál an tsáraithe agus raon feidhme geografach an tsáraithe a chur san áireamh agus 16 % de luach na ndíolachán a úsáid chun a thromchúisí atá sé a léiriú, ar na cúiseanna a leagtar amach i míreanna 472 agus 473 den bhreithiúnas seo.

524 Ina theannta sin, is iomchuí a chur san áireamh fad rannpháirtíochta na n-iarratasóirí sa sárú mar a leagtar amach sa chinneadh atá faoi chonspóid, nár chuir na hiarratasóirí ina choinne agus nach ndéanann an chonclúid, a leagtar amach i mír 117 den bhreithiúnas seo, difear dó, maidir le plé an 9 Bealtaine 2012. Dá bhrí sin, ní mór 0.42 bhliain a chur san áireamh i ndáil le fad na rannpháirtíochta sa sárú.

525 Ar deireadh, mar a rinne an Coimisiún, is gá méid breise 16 % de luach na ndíolachán a chur leis chun a áirithiú gur gá fíneáil a ghearradh ar mhéid atá díspreagthach beag beann ar fhad an tsáraithe.

526 Sa dara háit, is iomchuí, amhail na breithnithe a leagtar amach sa chinneadh atá faoi chonspóid, laghdú 2 % a dhéanamh ar bhunmhéid na fíneála, mar gheall ar imthosca maolaitheacha, i gcás easpa dliteanais Credit Suisse i leith cásanna de chomhordú ó am go chéileagus laghdú 2 % ar a easpa dliteanais sa bhuntuiscint.

527 Sa tríú háit, cuirtear san áireamh go cuí le méid na fíneála arna chinneadh ag an gCúirt Ghinearálta an gá atá le fíneáil atá díspreagthach a ghearradh, mar is léir ó mhír 525 den bhreithiúnas seo.

528 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, measann an Chúirt Ghinearálta go ndéanfar measúnú cothrom ar imthosca an cháis i bhfianaise an phrionsabail nach mór an pionós a bheith sonrach don chion agus phrionsabal na comhréireachta trí mhéid na fíneála a shocrú ag

EUR 28 920 000, a bhfuil UBS Group, comharba dlí Credit Suisse Group, UBS, comharba dlí Credit Suisse, agus Credit Suisse Securities (Europe) faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach.

IV. Costais

529 Faoi Airteagal 134(3) de na Rialacha Nós Imeachta, i gcás ina n-éireoidh le gach páirtí i roinnt de na páirtithe agus ina dteipfidh orthu ar chinn eile, ordaítear do na páirtithe a gcostais féin a íoc.

530 Sa chás seo, d'éirigh leis na hiarratasóirí ina n-iarratas go gcuirfí an cinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé le hAirteagal 2(a) de, agus lena n-iarratas ar laghdú ar mhéid na fíneála, ach níor éirigh leo maidir lena n-iarratas go gcuirfí Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid ar neamhní. Sna himthosca sin, ní mór do na hiarratasóirí agus don Choimisiún a gcostais féin a íoc.

Ar na forais sin,

dearbhaíonn agus ordaíonn AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Seachtú Dlísheomra)

mar seo a leanas:

1. **Cuirtear Airteagal 2(a) de Chinneadh C(2021) 8612 final ón gCoimisiún an 2 Nollaig 2021 maidir le himeacht de bhun Airteagal 101 CFAE agus Airteagal 53 de Chomhaontú LEE (Cás AT.40135 – FOREX (Sterling Lads)) ar neamhní.**

2. **Socraítear méid na fíneála a bhfuil UBS Group AG, comharba dlí ar Credit Suisse Group AG, UBS AG, comharba dlí ar Credit Suisse AG, agus Credit Suisse Securities (Europe) Ltd, faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach ag EUR 28 920 000.**

3. **Díbhtear an chaingean den chuid eile.**

4. **Ordaítear do gach páirtí a gcostais féin a íoc.**

Kowalik-Bańczyk Buttigieg Ricziová

Arna tabhairt i gcúirt oscailte i Lucsamburg an 23 Iúil 2025.

Sínithe

Clár

I. Cúlra na díospóide . . . 2

A. An nós imeachta as ar eascair an cinneadh atá faoi chonspóid . . . 2

B. An cinneadh atá faoi chonspóid . . . 3

1. Táirgí atá i gceist agus an earnáil lena mbaineann . . . 3

2. An t-iompar a líomhnaítear i gcoinne Credit Suisse . . . 5

3. Fíneáil . . . 7

(a) Méid bunúsach na fíneála . . . 7

(b) Méid críochnaitheach na fíneála . . . 8

II. An t-ordú atá á lorg ag na páirtithe . . . 8

III. An dlí lena mbaineann . . . 8

A. Airteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid . . . 9

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101 CFAE agus mainneachtain cúiseanna leordhóthanacha a lua maidir le haicmiú malartuithe faisnéise ar líne mar chomhaontuithe agus/nó mar chleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha . . . 9

(a) Réamhbharúlacha . . . 9

(b) An chéad chuid den chéad saincheist dlí, lena n-éilítear gur theip ar an gCoimisiún a chruthú go raibh buntuiscint ann agus, dá bhrí sin, gur comhaontú agus/nó cleachtas comhbheartaithe frithiomaíoch atá sna malartuithe faisnéise ar líne . . . 10

(c) An dara cuid den chéad saincheist dlí, lena n-éilítear easpa fianaise lena suitear gur comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe neamhspleácha a bhí sna malartuithe faisnéise ar líne . . . 12

(1) An chéad ghearán, lena líomhnaítear míthuiscint ar fhianaise chomhaimseartha áirithe ag an gCoimisiún agus an dara gearán, lena líomhnaítear nach comhaontuithe agus/nó cleachtais chomhbheartaithe frithiomaíocha iad na malartuithe faisnéise ar líne . . . 13

(i) Inghlacthacht argóintí áirithe agus fianaise áirithe arna gcur chun cinn ag na hiarratasóirí . . . 13

(ii) Cineál frithiomaíoch an phlé ar chuir na hiarratasóirí ina choinne go sonrach . . . 15

– Pléití an 14 Meitheamh, an 5 Lúnasa agus an 4 Deireadh Fómhair 2011 agus an 7 Feabhra agus an 1 Meitheamh 2012 . . . 15

– Plé an 14 Bealtaine 2012 16

– Plé an 11 Aibreán 2012 17

– Plé an 13 Aibreán 2012 18

– Plé an 9 Bealtaine 2012 19

– Plé an 5 Meitheamh 2012 21

– Plé an 25 Aibreán 2012 22

– Plé an 10 Feabhra 2012 24

– Pléití an 25 Aibreán, an 19 Meitheamh, an 3 agus an 4 Iúil 2012 25

– Conclúidí maidir leis na pléití ar chuir na hiarratasóirí ina gcoinne go sonrach 28

(iii) Cineál frithiomaíoch na bpléití nár cuireadh ina gcoinne go sonrach . . . 28

(2) An tríú gearán, lena líomhnaítear go ndearna an Coimisiún earráid dlí nuair a chinn sé nach raibh míniú dlisteanach Credit Suisse ar na malartuithe faisnéise atá i gceist ábhartha 31

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101 CFAE agus mainneachtain cúiseanna neamhleora a lua maidir le haicmiú na malartuithe faisnéise ar líne mar ‘shrian de réir cuspóra’ 32

(a) Réamhbharúlacha 33

(b) An chéad chuid den dara saincheist dlí, lena n-éilítear nach bhfuil aon fhianaise ann go bhfuil srian de réir cuspóra ann 34

(1) An dara gearán, lena líomhnaítear earráidí a rinne an Coimisiún ina mheasúnú ar chomhthéacs an mhargaidh lena mbaineann 35

(i) Trédhearcacht an spot-trádáil malairte eachtraí 35

(ii) Struchtúr an mhargaidh lena mbaineann 37

(iii) Ról dúbailte na dtrádálaithe 38

(2) An chéad ghearán, lena líomhnaítear go bhfuil cinneadh an Choimisiúin go raibh sé mar chuspóir ag na malartuithe faisnéise atá i gceist iomaíocht a shrianadh bunaithe ar thoimhdí fíorasacha míchruinne agus neamhfhíoraithe 39

(i) Malartú faisnéise maidir le raonta difríochta idir tairiscint agus iarraidh. 40

(ii) Malartuithe faisnéise maidir le horduithe custaiméara 41

(iii) Na malartuithe faisnéise maidir le suíomhanna riosca oscailte 42

(iv) Malartuithe faisnéise a bhaineann le gníomhaíochtaí trádála reatha nó ionchasacha . . . 43

(3) An tríú gearán, lena líomhnaítear go ndearna an Coimisiún earráid agus é ag brath ar aicmiú dlíthiúil na malartuithe faisnéise atá i gceist a cuireadh i láthair san fhianaise a cuireadh ar fáil chun na haighneachtaí trócaire agus socraíochta a fháil . . . 44

(4) An ceathrú gearán, lena líomhnaítear nach bhféadfadh an Coimisiún brath ar a thaithí maidir le malartuithe faisnéise i gcomhthéacsanna margaidh eile nó i gcásanna airgeadais eile chun a dhualgas cruthúnais a laghdú . . . 46

(5) Conclúidí maidir leis an gcéad chuid den dara saincheist dlí . . . 47

(c) An dara cuid den dara saincheist dlí, lena n-éilítear earráidí a rinne an Coimisiún i gcomhthéacs na hanailíse ar chineál dlisteanach nó ar son na hiomaíochta na malartuithe faisnéise atá i gceist . . . 48

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar Airteagal 101 CFAE agus mainneachtain cúiseanna leordhóthanacha a lua maidir le cinneadh go ndearnadh sárú aonair agus leanúnach sa chinneadh atá faoi chonspóid . . . 53

(a) An chéad chuid den tríú saincheist dlí, lena n-éilítear fianaise neamhleor agus mainneachtain cúiseanna leordhóthanacha a lua le plean foriomlán a bheith ann lena saothraítear cuspóir coiteann a raibh sé beartaithe ag Credit Suisse rannchuidiú leis, a raibh sé ar an eolas faoi nó ar cheart dó a thuar . . . 55

(1) ‘Plean foriomlán’ a bheith ann lena saothraítear cuspóir coiteann . . . 55

(2) Eolas faoin gcuspóir comhchoiteann atá á shaothrú, agus rún rannchuidiú leis 57

(3) Scaradh ó na malartuithe faisnéise . . . 59

(b) An dara cuid den tríú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid dlí maidir le saintréithriú na buntuisceana mar ghné den sárú aonair leanúnach a d’fhéadfadh a bheith ina ábhar do leibhéil éagsúla rannpháirtíochta . . . 61

4. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin . . . 62

5. Conclúid maidir le hAirteagal 1 den chinneadh atá faoi chonspóid . . . 64

B. Airteagal 2(a) den chinneadh atá faoi chonspóid . . . 64

1. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear gur sháraigh an Coimisiún Airteagal 23 de Rialachán 1/2003, na Treoirlínte maidir leis an modh chun fíneálacha a shocrú, prionsabail na comhréireachta agus na córa comhionainne agus an dualgas cúiseanna a lua . . . 64

(a) An chéad chuid den cheathrú saincheist dlí, lena n-éilítear earráid i ríomh an seachráta . . . 66

(1) Méideanna barúlacha bliantúlaithe Credit Suisse . . . 67

(2) An fachtóir coigeartaithe aonfhoirmeach a úsáideadh sa chinneadh atá faoi chonspóid . . . 68

(i) An fachtóir coigeartaithe maidir le cruthú margaidh . . . 69

(ii) An fachtóir coigeartaithe maidir le trádáil ar a gcuntas féin . . . 74

(3) An mhodheolaíocht mhalartach atá molta ag na hiarratasóirí chun an seachráta a ríomh . . . 76

(b) An tríú cuid den cheathrú saincheist dlí, lena n-éilítear rómheastachán ar an bhfíneáil a eascraíonn as tromchúis an tsáraithe . . . 77

(c) An dara cuid den cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear earráid a bhaineann le laghdú na fíneála a deonaíodh mar gheall ar imthosca maolaitheacha atá go díréireach íseal . . . 79

(d) An ceathrú cuid den cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear sárú ar phrionsabal na córa comhionainne . . . 80

(e) An cúigiú cuid den cheathrú saincheist dlí lena n-éilítear nach leor an ráiteas ar na cúiseanna leis an gcinneadh atá faoi chonspóid maidir le comhréireacht ríomh na fíneála a gearradh ar na hiarratasóirí i ndáil leis an méid a forchuireadh ar na rannpháirtithe eile sa sárú . . . 81

2. Conclúid maidir le hAirteagal 2(a) den chinneadh atá faoi chonspóid . . . 82

C. An t-éileamh gur cheart an fhíneáil a laghdú . . . 83

IV. Costais . . . 86